
# PLEAN TEANGA DO GHAELTACHT CHIARRAÍ THEAS

# 2018-2024

# DRÉACHT




## Nollaig 2017

Údarás na Gaeltachta

# CLÁR


| | Lch |
|---|---|
| Focal ón gCathaoirleach | 6 |
| An Mhórfhís do LPT Chiarraí Theas 2018-2024: Aidhm an phlean teanga | 7 |
| Nodanna do na hacrainmneacha a úsáidtear | 8 |
| Mír a hAon: An Próiseas Pleanála Teanga | 9 |
| 1.1. Acht na Gaeltachta 2012 | 9 |
| Mír a Dó: An Cheanneagraíocht | 10 |
| 2.1A. Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh | 10 |
| 2.1B. Roghnú na Ceanneagraíochta | 12 |
| Mír a Trí: Léargas ar an Limistéir Pleanála Teanga | 14 |
| 3.1. Réamhrá | 14 |
| 3.2. Gaeltacht Chiarraí Theas | 14 |
| 3.3. Na Príomhbhailte agus sráid bhailte ina bhfuil an pobal lonnaithe | 16 |
| 3.3.1. Dún Géagáin-Baile 'n Sceilg | 16 |
| 3.3.2. An Gleann | 17 |
| 3.3.3. An Dromod/Cillín Liath | 18 |
| 3.3.4. An Coireán | 18 |
| 3.3.5. An Lóthar | 19 |
| 3.3.6. Cathair Dónall | 19 |

3.3.7. Cumann Bhríde/An Gleann Mór 19

3.4. Caitheamh Aimsire sa Limistéar Pleanála Teanga 20

3.5. Fostaíocht i gCiarraí Theas 20

3.6. Oideachas, Seirbhísí agus Gnó 21

3.6.1. An córas oideachais 21

3.6.2. Deiseanna foghlama Gaeilge/cúrsaí eile lasmuigh den chóras oideachais 22

3.6.3. Eagraíochtaí pobail agus comharchumainn 22

3.6.4. Na meáin chumarsáide 22

3.7. Daonra an LPT 23

3.8. An Ghaeilge sa LPT 25

3.9. Conclúid agus Impleachtaí don Phlean Teanga 28

Mír a Ceathair: Léargas ar Ullmhú an Phlean Teanga 31

4.1. Réamhrá 31

4.2. Cruinnithe poiblí agus grúpaí fócais: An Taighde Cáilíochtúil 31

4.3. Mar a tugadh faoin taighde cainníochtúil (na suirbhéanna éagsúla) 33

4.4. Taighde a deineadh le linn 2016 34

4.4.1 Uasdátú an tsuirbhé pobail: *Próifíl Dheimeagrafach agus Socheacnamaíochta 2016* 34

4.4.2 Suirbhé ar dhaoine óga 34

4.4.3 Suirbhé pobail maidir le haifrinn 34

4.4.4 Seimineár ar an bPlean Teanga ag Éigse na Brídeoige Feabhra 2017 34

4.5. Mar a cuireadh an pobal ar an eolas faoin bplean: Trí ghréasasód agus seimineár poiblí 35

Mír a Cúig: Torthaí an Taighde 37

5.1. Réamhrá 37

5.2. Torthaí an tsuirbhé pobail 37

5.3. Torthaí uasdátú an tsuirbhé 2016: *An Próifíl Dheimeagrafach agus Shocheacnamaíochta* 39

5.4. Torthaí na suirbhéanna ar dhaltaí na mbunscoileanna Gaeltachta 40

5.5. Torthaí an tsuirbhé pobail maidir le seirbhísí eaglaise 41

5.6. Aiseolas le linn seimineáir ag Éigse na Brídeoige, Feabhra 2017 42

5.7. Na mórthátail agus impleachtaí don phleanáil teanga 43

Mír a Sé: Bearta an Phlean Teanga 46

6.1. Réamhrá 46

6.2. Forfheidhmiú an Phlean: Meitheal PT Ghaeltacht Chiarraí Theas le bunú ag an gCeanneagraíocht 47

6.3. Na bearta 49

Mír a Seacht: Costais agus Maoiniú 106

Mír a hOcht: Feasacht Teanga agus Poiblíocht 110

8.1. Réamhrá 110

8.2. Tús fheachtas na feasachta 110

8.3. Pleanáil ar leithligh i gcomhair na feasachta 112

8.3.1. *South Kerry Advertiser* 112

8.3.2. Suíomh idirlín Chomhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh agus leathanach *Facebook* 113

8.3.3. Trí ghréasasód/fhíseán ar an bPlean Teanga 116

8.3.4. Éigse na Brídeoige 2017 119

8.4. Forfheidhmiú an phlean agus cothú leanúnach na feasachta teanga 120

Mír a Naoi: Feidhmiú agus Monatóireacht 121

9.1. Ról na Ceanneagraíochta 121

9.2. Meitheal Pleanála Teanga Chiarraí Theas 121

9.3. Stocaireacht agus forbairt na feasachta 121

9.4. Monatóireacht 122

Foinsí Tánaisteacha 123

Aguisíní 124

# FOCAL ÓN gCATHAOIRLEACH

Ba mhaith liom mar Chathaoirleach Chomhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh buíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach in ullmhú an Phlean Teanga seo do Ghaeltacht Chiarraí Theas.

Is mór againn an deis seo a thapú chun pleanáil chórasach leanúnach a dhéanamh chun an Ghaeilge a athneartú sa dúiche ina bhfuil saibhreas doimhin cúltúir, béaloideasa agus teanga inti, atá aitheanta, ní hamháin sa tír seo, ach ar fud an domhain chomh maith.

Is túsphointe thábhachtach é an plean seo chun an teanga a thabhairt slán. Tá dúshlán mór i gceist chun an teanga a láidriú agus a chur á labhairt ar bhonn níos forleithne ná mar atá faoi láthair, ach is dúshlán é a fháiltíonn an Chomhchoiste agus na coistí agus na heagrais phobail go mór roimhe.

De réir daonáireamh 2016 tá 1,753 duine os cionn 3 bliain d'aois i Limistéar Pleanála Teanga Ciarraí Theas. Deir 1,099 duine go bhfuil cumas Gaeilge acu (62.6% den daonra). As an bhfigiúir sin, labhraíonn 121 duine Gaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais. Labhraíonn 245 duine Gaeilge go laethúil laistigh den chóras oideachais amháin, agus deir 132 duine go labhraíonn siad Gaeilge go seachtainiúil. Tá sé mar mhór fhís againn sa Phlean Teanga líon na gcainteoirí laethúla lasmuigh den chóras oideachais a mhéadú ó 121 go dtí 200 faoin mbliain 2021. Déanfar athbhreithniú ar an bhfís sin tar éis daonáireamh 2021.

Tá sé mar sprioc againn muinín a thabhairt do dhaoine chun go mbeidís ar a gcompord ar bhonn laethúil ag labhairt na Gaelinne.

Tá sé mar aidhm againn leis sa phlean teanga seo, na h-áiteanna nó na "réimsí" ina mbaintear úsáid as an nGaeilge a mhéadú, ionas go mbeidh na cainteoirí sin in ann úsáid a bhaint as an nGaeilge le linn dóibh na gnáth rudaí a bhíonn ar siúl acu go laethúil a dhéanamh – ag siopadóireacht, i mbun gnó, ag sóisialú, ag foghlaim agus rl.

Gabhaim mórbhuíochas leis an bpobal, leis na coistí áitiúla agus le hÚdarás na Gaeltachta a thug tacaíocht leanúnach don phróiseas pleanála teanga seo.

Mise le meas,

Mícheál Ó Braonáin

Cathaoirleach

**AN MHÓRFHÍS DO LIMISTEIR PLEANALA TEANGA (LPT) CHIARRAÍ THEAS 2018-2024:**

Tá sé mar sprioc ag Plean Teanga LPT Ciarraí Theas líon na gcainteoirí laethúla lasmuigh den chóras oideachais a mhéadú ó 121 i 2016 go dtí 200 i 2021. Déanfar athbhreithniú ar an sprioc seo nuair a fhoilseofar torthaí daonáireamh 2021.

Le linn tréimhse feidhmithe an phlean déanfar monatóireacht rialta intomhaiste ar shonraí eile a thabharfaidh le fios dúinn go mbeidh nó nach mbeidh spriocanna eile atá luaite sa phlean á bhaint amach:

- Líon na leanaí le Gaeilge ón mbaile a thosóidh sa naíonra.
- Líon na leanaí le Gaeilge ón mbaile a thosóidh ins na bunscoileanna Gaeltachta.
- Líon na ndaoine a ghlacann páirt ghníomhach in imeachtaí agus ócáidí a reachtáltar le linn na tréimhse – ranganna, cúrsaí, srl.
- Méadú a chur ar líon na dteaghlach a ghlacann páirt i Scéim na gCuairteoirí Baile.
- Líon na mbearta a chuirtear i gcríoch.

**An Coireán agus Cathair Dónall**

Cé go bhfuil cuid mhór den Choireán agus de Chathair Dónall **suite lasmuigh den Limistéar Pleanála Teanga**, aontaíodh in ullmhú an phlean seo go mbeadh ról lárnach ag an dá cheantar seo sa phróiseas pleanála teanga agus i bhfeidhmiú an phlean teanga. Tá pobal an LPT ag braith go mór ar na seirbhísí agus na h-áiseanna atá ar fáil sa Choireán gach lá den tseachtain agus má tá méadú le teacht ar líon na gcainteoirí laethúla, tá sé criticiúil go mbeadh siad in ann úsáid a bhaint as an Ghaeilge mar ghnáth theanga labhartha sa Choireán, le h-imeacht aimsire.

Tá sé mar sprioc sa phlean, pobal agus lucht gnó an Choireáin a spreagadh le bheith páirteach linn.

## NODANNA DO NA hACRAINMNEACHA A ÚSÁIDTEAR

| | |
|---|---|
| **ALG:** | Aonad Lán-Ghaeilge |
| **BOOCH:** | Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí |
| **BPT:** | Buiséad Pleanála Teanga |
| **CCCH:** | Comhairle Contae Chiarraí |
| **CE:** | An Cheanneagraíocht |
| **CLG:** | Cumann Lúthchleas Gael |
| **CNNG:** | Comhar Naíonraí na Gaeltachta |
| **CTR:** | Comhlacht Faoi Theorainn Ráthaíochta |
| **KDYS:** | Kerry Diocesan Youth Service |
| **LPT:** | Limistéar Pleanála Teanga |
| **MPT:** | Meitheal Pleanála Teanga |
| **OPT:** | Oifigeach Pleanala Teanga |
| **OOG:** | Oifigeach Oideachas Gaeilge |
| **PT:** | Plean Teanga |
| **SCT:** | Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht |
| **SFP:** | Scéim Fostaíochta Pobail |
| **SKDP:** | South Kerry Development Partnership |
| **SLG:** | Scéim Labhairt na Gaeilge |
| **SST:** | Scéim Sóisialta Tuaithe |
| **ROS:** | Roinn Oideachais agus Scileanna |

# MÍR 1: AN PRÓISEAS PLEANÁLA TEANGA

## 1.1. Acht na Gaeltachta 2012

Tá an Plean Teanga seo do Ghaeltacht Chiarraí Theas á chur le chéile chun an dualgas atá sonraithe in Acht na Gaeltachta 2012 do na Limistéir Pleanála Teanga a chomhlíonadh. Achtaíodh Acht na Gaeltachta sa bhliain 2012 chun gnéithe den Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a chur i bhfeidhm. Is é an t-Acht seo a thugann bonn reachtúil don Phlean Teanga agus do phróiseas na pleanála teanga sa Ghaeltacht. San Acht, tugtar aitheantas do 26 Limistéar Pleanála Teanga (LPT) ar leith chun bunús a chur faoi phróiseas na pleanála. Faoin Acht, déanfar athshainiú ar theorainneacha na Gaeltachta don chéad uair ó 1956. Beidh stádas Ghaeltachta amach anseo á bhunú ar chritéir theangeolaíochta seachas ar chritéir tíreolaíochta.

I Mí na Nollag 2010 foilsíodh an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030.* Is í an aidhm atá leis an straitéis seo ná úsáid agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú mar theanga phobail in Éirinn ar bhonn céimiúil. Bhí sé ina dhlúthchuid de chomh maith go ndéanfaí cúram agus soláthar ar leith den teanga sa Ghaeltacht go háirithe i bhfianaise an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (OÉ Gaillimh & OÉ Má Nuad, 2007) (SCT) agus tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta (2002). Léirigh na tuarascáil go raibh géarchéim sa Ghaeltacht maidir le hinmharthanacht na Gaeilge mar theanga phobail agus theaghlaigh. Léiríonn an tuarascáil sin go gcaithfear tacaíocht theangeolaíoch a sholáthar don Ghaeltacht mar phobal labhartha Gaeilge a thabharfadh aitheantas do shainriachtanais na gceantar sin ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga phobail agus theaghlaigh iontu.

Leiríonn an SCT go mbaineann LPT Chiarraí Theas le Catagóir C. Cuimsíonn limistéir Ghaeltachta Chatagóir C na ceantair a bhfuil faoi bhun 44% dá ndaonra iomlán (3bl+) ina gcainteoirí laethúla Gaelainne.

De réir Acht na Gaeltachta 2012 tá Ceanneagraíocht le roghnú ins gach LPT i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta. Beidh Plean Teanga áitiúil a mhairfidh 7 mbliana le n-ullmhú ag gach Ceanneagraíocht. Díreoidh an plean teanga seo ar mhéadú ar úsáid na Gaeilge i ngach réimse de shaol an phobail – sa theaghlach, go sóisialta, san oideachas agus i mbun gnó. Beidh tréimhse dhá bhliain ag an gCeanneagraíocht chun an Plean a ullmhú agus cuirfear an Plean faoi bhráid Aire na Gaeltachta le faomhadh, agus le maoiniú a chur ar fáil chun é a fheidhmiú.

Roghnaíodh **Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh** mar Cheanneagraíocht na pleanála teanga i nGaeltacht Chiarraí Theas i ndeireadh na bliana 2014, tar éis próiseas comhairliúcháin leis an bpobal agus tacaíocht i scríbhinn ó pháirtithe leasmhara agus grúpaí pobail.

# MÍR 2: AN CHEANNEAGRAÍOCHT

### 2.1 A. Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh

Bunaíodh **Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh** in Aibreán 1998 mar scáthghrúpa a fheidhmíonn ar son grúpaí pobal Uíbh Ráthaigh, agus cláraíodh é mar chomhlacht faoi theorainn ráthaíochta i 2002. Ba í an buntuiscint a bhí laistiar de bhunú an Chomchoiste ná go dtiochfadh na ceantair agus na pobail Ghaeltachta le chéile agus go bhfeidhmeoidís mar aonad nádúrtha aontaithe.

Tá stiúrthóirí / iontaobhaithe ar an gcoiste ó na ceantracha Gaeltachta éagsúla i dtrí pharóiste in Uíbh Ráthach, i. Baile an Sceilg agus an Gleann (Paróiste na Priarachta), An Lóthar agus an Gleann Mór (Paróiste Chill Chrocháin), An Dromod agus An Coireán (Paróiste na Dromoda).

Agus an Comhchoiste ar an bhfód le breis is ocht mbliana déag anois, tá athruithe móra tagaithe ar an eagraíocht féin agus ar an bpobal ar a bhfuil sé ag freastal, ón uair a bunaíodh é. Tá leathnú suntasach tagaithe ar an gclár oibre atá idir lámha ag an gComhchoiste agus is féidir an réimse feidhme sin a rangú anois mar seo a leanas:

1. Cur chun cinn na Gaeilge

2. Forbairt pobal

3. Soláthar seirbhísí riachtanacha sa phobal

I measc na gcúramaí atá idir lámha ag an gComhchoiste faoi láthair tá:

- Ranganna Gaeilge do dhaoine fásta agus do scoláirí;
- Tacaíochtaí Gaeilge do leanaí agus do theaghlaigh;
- Cúrsaí Gaeilge do chuairteoirí fé scáth www.irishlanguageholidays.com;
- Eagrú imeachtaí cultúrtha agus teanga;
- Cúrsaí oiliúna agus oideachais do fhoghlaimeoirí fásta;
- Taighde a dhéanamh ar ábhar a bhaineann le forbairt na dúiche;
- Córas iompair atá so-aimsithe do dhaoine le míchumas;
- Tacú le coistí cúram pobail áitiúil chun beiltí, seirbhísí níolainne a chur ar fáil;
- Seirbhís cúraim faoisimh agus cuairteanna baile a chur ar fáil;
- Oifig eolais turasóireachta a rith;
- Riaradh a dhéanamh ar scéim fhiontair shóisialta – Clár Seirbhísí Pobail;
- Comhordnóireacht a dhéanamh ar scéimeanna SST, TUS agus SFP atá á riaradh ag ÚnaG sa cheantar;
- Comhórdnóireacht a dhéanamh ar Scéim Bhrúscair Uíbh Ráthaigh.

Ní bheadh ar chumas an Chomhchoiste tabhairt faoin gclár leathan oibre seo gan tacaíocht ó eagrais stáit agus eile síos tríd na blianta, ina measc Údarás na Gaeltachta, Roinn na Gaeltachta, Foras na Gaeilge, Pobal, SOLAS, Feidhmeannas na Seirbhísi Sláinte(FSS), Ealaín na Gaeltachta, Nasc Áitiúil Chiarraí, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Fáilte Éireann, Comhairle Contae Chiarraí, Bórd Oideachais & Oiliúna Chiarraí, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, Coláiste Mhuire Gan Smál, An Roinn Oideachais agus Scileanna, An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha, An Chomhairle Oidhreachta, Community Foundation for Ireland, SKDP, Iarnród Éireann, Glór na nGael, RTÉ Raidió na Gaeltachta, Scoileanna Náisiúnta & Coláiste na Sceilge, na Coistí Forbartha Pobail agus muintir na dúthaí.

I láthair na huaire, tá seisear ag feidhmiú as Oifig an Chomhchoiste. Tá Bainisteoir agus riarthóir oifige lánaimseartha fostaithe anseo, chomh maith le fostaí ag obair trí lá sa tseachtain mar chomhordaitheoir ar an gClár Seirbhísí Pobail (CSP), agus tá sise i gceannas ar na cuntais srl. Tá maor an Scéim Shóisialta Tuaithe, an maor ar an scéim FÁS, agus an maor ar scéim TÚS lonnaithe san Oifig seo freisin – scéimeanna atá á riaradh i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta.

Tá deontas reáchtála á chur ar fáil go bliantúil don gComhchoiste ag Údarás na Gaeltachta. Cabhraíonn an deontas seo leis an mbainisteoir a fhostú.

Ráiteas Misin Chomhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh is ea: “Forbairt na Gaeilge agus an Phobal Gaeltachta in Uíbh Ráthach”.

Seo liosta de na stiúrthóirí atá ar Choiste an Chomhchoiste:

**Mícheál Ó Braonáin-Cathaoirleach:**

Is leictreoir é Mícheál agus tá sé féinfhostaithe. Is as An Gleann dó. Tá blianta de thaithí oibre pobail aige. Is cainteoir dúchais Gaeilge é.

**Clíona Ní Bhraonáin-Rúnaí:**

Tá baint ag Clíona le óráidíocht agus caidreamh poiblí. Oibríonn sí in earnáil na teicneolaíochta faisnéise. Tá taithí mhaith aici ar obair phobail. Tá sí ina cónaí sa Ghleann. Is cainteoir dúchais Gaeilge í.

**Eibhlín Mhic Giolla Phádraig-Stiúrthóir:**

Ba mhúinteoir meánscoile í Eibhlín ar feadh blianta fada ach tá sí éirithe as anois le roinnt blianta.

Mhúin sí Gaeilge agus Mata. Tá Eibhlín ina cónaí sa Choireán. Is cainteoir dúchais Gaeilge í.

**Brian Ó Riordáin-Stiúrthóir:**

Tá Brian féinfhostaithe leis na blianta - tá comhlacht ola aige. Tá blianta de thaithí oibre pobail aige. Is cainteoir dúchais Gaeilge é agus tá sé ina chónaí sa Dromod.

**Seosamh Ó Mórdha-Stiúrthóir:**

Is múinteoir bunscoile é Seosamh. Tá scileanna éagsúla aige maidir le díriú ar dhaoine óga atá faoi mhíbhuntáiste.Tá sé ina chónaí sa Ghleann agus is cainteoir dúchais Gaeilge é.

**Pat Everett-Stiúrthóir:**

Bhí Pat féinfhostaithe ach tá sé éirithe as anois le cúpla bliain anuas. Tá taithí mhaith aige ar obair phobail. Tá sé ina chónaí sa Choireán agus is cainteoir dúchais Gaeilge é.

**Seán Ó Gealbháin-Stiúrthóir:**

Ba Garda é Seán ach tá sé éirithe as anois. Tá eolas praiticiúil aige ar an gcóras dlí agus in obair le daoine atá faoi mhíbhuntáiste. Tá sé ina chónaí i gCathair Dónall. Is cainteoir dúchais Gaeilge é.

**Maureen Ní Shúilleabháin-Stiúrthóir:**

Is múinteoir bunscoile í Maureen. Toghadh í ar an gcoiste i mí Aibreáin 2017. Is as Baile 'n Sceilg di. Is cainteoir dúchais Gaeilge í.

### 2.1 B. Roghnú na Ceanneagraíochta

D'fhógair Údarás na Gaeltachta ar an 16ú Meitheamh 2014 go raibh Ceanneagraíocht le n-aimsiú i Limistéir Pleanála Teanga Chiarraí Theas chun Plean Teanga a réiteach de réir treoracha Acht na Gaeltachta. Ag cruinniú poiblí ar an 15ú Iúil 2014 dhein ionadaithe ó Údarás na Gaeltachta cur i láthair ar a bhfuil san Acht agus ar na bun phrionsabail a bhaineann le Pleanáil Teanga. Bheartaigh Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh ar iarratas a dhéanamh le bheith mar Cheanneagraíocht ós rud é go raibh an bhaint ag an gComhchoiste le fada le cur chun cinn na teanga. Dhein an Comhchoiste teagmháil le go leor Coistí agus Grúpaí deonacha eile sa cheantar chun litreacha tacaíochta a fháil agus d'ullmhaigh siad iarratas le cur faoi bhráid an Údaráis. D'éirigh leis an iarratas sin agus shínigh an Comhchoiste conradh leis an Údarás ar an 25ú Samhain 2014 ag dearbhú go mbeidís mar Cheanneagraíocht don LPT agus ag leagadh síos an cur chuige maidir le Plean Teanga Chiarraí Theas a réiteach. Sprioc dáta 28ú Samhain 2016 a bhí sa chonradh ach cuireadh síneadh ama breise ar fáil i mí na Nollag 2016.

Le linn don iarratas a bheith á ullmhú ag an gComhchoiste deineadh go leor plé ar theorainn Ghaeltachta an LPT seo faoi mar atá sé rianaithe faoi láthair agus na deacrachtaí a chruthaíonn sé seo nuair a bhíonn forbairt na teanga agus forbairt an phobail mar aonad comhtháite á phlé agus á phleanáil. Tá an príomhbhaile ina bhfuil formhór na gnóluchtaí

agus na n-áiseanna agus daonra an cheantair suite, lonnaithe lasmuigh de theorainn an LPT. Tá an Coiréan mar oileán gan stádas agus an LPT mór thimpeall ar gach taobh de. Tá an scéal mar a chéile i gCathair Dónall. Aontaíodh le Roinn na Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta go ndéanfaí iarracht Plean Teanga a réiteach a chuireadh aonad tíreolaíochta nádúrtha Uíbh Ráthaigh san áireamh seachas an LPT ann féin.

Cuireadh grúpa oibre ar bun chun an próiseas pleanála a stiúradh agus aithníodh an gá a bhí le córas pleanála teanga a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ag leibhéal an phobail ar fud na Gaeltachta agus tuigeadh gurbh é an próiseas pleanála teanga a thabharfadh tacaíocht ar bhealach córasach, comhtháite don Ghaeilge mar theanga phobail agus teaghlaigh inti. Féachadh chuige gach deis a thabhairt do na heagraíochtaí agus do na coistí pobail ról lárnach a bheith acu sa phróiseas pleanála teanga ar bhonn áitiúil i gcomhréir lena gcuid mianta agus a gcomhthéacs sainiúil féin.

Sa ghrúpa oibre seo, bhí Caitlín Breathnach agus Mairéad Ní Mhathúna ón gComhchoiste, Mícheál Ó Leidhin-iarmhúinteoir meánscoile agus ceann des na daoine a bhí freagrach as an tAonad Lán Ghaeilge a bhunú, maraon le Fíona de Buis-iarmhúinteoir meánscoile agus ceann des na daoine a bhunaigh Éigse na Brídeoige. Bhí ról ag an ngrúpa seo ag déanamh athbhreithniú rialta ar an ndul chun cinn agus ag tabhairt aiseolas do Mhuiris Ó Laoire ó Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí faoin bplean. Ina theannta d'fhreastal an grúpa ar cruinnithe le hÚdarás na Gaeltachta agus le Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí.

Ceapadh Muiris Ó Laoire mar chomhairleoir ar feadh lá go leith in aghaidh na seachtaine chun an plean a ullmhú i gcomhar le Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh.

# MÍR 3: LÉARGAS AR AN LIMISTÉAR PLEANÁLA TEANGA

## 3.1. Réamhrá

Tugtar blaiseadh beag sa mhír seo ar an LPT agus a bhfuil ann – na seirbhísí, an fhostaíocht, cúrsaí daonra, oideachas, agus ar ndóigh, staid na teanga faoi láthair.

## 3.2. Gaeltacht Chiarraí Theas


Tá Gaeltacht Chiarraí Theas suite sa leithinis theas i gContae Chiarraí. Is Gaeltacht Uíbh Ráthaigh is fearr agus is coitianta aithne uirthi. Is cuid lárnach í de Mhórchuaird Chiarraí agus baineann a cuid cóstaí le Slí an Atlantaigh Fhiáin. Síneann sí ó Bhaile an Sceilg agus Bá Naomh Fhionáin ar an gcósta agus Máistir Gaoithe cois Abhainn na hUíne, go Cathair Dónall san iardheisceart. Go bunúsach, tá cnámh droma sléibhe ag rith ó bhá Bhaile an Sceilg intíre go Bealach Oisín agus idir sin, tá na haibhnte An Aoine, An Comarach, An Fionghlais, agus na lochanna - Loch Luíoch, Doire Ianna, Loch na mBreac Dearg, Loch na Móna, Loch Iasc na Mac Tíre - ag scoilteadh an cheantair soir-siar. Tá cuma crú capall ar an gceantar agus é ag féachtaint amach ar Bhá na Scealg.  Ceantar cósta, ceantar sléibhe, ceantar locha agus aibhnte atá ann.

Amach ón gcósta thiar ó Cheann Bhólais tá Na Scealga. Trí oileán atá san oileánra seo: Sceilg Mhichíl mar a raibh mainistir sa luath-Chríostaíocht, An Sceilg Bheag agus Oileán na gCánóg. Ceanglaíonn an bóthar náisiúnta an N70 an ceantar le bailte Chill Orglain, Thrá Lí, Chill Airne, An Coireán agus an tSnaidhm.

Is Gaeltacht bheag í Gaeltacht Chiarraí Theas anois, go bhfuil traidisiún láidir cultúir agus saíochta ag baint léi thar na blianta. Timpeall aimsir an Ghorta, bhí formhór mhuintir Uíbh Ráthaigh, 89.5%, ina gcainteoirí Gaeilge, céatadán a bhí i bhfad níos airde ná mar a bhí i gCorca Dhuibhne um an dtaca sin. Léiríonn figiúirí dhaonáireamh 1911 go raibh an Ghaeilge an-láidir fós ar fud na leithinse ar fad.

Ó bhunú an Stáit i leith, tháinig meath leanúnach ar úsáid na Gaeilge in Uíbh Ráthach. De bharr Acht na nAirí agus na Rúnaithe, 1956, a leagadh amach teorainneacha na Gaeltachta seo mar atá faoi láthair. Bhí fadhbanna móra ag baint le leagan amach teorainneacha na Gaeltachta seo de réir mhuintir na Gaeltachta féin, sa mhéid is gur fágadh na ceantair Ghaeltachta scoite amach óna chéile rud a chiallaíonn nach dlúthaonad teangeolaíochta ná daonra atá ann níos mó, agus í fágtha gan aon lárionad gnó agus seirbhísí. Tá codanna den gceantar atá sa Ghaeltacht agus codanna eile lasmuigh di. Fágadh formhór An Coireán lasmuigh di. Mar a fheictear sa léarscáil agus tábla 3.1, tá leath de Chathair Dónall sa Ghaeltacht agus leath de lasmuigh den Ghaeltacht. Is limistéar fíor chasta í Gaeltacht Chiarraí Theas ó thaobh teorainneacha de mar sin.

**Na Toghranna i Limisteár Pleanála Teanga Ciarraí Theas**




**Tábla 3.1: Toghranna an LPT**

| | |
|---|---|
| **1.** | Na Beathacha* |
| **2.** | Baile an Sceilg |
| **3.** | An Baile Breac* |
| **4.** | Cathair Dónall* |
| **5.** | Ceannúigh* |
| **6.** | Doire Fhíonáin* |
| **7.** | Doire Ianna* |
| **8.** | An tImleach* |
| **9.** | Loch Luíoch* |
| **10.** | Máistir Gaoithe |
| **11.** | Toghroinn Fhíonáin |
| **12.** | An Trian Iarthach* |

Na Toghranna

Na Bailte Fearainn

An Ghaeltacht

Lasmuigh den Ghaeltacht

***Tá cuid den toghroinn seo sa Ghaeltacht agus an cuid eile lasmuigh den Ghaeltacht.**

As an 12 toghranna san LPT, níl ach 3 toghroinn atá suite go h-iomlán laistigh de theorainn na Gaeltachta. Dá bhrí sin, tá 9 toghroinn ann ina bhfuil cuid den talamh sa Ghaeltacht agus cuid eile de lasmuigh. Léiríonn an léarscáil thuas an scoilt ins na toghranna.

**Na Bailte Fearainn**

De réir Daonáireamh 2011, tá 192 baile fearainn iomlán ins na 12 toghranna thuas luaite. Tá 125 baile fearainn lonnaithe sa Ghaeltacht agus tá 67 baile fearainn taobh amuigh den Ghaeltacht. Féach ar an liosta (aguisín 7) chun léargas níos fearr a fháil ar na bailte fearainn.

Nuair a táimid ag breathnú ar na toghranna agus na bailte fearainn i gCiarraí Theas, tá sé thar a bheith tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an daonra an-íseal i gcuid des na toghranna atá sa Ghaeltacht i gcomparáid leis an gcuid atá lasmuigh den Ghaeltacht. Mar shampla, ins Na Beathacha – tá daonra iomlán de 199 duine sa toghroinn sin. As an iomlán sin níl ach 16 duine ag maireachtaint sa Ghaeltacht.

### 3.3. Na príomhbhailte agus sráid bhailte ina bhfuil an pobal lonnaithe

Is iad Dún Géagáin/Baile an Sceilg, Cillín Liath/An Dromod, An Gleann, An Lóthar agus An tImleach Mór na príomh sráidbhailte san LPT ina bhfuil an pobal lonnaithe, laistigh den nGaeltacht. Tá an Coiréan - an príomh ionad gnó agus seirbhísí sa cheantar - ar an dteorainn lasmuigh den nGaeltacht agus tá cuid de Chathair Dhónall sa Ghaeltacht agus an chuid eile lasmuigh.

Tá trí Pharóiste ag freastal ar phobal Uíbh Ráthaigh – Paróiste na Dromada, Paróiste na Priarachta, agus Paróiste Chathair Dónall.

Cé go bhfuil cuid den Choireán agus codanna de Chathair Dónall suite lasmuigh de theorainneacha oifigiúla na Gaeltachta, aontaíodh in ullmhú an phlean seo go mbeadh ról lárnach ag an dá cheantar sin sa phróiseas pleanála teanga agus i bhfeidhmiú an phlean teanga.

#### 3.3.1. Dún Géagáin - Baile an Sceilg

Glaotar Baile an Sceilg ar an stráice timpeall míle ar fhaid a shíneann ó shráidbhaile Dhún Géagáin go dtí an sráidbhaile beag ar a bhfuil an ainm Baile an Sceilg.

Ó thaobh na teanga de bhí cáil riamh ar Bhaile an Sceilg mar bhaile beag ina raibh an Ghaeilge fós á labhairt ann mar ghnáth theanga laethúil go dtí lár na gcaogaidí.

Tá stair ársa ag baint leis an gceantar seo. Tógadh Mainistir ann san 12ú aois do Mhanaigh Sceilg Mhíchíl a tháinig chun cónaithe ón Oilean go dtí an mórthír thart ar an am san.

Sa bhliain 1874 cuireadh Stáisiún Cáblach ar bun i mBaile an Sceilg agus le h-imeacht aimsire deineadh ceangal idir an stáisiún seo agus an ceann béal dorais i nDairbhre – leagadh síos an

chéad cábla tras Atlantach san Eoraip ó Uíbh Ráthach go dtí Talamh an Éisc sa bhliain 1866 agus ba é cheann de mhór réabhlóidí teicneolaíochta agus cumarsáide na linne é.

Chruthaigh an togra seo fostaíocht sa cheantar – go háirithe nuair a bhí an infrastructúr a bhain le leagadh agus bainistiú an cábla á dtógaint. Ní foláir nó bhí tionchar nach beag ag an bhforbairt seo ar chúrsaí eacnamaíochta ach is dócha go raibh tionchar aige leis ar úsáid na Gaeilge sa cheantar. I 1923 tháinig deireadh le ré an Stáisiún Cáblach agus lonnaíodh Coláiste Samhraidh ann ar feadh roinnt mhaith blianta ina dhiaidh sin.

Tá áiseanna maithe i mBaile an Sceilg – trá aoibhinn le brat ghorm, ionad spóirt mara, halla pobail, siúlóidí, seirbhísí don aosach, oifig an phoist agus tithe tábhairne. Tá Coiste Forbartha na Sceilge an ghníomhach sa cheantar seo ag tacú leis na seirbhísí a chur ar fáil.

Tá monarcha ar a dtugtar Delpac a tháirgíonn málaí *bespoke* agus árthaí déanta de chairtpháir anseo agus 19 fostaithe ann, le cúnamh ó Údarás na Gaeltachta.

Tá siopa amháin suite ins an gceantar seo – idir Baile an Sceilg agus Dún Géagáin agus láimh leis an áit ina bhfuil oifig áitiúil Údarás na Gaeltachta agus eastáit Údarás na Gaeltachta.

I nDún Géagáin atá an Scoil Náisiúnta agus an Séipéal áitiúil lonnaithe ach níl aon tseirbhís réamh scoile ann. 54 leanbh atá cláraithe don scoil bhliain 2017-2018 i Scoil Náisiúnta Naomh Mhíchíl.

Ó thaobh na fostaíochta de tá Táirgí Tréad Lia i gcroí-lár Dhún Géagáin ó 1986 le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus 25 fostaithe ann. Tá cáil ar lár ionad ealaíona Chill Rialaig – ionad ina bhfuil spás le h-aghaidh earraí ealaíontóirí á dtaispeáint agus á ndíol agus imeachtaí cultúrtha á reáchtáil, maraon le caife beag.

### 3.3.2. An Gleann

Ceantar álainn draíochtúil suite ar Bhá Fhionáin na dtonnta tréan, ar a mbíonn tarrac ag surfálaithe. Pobal bheag dlúth anseo agus seirbhísí pobail á gcur ar fáil ins an Ionad Pobail ag Coiste Forbartha an Ghleanna. Tá scoil Náisiúnta le 30 dalta cláraithe don bhliain 2017-2018. Tá Naíonra agus seirbhís cúram leanaí á gcur ar fáil ag Naíonra Mhartina - gnó príobháideach atá lonnaithe sa cheantar.

Tá Seacláidí na Sceilge – comhlacht táirgíochta seacláide agus ionad do chuairteoirí – lonnaithe anseo agus 18 fostaithe ann.

### 3.3.3. An Dromod/Cillín Liath

Tá Máistir Gaoithe agus An Cillín Liath lonnaithe i bParóiste na Dromoda. Tá fás agus forbairt an mhór tagtha ar an gceantar sléibhtiúil seo le 20 bliain anuas a bhuíochas san nach beag do Forbairt na Dromoda a bhunaíodh i 1996 agus a fhaigheann deontas reachtála ó Údarás na Gaeltachta. Tá réimse leathan seirbhísí ar fáil anois ann – seirbhísí Cúram Leanaí, Naíonra agus seirbhísí tar éis scoile, Brú, Aonaid Fiontraíochta agus seirbhísí oideachais, agus seirbhísí don aosach. Tá cáil ar an áit seo i measc siúlóirí. Tá tigh tábhairne lonnaithe sa cheantar ó 1989 rud atá fíor thábhachtach chun lár ionad sóisialta agus teacht le chéile go neamh fhoirmeálta a bheith ar fáil don phobal.

56 dalta atá cláraithe don bhliain 2017 i Scoil Naisiúnta an Chillín Liath.

### 3.3.4. An Coiréan

Seo an lár ionad gnó agus seirbhísí is mó a fhreastalaíonn ar an LPT seo ó lá go lá (seachas Cathair Saidhbhín). Is ann atá na bialanna, tithe tábhairne, óstáin, siopaí, oifig an phoist agus rl suite. Tá Aonad Oideachas d'Aosaigh de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí anseo ar a dtugtar Tech Amergin. Bhí Meánscoil lonnaithe sa bhfoirgneamh seo tráth go dtí gur tógadh an Pobal Scoil nua i gCathair Saidhbhín ar a bhfuil daltaí meánscoile na leithinse ar fad ag freastal.

Tá an scoil náisiúnta agus seirbhís réamhscoile atá lonnaithe anseo á reáchtáil trí Bhéarla, **cé go bhfuil spéis léirithe ag an seirbhís réamhscoile a bheith rannpháirteach sa phróiseas pleanála teanga.** Tá sé molta sa Phlean Teanga, bearta ar leith a thugann aitheantas don ról tábhachtach a bhaineann le rannpháirtíocht An Choireán a chur san áireamh (féach Mír 6, Beart 3 agus 25). Mar chuid d'ullmhú an phlean cuireadh litir chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna féachaint an bhféadfadh an bhunscoil atá sa Choireán, Scoil Náisiúnta Naomh Fhionáin, cur isteach ar aitheantas mar bhunscoil Gaeltachta. In ainneoin go bhfuil sé suite lasmuigh de theorainneacha oifigiúla na Gaeltachta, tá an scoil fós ag freastal ar dhaltaí agus ar theaghlaigh atá suite laistigh den teorainn oifigiúil. (féach Agúisín 2).

111 dalta atá cláraithe i Scoil Náisiúnta Naomh Fhionáin sa Choiréan don bhliain 2017.

Ó thaobh na fostaíochta de tá trí óstán sa cheantar maraon le go leor tithe tábhairne agus bialanna. Tá dhá shiopa ina bhfuil go leor daoine fostaithe. Tá cáil ar an ngalfchúrsa *Waterville Golf Links* a bhunaíodh i 1973 agus tá galfchúrsa nua díreach oscailte sa Choireán anois-Hogs Head Golf Club. Tá óstán nua á thógaint faoi láthair i gcomhar leis an ngalfchúrsa nua seo. Tá an óstán seo in áit Óstán Loch Choireán a bhíodh ann ar feadh na blianta ach leagadh chun talún é i 2016.

### 3.3.5. An Lóthar

Tá An Lóthar suite ar imeall an Choireáin os cionn na farraige - ar an mbóthar go Cathair Dónall. Tá séipéal Chaitliceach anseo agus bhíodh scoil ann tráth. Tá an séipéal suite i suíomh iontach-le radharcanna amach ar Bhá na Scealg agus an tAigéan Atlantach. Dúnadh bunscoil an Lóthair sa bhliain 1988. Ba míbhuntáiste an mhór é seo mar tá ar pháistí ón gceantar seo freastal ar an mbunscoil sa Choireán nó i gCathair Dónall anois - dhá scoil atá á rith trí Bhéarla. Fear mór le rá ab ea an príomhoide-Mícheál Ó Duinnín a chaith 44 bliain ag múineadh i mbunscoil an Lóthair. Ba as Sliabh Riabhach, Baile Bhúirne ó dhúchas é agus fuair sé bás sa bhliain 2007. B'amhránaí iontach é Mícheál agus rinne sé dlúthdhiosca a thaifead sa bhliain 2004 i gcomhar le Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh. An Duinníneach a bhí mar theideal ar an mbailiúchán amhráin sean-nóis seo.

Tá caiseal an Lóthair suite sa Lóthar freisin. Má fhéacann tú i dtreo na farraige tá an caiseal le feiscint thíos. Tógadh é sa tréimhse Luath-Chríostaí timpeall an 9ú haois. Tá na ballaí ciorclach os cionn 2 mhéadar ar airde. Tá an chuid istigh déanta suas de theach mór cruinn agus de theach dronuilleogach atá níos lú.

Tá thart ar 40 duine ina gcónaí sa Lóthar i láthair na huaire.

### 3.3.6. Cathair Dónall

Tá cáil mhór ar an gceantar seo de bharr gur ann a rugadh Fuascailteoir na gCaitliceach agus an dlíodóir cháiliúil, Dónal Ó Conaill. Tá formhór an cheantair seo lasmuigh den Ghaeltacht – tigh Dhónal Uí Chonaill agus Páirc Náisiúnta Dhoire Fhionáin ina measc. Tá scoil Chathair Dónall ar a bhfuil c.44 páiste ag freastal, lasmuigh den Ghaeltacht agus tá an Halla Pobail a cóiríodh le déanaí lasmuigh den Ghaeltacht freisin. Tá seirbhísí sóisialta á n-eagrú i gcomhar le Caherdaniel Community Care, CLG, béiltí rialta sa halla, Meals on Wheels, cluichí cártaí, turasanna go Neidín agus áiteanna eile agus tá grúpa ar leith do dhaoine atá ar scor ag feidhmiú ann leis.

### 3.3.7. Cumann Bhríde/An Gleann Mór

Tógadh an Scoil Náisiúnta sa Ghleann Mór sa bhliain 1893 agus d'oscail sé mar scoil i mí Aibreáin 1894. Dúnadh an scoil sa bhliain 1977.

Ba bhuille tubaisteach é do mhuintir na háite nuair a dúnadh an scoil mar b'éigean do na páistí freastal ar scoil sa Choireán nó i gCathair Dónall ansin-dhá scoil atá a rith trí Bhéarla. Tá an Gleann Mór suite thart ar ocht míle ón gCoireán agus dhá mhíle déag ó Chathair Dónall-turais fada go leor agus tú ag dul ar scoil. Is ceantar dearmadta é An Gleann Mór chun na fírinne a insint-níl aon áiseanna nó seirbhísí san áit seachas Teach Bhríde. Maidir

leis an bpobal féin tá thart ar cúigear déag ina gcónaí sa Ghleann Mór agus is feirmeoirí caorach iad tromlach na fir atá ina gcónaí ann.

Rinneadh athchóiriú ar an bhfoirgneamh, cuireadh leis agus cuireadh díon nua ar an bhfoirgneamh idir 1979 agus 1989. I mí Iúil 1989 osclaíodh an scoil mar Mhúsaem agus Ionad Oidhreachta ar a dtugtar Teach Bhríde. Is áis iontach é Teach Bhríde don phobal iargúlta seo. Tá léargas ar shaibhreas teanga an cheantar i measc na n-iarsmaí ón sean aimsir atá le fail ann. Is féidir le cuairteoirí dul isteach ann agus a bhfréamhacha a fheiceáil ar na sean rollaí atá ar taispeáint istigh ann.

I rith an tsamhraidh tagann cuairteoirí ó chian is ó chóngar chun stair na háite a bhlaiseadh. Déantar aifreann a cheiliúradh anseo uair nó dhó sa bhliain. Bíonn sé ar oscailt don phobal i rith an tsamhraidh ó mhí an Mheithimh go mí Meán Fómhair.

### 3.4. Caitheamh Aimsire sa Limistéar Pleanála Teanga

Tá 8 gcumann peile in Uíbh Rathach agus ina theannta sin tá foireann mná - *Southern Gaels* - ann atá tar éis craobh an chontae a bhuachaint i mbliana don tarna bliain as a chéile. Tá Caroline Kelly ar an bhfoireann sin agus tá sí mar chaptaen ar foireann sinsearach Chiarraí i bPeil na mban. Is as Baile an Sceilg do Charoline.

Mar chaitheamh aimsire eile atá sa Limistéar Pleanála Teanga tá cáil an mhór ar an gceantar seo de bharr na bealaí siúlóide atá forbartha, ina measc, 'Skellig Monks Trail', 'Bolus Loop Walk', agus 'Imleach loop Walk'.

Tá an-tóir ar an gceantar seo ó thaobh na h-iascaireachta de. Tagann daoine ó chian is ó chóngar chun dul ag iascaireacht ar Loch Choireán. Tá clú agus cáil ar Loch Choireán d' iascaireacht bhradáin agus an bhreac gheal. Is caitheamh aimsire an-mhór é galf sa cheantar freisin. Tá dhá ghalfchúrsa den scoth sa Choireán agus is iomaí imreoir galf cáiliúil atá tar éis cuairt a thabhairt ar an gceantar chun galf a imirt - ina measc, Tiger Woods agus Payne Stewart.

### 3.5. Fostaíocht i gCiarraí Theas

De réir daonáireamh 2011 bhí c.47% des na daoine ós cionn 15 fostaithe agus c.10.7% dí fhostaithe.

Ag deireadh na bliana 2016 bhí 153 duine fostaithe i gcliaintchomhluchtaí de chuid Údarás na Gaeltachta.

### 3.6. Oideachas, Seirbhísí agus Gnó

Sa chuid seo den mhír, cuirtear síos ar sheirbhísí reatha oideachais, sóisialta, meáin agus gnónna atá ar fáil san LPT seo.

#### 3.6.1. An Córas Oideachais

Tá naíonra amháin cláraithe le Comhar Naíonraí na Gaeltachta i nGaeltacht Chiarraí Theas: .í. Naíonra na Dromoda. Tá seirbhís réamhscoile á soláthar ag Waterville Early Years Centre sa Choireán-cláraithe le Early Childhood Ireland agus Naíonra Mhartina sa Ghleann. Is naíonra príobháideach é naíonra Mhartina. Tá Montessori príobhaideach sa Choireán chomh maith. Seachas Naíonra na Dromada, níl seirbhís chórasach cúram leanaí ar fáil trí Ghaeilge.

Tá Scéim na gCuairteoirí Baile de chuid Tús Maith á reáchtáil ag an gComhchoiste i gcomhar le hOidhreacht Chorca Dhuibhne sa cheantar ag freastal ar 36 teaghlach.

Seo a leanas na bunscoileanna atá sa cheantar atá ag freastal ar scoláirí Gaeltachta;

Tá trí bhunscoil Gaeltachta ina múintear na hábhair ar fad trí mheán na Gaeilge:

1. Scoil Náisiúnta Chillín Liath (Bunscoil Gaeltachta)
2. Scoil Náisiúnta Mhichíl Naofa, Baile an Sceilg (Bunscoil Gaeltachta)
3. Scoil Náisiúnta an Ghleanna (Bunscoil Gaeltachta)

Ina theannta sin, tá bunscoileanna eile ag a bhfuil daltaí Gaeltachta ar an rolla acu:

1. Scoil Náisiúnta Naomh Fhionáin, An Coireán
2. Scoil Náisiúnta Chrocháin Naofa, Cathair Dónall

Tá sé bhunscoil eile sa mhórcheantar mar atá:

1. Scoil Náisiúnta Mhuire Gan Smál, Na Corra, Cathair Saidbhín
2. Scoil Náisiúnta an Fháill Mhór, Cathair Saidbhín
3. Scoil Saidhbhín, Cathair Saidbhín
4. Scoil Achadh Tiobraid
5. Scoil Bhréanainn, Port Mhic Aoidh,
6. Scoil Naomh Darearca, Oileán Dairbhre

Maidir le hoideachas dara leibhéal Coláiste na Sceilge, tá Aonad Lán-Ghaeilge (ALG) mar chuid de Choláiste na Sceilge, ar an t-aon mheánscoil sa cheantar agus é suite i gCathair Saidhbhín. Bunaíodh an t-aonad seo mar chuid den scoil nuair a osclaíodh i 1999 í. Tá an tALG ar an bhfód le 15 bliana anois agus faoi láthair tá 26 daltaí sa chéad bhliain, 24 sa dara bliain agus 17 sa tríú bhliain. Tá éileamh ar áiteanna san aonad ag méadú. Chun áit a fháil san Aonad, cuirtear agallamh iontrála ar leanaí agus chuige seo cuirtear ranganna ullmhúcháin ar fáil maidin Shathairn ar feadh na tréimhse réamhscrúdaithe. Ritheann an

Comhchoiste cúrsa ullmhúcháin i gcomhar le Coláiste na bhFiann gach Lúnasa mar thacaíocht do na scoláirí atá le dul isteach ann.

Déanann scoláirí an Aonaid na hábhair go léir trí mheán na Gaeilge-Fraincís, Mata, Stair, Tíreolaíocht, Eolaíocht, OSSP (Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil). Feidhmíonn an tAonad suas go dtí an Teastas Sóisearach. Tá sé mar sprioc fadtéarmach go mbeadh an tAonad seo ag feidhmiú suas go leibhéal na Ardteistiméarachta.

3.6.2. Deiseanna foghlama Gaeilge/cúrsaí eile lasmuigh den chóras oideachais

Faoi láthair, tá dhá rang TEG (A2 agus B2) á reáchtáil ag an gComhchoiste i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Má Nuad. Bíonn ciorcal comhrá do leanaí agus daoine fásta sa Dromod; rang tacaíochta nua thosnaithe i mBaile an Sceilg dírithe ar riachtanais tuismitheoirí agus iad ag iarraidh cabhrú lena leanaí le hobair bhaile srl. Faoi láthair, cuirtear maoiniú ar fáil ó Údarás na Gaeltachta agus Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí. Tacaíonn Údarás na Gaeltachta le fostaíocht, le traenáil, chun ábhar a cheannach srl. Cabhraíonn Bord Oideachais agus Oiliuna Chiarraí chun cúrsaí éagsúla a rith.
Tá an-chuid cúrsaí eile ar siúl sa cheantar i láthair na huaire. Tá réimse leathan cúrsaí tosnaithe i dTech Amergin sa Choireán, ina meac 'Occupational First Aid', 'Creative Studies for Special Needs', 'Appreciation of Art, Craft and Design', 'Digital Photography', 'Knitting and Crochet', 'Pilates', 'Creative Writing', 'Yoga for men'. Tá cúrsa ann do gach duine! Tá réimse leathan cúrsaí tosnaithe i gCathair Saidhbhín in Ionad Aosoideachais Uí Chonaill freisin-mar shampla 'Office Computer Skills', 'Social Media', 'Computer Basics for Farmers', 'Gardening' agus mórán eile nach iad.

3.6.3. Eagraíochtaí pobail agus comharchumainn

Faoi láthair, tá na coistí agus na comhlachtaí seo ag feidhmiú san LPT:

- Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh
- Comhlacht Forbartha an Ghleanna
- Coiste Forbartha na Sceilge (Scéim Tithíochta na Sceilge)
- Forbairt na Dromoda
- IRD Waterville CLG
- Coiste Áitiúil Chathair Dónall
- Cumann Bhríde (níl siad cláraithe mar chomhlacht)
- Coiste Chill Rialaig

3.6.4. Na meáin chumarsáide
Is iad seo a leanas na meáin atá ar fáil san LPT:
- Radio Kerry/ Raidió Chiarraí,

- *The Kerryman*,
- *Kerry’s Eye*,
- TG4,
- Raidió na Gaeltachta
- *South Kerry Advertiser*
- *Facebook*
- *Twitter*

Bíonn clár amháin as Gaeilge ar Raidió Chiarraí gach tráthnóna Domhnaigh. Ní bhíonn alt Gaeilge ná colún rialta sa *Kerryman*. Clúdaítear nuacht áitiúil Gaeltachta trí mheán na Gaeilge. Bíonn fo-alt as Gaeilge sa *South Kerry Advertiser* agus úsáideann pobal Gaeilge na meáin shóisialta ar nós *Facebook* agus *Twitter a*r bhonn rialta. Bíonn tuairisí rialta ó Chiarraí Theas ar Chlár na bhFógraí ar Raidio na Gaeltachta.

**3.7. Daonra an LPT**

De réir daonáireamh 2016 tá 1,808 duine ina gcónaí i Limistéar Pleanála Teanga Ciarraí Theas. Bhí 1,795 duine ina gcónaí i gCiarraí Theas sa bhliain 2011 de réir daonáireamh na bliana sin. Léiríonn na figiúirí seo go bhfuil fás an – bheag tagatha ar an daonra i gCiarraí Theas le blianta beaga anuas (13 duine idir 2011 agus 2016). Is ceantar tuaithe é go príomdha le dlús daonra 7.99 do gach ciliméadar cearnaithe. Ón mbliain 1961 i leith tháinig ísliú leanúnach ar líon na gcainteoirí Gaeilge sa cheantar Gaeltachta seo laistigh d’isliú suntasach i ndaonra na dtoghranna mar a léirítear i dTábla 3.2

| Toghranna | 1956 | 1961 | 1966 | 1971 | 1981 | 1986 | 1991 | 1996 | 2002 | 2006 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Na Beathacha | 25 | 23 | 25 | 24 | 24 | 23 | 21 | 20 | 16 | 16 | 16 |
| Baile an Sceilg | 686 | 628 | 568 | 509 | 452 | 418 | 404 | 407 | 358 | 355 | 375 |
| An Baile Breac | 115 | 114 | 106 | 115 | 75 | 65 | 64 | 70 | 69 | 63 | 52 |
| Cathair Dónall | 113 | 104 | 94 | 96 | 118 | 76 | 182 | 139 | 102 | 103 | 84 |
| Ceannúigh | 340 | 296 | 259 | 231 | 205 | 198 | 172 | 160 | 147 | 174 | 169 |
| Doire Fhíonáin | 274 | 234 | 198 | 181 | 190 | 180 | 166 | 172 | 161 | 130 | 144 |
| Doire Ianna | 400 | 358 | 320 | 289 | 268 | 274 | 260 | 232 | 209 | 212 | 210 |
| An tImleach | 419 | 387 | 337 | 330 | 371 | 352 | 347 | 354 | 329 | 365 | 378 |
| Loch Luíoch | 38 | 38 | 36 | 31 | 31 | 27 | 19 | 20 | 16 | 33 | 22 |
| Máistir | 190 | 176 | 170 | 135 | 121 | 129 | 124 | 101 | 83 | 73 | 61 |

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gaoithe | | | | | | | | | | | |
| Toghroinn Fhíonáin | 247 | 222 | 211 | 194 | 181 | 181 | 157 | 165 | 137 | 154 | 161 |
| An Trian Iarthach | 189 | 169 | 159 | 127 | 109 | 116 | 134 | 122 | 126 | 113 | 123 |
| Uíbh Ráthach | 3036 | 2749 | 2483 | 2262 | 2145 | 2039 | 2050 | 1962 | 1753 | 1791 | 1795 |

Tábla 3.2 Daonra na toghranna[1]

Feictear an titim leanúnach shuntasach sa chairt seo a leanas:






**Fig 3.1.** Titim dhaonra Uíbh Ráthaigh mar atá léirithe i bPrófíl Dhéimeagrafach agus Socheacnamaíochta Gaeltacht UIbh Ráthaigh 2017

Ar an iomlán, tá titim shuntasach le sonrú sa daonra i ngach ceann de na toghranna idir 1956 agus 2011. Tá laghdú 41% le tabhairt faoi deara ar dhaonra iomlán Uíbh Ráthaigh sa tréimhse sin nó laghdú ó 3,036 sa bhliain 1956 go 1,795 sa bhliain 2011. I gcodarsnacht leis an titim shuntasach i ndaonra Ghaeltacht Chiarraí Theas, bhí ardú daonra (17.5%) sna limistéir Ghaeltachta eile i gcoitinne. Bhí méadú ó dhaonra na nGaeltachtaí i gcoitinne ó 85,703 in 1956 go 100,716 in 2011. Léiríonn an graf thuas gur tharla an titim ba shuntasaí laistigh de thréimhse tríocha bliain idir 1956 agus 1986 agus sa tarna leath de na nóchaidí idir 1996 agus 2002. Tá fianaise áirithe ann go bhfuil an daonra níos seasmhaí ón uair sin i leith. Nuair a dhéantar scagadh ar na staitisticí a bhaineann le líon na gcainteoirí laethúla de

[1] Tógadh na sonraí don tábla seo ón bPróifíl Dhéimeagrafach agus Socheacnamaíocha do Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh atá curtha le chéile ag Coláiste Mhuire gan Smál agus Institiúid Theicneolaíochta Luimní i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Comhchoiste Gaeltacht Uíbh Ráthaigh 2016-2017

réir thorthaí dhaonáirimh na mblianta 2006, 2011 agus 2016 **caithfear iad a thuiscint agus iad a chur san áireamh laistigh den titim leanúnach shuntasach i ndaonra an limistéir i gcoitinne.**

### 3.8 An Ghaeilge sa LPT – bunaithe ar Dhaonáireamh 2011 & 2016




| Daonra & Cainteoirí Laethúla Gaeilge (CLG) de réir Daonáireamh 2016 | Líon | % (bunaithe ar an daonra >3bl. d'aois) |
|---|---|---|
| Daonra Iomlán | 1,808 | |
| Daonra >3bl. d'aois | 1,753 | 100% |
| Daoine le cumas Gaeilge | 1,099 | 62.6% |
| CLG Iomlán ( A + B + C) | 366 | 20.8% |
| **A)** Laistigh den chóras oideachais | 245 | 13.9% |
| **B)** Lasmuigh den chóras oideachais | 93 | 5.3% |
| **C)** Laistigh & lasmuigh den chóras oideachais | 28 | 1.5% |
| **CLG lasmuigh (B + C)** | **121** | **6.9%** |

Léiríonn an tábla thuas go ndeireann 62.6% den daonra go bhfuil cumas de saghas éigin sa Ghaeilge acu ach níl ach 6.9% ag labhairt Gaeilge go laethúil. Is léir go bhfuil deis ann chun líon áirithe den 62.9% a mhealladh i dtreo na Gaeilge tríd an bpróiseas pleanála teanga.

**Torthaí Daonáireamh 2011 & 2016 – Impleachtaí don Teanga**


| | **2011** | **2016** | **Fíorathrú** |
|---|---|---|---|
| Daonra Iomlán | 1,795 | 1,808 | +13 |
| Daonra >3bl. d'aois | 1,710 | 1,753 | +43 |
| Daonra faoi bhun 3 bliana d'aois | 85 | 55 | -30 |
| Daoine le cumas Gaeilge | 1,141 | 1,099 | -42 |
| Daoine gan aon Ghaeilge | | 634 | |
| CLG Iomlán (A + B + C) | 411 | 366 | -45 |
| **A)** Laistigh den chóras oideachais | 274 | 245 | -29 |
| **B)** Lasmuigh den chóras oideachais | 114 | 93 | -21 |
| **C)** Laistigh & lasmuigh den chóras oideachais | 23 | 28 | +5 |
| CLG lasmuigh (B + C) | 137 | 121 | -16 |
| Daoine nár thug freagra | 25 | 20 | +5 |

**Is léir ón tábla thuas go bhfuil fás tagtha ar an daonra os cionn 3 bliana d'aois (+43), rud atá dearfach, ach tá an chuma ar an scéal go bhfuil titim i líon na ndaoine le cumas Gaeilge (-42). Is ábhar imní é go bhfuil titim mhór tagtha ar líon na bpáistí faoi bhun 3 bliana d'aois (-30) go háirithe do naíonraí agus scoileanna sa cheantair**.

**Líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge idir 3-18 – Daonáireamh 2011**

| | | |
|---|---|---|
| Daonra idir 3-18 | 349 | 100% |
| A) CLG Laistigh den chóras oideachais | 221 | 63% |
| B) CLG Lasmuigh den chóras oideachais | 10 | 2.8% |
| C) CLG Laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais | 14 | 4% |
| **CLG lasmuigh (B+C)** | **24** | **6.8%** |

Tá sé suntasach go raibh 63% den aoisghrúpa seo ag labhairt Gaeilge go laethúil laistigh den chóras oideachais agus gan fiú an Polasaí Oideachais Gaeltachta a bheith i bhfeidhm go fóill agus go bhfuil cuid mhaith acu seo ag freastal ar scoileanna lasmuigh den nGaeltacht. Caithfear deiseanna a chruthú do dhaoine óga sa LPT chun gur féidir leo an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den chóras oideachais ach go háirithe. Tá sé suimiúil go ndúirt 24 des na daoine óga seo gur cainteoirí laethúla Gaeilge iad. Is fiú iarracht a dhéanamh ar chomparáid a dhéanamh idir líon na ndaoine óga a bhí ag labhairt Ghaeilge go laethúil i 2011, agus an líon á labhairt i 2016, más ann doibh.




- **Daonáireamh 2011**

*Tá cainteoirí laethúla laistigh den chóras oideachais san áireamh sa bhfigiúr seo.

Mar atá mínithe níos luaithe sa mhír seo ar leathanach 15, tábla 3.1 – tá scoilt i gcuid mhaith de na toghranna i nGaeltacht Ciarraí Theas. Tá impleachtaí nach beag ag an scoilt seo do shláinte an teanga sa LPT. Mar shampla, i ndaonáireamh 2011 ní raibh aon chainteoir laethúil Ghaeilge i Loch Luíoch – níl ach cuid bheag den toghroinn seo sa Ghaeltacht. É sin ráite, dúirt 122 duine atá taobh amuigh den teorainn Gaeltachta ach ina gcónaí i Loch Luíoch go raibh cumas Ghaeilge acu. Mar atá léirithe sa chairt thuas, as na 9 toghranna ina bhfuil scoilt (cuid acu laistigh sa Ghaeltacht agus an cuid eile atá lasmuigh) dúirt 739 duine go raibh cumas Ghaeilge acu agus anuas ar sin bhí 215 acu ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Léiríonn na figiúirí seo go bhfuil deis ollmhór ann na daoine seo a mhealladh i dtreo na Gaeilge agus iad a bheith ina gcainteoirí gníomhacha.

**Is léir mar sin, nach bhfuil na teorainneacha Gaeltachta mar atá siad anois ag déanamh aon mhaitheas do chúrsaí teanga sa LPT agus caithfear na teorainneacha a leathnú chun an Ghaeilge a thabhairt slán.**

Is léir chomh maith go bhfuil an teanga agus an daonra tar éis cúlú go mór sna toghranna go léir i nGaeltacht Chiarraí Theas, seo príomhtheachtaireacht thorthaí an dá dhaonáireamh. Tá an-lagú agus an-laghdú tagtha ar an nGaeilge i nGaeltacht Chiarraí Theas trí chéile thar na glúnta, mar sin, laistigh den titim shuntasach daonra sa limistéar i gcoitinne agus tá fianaise an-suntasach ann den aistriú teanga ó Ghaeilge go Béarla.

Toisc go bhfuil formhór na gcainteoirí laethúla san LPT seo áirithe i gCatagóir C de réir *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht 2006-2011*, tuigtear go mbeadh sé dodhéanta do aon phróiseas phleanála teanga nó do aon phlean teanga, tromlach an phobail a iompú ar ais an nGaeilge mar theanga an teaghlaigh/an phobail sna ceantair Ghaeltachta laistigh de théimhse ghearr; **ach is féidir leis an bpleanáil teanga feidhm institiúideach na teanga a láidriú sna ceantair seo agus fonn a adhaint sna daoine pleanáil dá réir.**

**3.9. Conclúid agus Impleachtaí don Phlean Teanga**

Fágann sé seo ar fad go bhfuil fíorthábhacht le baint leis na pointí seo a leanas sa LPT ó thaobh na pleanála teanga de:

1. Tá gá an teanga a chur á neartú don mhionlach a úsáideann í go laethúil lasmuigh de chomhthéacsanna oideachais, agus tuiscint a fháil ar an gcóras seachadtha a thug an teanga slán i measc an chéatadáin sin. Tá fianaise gur sna toghranna Baile an Sceilg, Doire Ianna, an tImleach agus Toghroinn Fhíonáin atá na cainteoirí seo lonnaithe.

2. Beidh géarghá le haisiompú seachadadh teanga (Fishman 1991) sa Ghaeltacht seo agus chuige sin, ní mór nasc nó ceangal an-láidir a chothú idir naíonra agus an teaghlach ar an gcéad dul síos, agus le cothú gréasán tuismitheoirí agus teaghlach agus seirbhísí tacaíochta teaghlaigh.

3. Toisc go bhfuil trí bhunscoil sa Ghaeltacht seo, tá an gaol nó an coimhneas idir an scoil agus an baile thar a bheith tábhachtach d'inmharthanacht na teanga.
   140 páiste in aois bunscoile atá ag freastal ar bhunscoileanna an Limistéar Pleanála Teanga.
   Tá 295 páiste bunscoile sa réigiúin má cuirtear An Coiréan agus Cathair Dónall san áireamh, agus tá gá leis an líon seo páistí a bheith san áireamh le go mbeadh "cohort" réasúnta láidir ann chun imeachtaí a reachtáil do ghrúpaí ins na haois ghrúpaí éagsúla.

4. Tá géarghá le deiseanna úsáide teanga a bheith ag na leanaí scoile agus scoláirí iar-bhunscoile, lasmuigh de chomhthéacsanna oideachais, agus an fheasacht teanga a chothú ina measc.

5. Toisc nach bhfuil líon ard cainteoirí laethúla i gceist agus níl aon fhianaise ná tomhas oibiachtúil ar chaighdeán teanga, tá géarghá leis an bpleanáil sealbhaithe teanga chun cumas agus feasacht na ndaoine ar cheist na teanga a mhéadú**.** Beidh tábhacht le ranganna nó le ciorcail chomhrá chun na bunscileanna teanga sin a thabhairt do dhaoine ar spéis leo an teanga a athfhoghlaim agus a úsáid. Chuige sin, beidh gá le hinfrastrúchtúr oiliúna chun daoine a chumasú le ranganna, straitéisí teagaisc agus foghlama a chur ar fáil.

6. Ní mór a chur san áireamh go bhfuil pointe tosaithe an-difriúil sa Ghaeltacht seo maidir le bearta a shonrú. Tá patrún sochtheangeolaíoch anseo atá an-éagsúil ó cheantar go ceantar. Mar sin gníomhaíochtaí a ndéantar talamh slán díobh i nGaeltachtaí eile, sa Ghaeltacht seo ní mór na gníomhaíochtaí seo a chothú as an nua nó a chothú in athuair sa Ghaeltacht chun tús a chur le próiseas aisiompú seachadadh teanga, túsphointe an athneartú teanga.

7. Toisc an cúlú agus an meath teanga a bheith ceangailte go dlúth leis an titim ghinearálta sa daonra; ní mór an phleanáil teanga a shuíomh go huile is go homlán san fhorbairt phobail, gheilleagrach agus dhaonna.

8. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar theorainn an LPT seo. De réir daonáireamh 2011, má chuirtear le chéile líon iomlán na ndaoine sa cheantar nádúrtha – laistigh (1710) agus lasmuigh (1381) den LPT ta dlús daonra de 3091 ann – pointe tosaithe níos sláintiúla go mór ná an LPT a mheas mar aonad ann fein.

Tá dhá thuairisc eile réitithe le fíor dhéanaí maidir leis an gceantar seo:

1 Próifíl Dhéimeagrafach agus Socheacnamaíochta ar Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh curtha le chéile ag Coláiste Mhuire gan Smál agus Institiúid Theicneolaíochta Luimní i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta. Tá tascfhórsa curtha le chéile mar thoradh ar an dtuairisc seo.

2 Plean Forbartha Chósta an Sceilg ar Eispéireas Cuairteora - curtha le chéile ag Fáilte Éireann. Plean Turasóireachta do cheantar Uíbh Ráthach atá anseo, agus tá duine le fostú chun na bearta sa Phlean seo a chur i bhfeidhm.

Tá sé cinniúnach go mbeifear ag díriú ar fhorbairt a dhéanamh ar réimse forbartha na turasóireachta, na fostaíochta agus eacnamaíochta, agus na teanga, ag an am ceanna sa LPT seo agus tá sé fíor thábhachtach go mbeidh córas i bhfeidhm a chinnteóidh go mbeidh siad ag obair as lámha a chéile.

# MÍR 4: LÉARGAS AR ULLMHÚ AN PHLEAN TEANGA

## 4.1. Réamhrá

Sa mhír seo déantar cur síos ar conas a deineadh an plean a chur le chéile. Tugtar léargas ar conas a cuireadh an pobal ar an eolas faoi, conas a aithníodh na páirtithe leasmhara, conas a reáchtáladh na grúpaí fócais agus na cruinnithe poiblí. Is trí chur chuige comhpháirtíochta idir Comhchoiste Gaeltacht Uíbh Ráthaigh, an pobal féin agus na heagraíochtaí pobail a cuireadh an próiseas pleanála teanga seo ar siúl agus a éascaíodh saothrú an phlean féin. Cuireadh meitheal bheag oibre le chéile ag tús an phróiséis chun ord agus struchtúr a chur ar cúrsaí pleanála teanga sa leithinis. Is iad Mícheál Ó Leidhín as Baile an Sceilg, Fíona de Buis ón gCoireán, Caitlín Breathnach ón Dromod maraon le Mairéad Ní Mhathúna ón Dromod, a bhí ar an meitheal sin. D'fhreastal siad ar cruinnithe éagsúla le linn an phróiséis le hÚdarás na Gaeltachta agus le Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí.

## 4.2. Cruinnithe poiblí agus grúpaí fócais: An Taighde Cáilíochtúil

Chuir Údarás na Gaeltachta €40,000 ar fáil don Chomhchoiste chun próiseas na pleanála teanga a eagrú agus chun plean teanga a chur le chéile. I mí Eanáir 2016, nuair a fuarthas comhairleoir, An tOllamh Muiris Ó Laoire ó Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí ar feadh lá go leith in aghaidh na seachtaine, chuathas i mbun oibre ar phlean forbartha pobail teanga a ullmhú.

Faoi Mheitheamh na bliana 2016, bhí na páirtithe leasmhara agus na spriocghrúpaí pobail cuí aitheanta agus roghnaithe ag an gCeanneagraíocht, Chomhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh, agus bhíothas tar éis dul i gcomhairle leo ar fad le linn sraith de chruinnithe agus de ghrúpaí fócais sna ceantair agus sna paróistí ina rabhadar lonnaithe (feic Tábla 1.1).

Ag na cruinnithe seo, míníodh cén aidhm a bhí leis an bpróiséas seo agus fáiltíodh roimh a gcuid smaointe agus moltaí maidir le forbairt na teanga i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh agus maidir le cur chun cinn na teanga ina réimse oibre/spéise féin. Mhair na cruinnithe seo tuairim is uair a chloig ar an meán agus glacadh miontuairiscí ag na cruinnithe go léir.

Reáchtáladh na cruinnithe seo go léir go dátheangach seachas na cinn a reachtáladh leis na bunscoileanna Gaeltachta agus le naíonra na Dromoda a raibh Gaeilge amháin á húsáid acu. D'fheidhmigh na cruinnithe seo mar ghrúpaí fócais le cur chuige leathstruchtúrtha inar tugadh deis do rannpháirtithe plé níos leithne a dhéanamh ar an bplean teanga féin. Cuireadh fáilte roimh ábhair gan choinne a d'eascair ón bplé sna grúpaí fócais, chomh fada is gur bhain sé le hábhar an staidéir. Chuir an cur chuige seo go mór le saibhreas na faisnéise cáilíochtúla.

Is í an aidhm a bhaineann leis an ngrúpa fócais ná go ndéanann rannpháirtithe an ghrúpa comhphlé oscailte agus ransú intinne ar cheisteanna an taighde, agus go mbíonn siad ag spreagadh a chéile agus ag freagairt dá chéile. Le cabhair agus ionchur na ceanneagraíochta, rinneadh áis-sampláil nó deis-sampláil chun teacht ar rannpháirtithe. Is éard is áis-sampláil ann ná roghnú faisnéiseoirí ionadaíocha a bhfuil teacht éasca ag an taighdeoir orthu le páirt a ghlacadh sa phróiseas taighde. Rinneadh gach cúram de nach gcuirfeadh an áis-sampláil isteach ar an taighde ach go mbeadh na faisnéiseoirí a roghnaíodh oiriúnach agus ionadaíoch.

Tar éis na gcruinnithe, cuireadh cóip de na miontuairiscí chuig gach eagraíocht nó coiste agus tugadh cuireadh dóibh aiseolas a chur thar n-ais go dtí an t-oifigeach sa cheanneagraíocht a bhí ceaptha chun cabhrú go háitiúil le heagrú an phróisis. Cuireadh na miontuairiscí seo ar fáil go dátheangach i gcás gur reachtáladh an cruinniú go dátheangach agus i gcás gur reachtáladh cruinniú trí mheán na Gaeilge amháin, ba as Gaeilge amháin a cuireadh na miontuairiscí sin ar fáil.

Léiríonn Tábla 4.1. (thíos) na heagraíochtaí/coistí/institiúidí ar fad i nGaeltacht Chiarraí Theas a ghlac páirt sa togra idir Feabhra agus Samhain 2016.

| | |
|---|---|
| 10ú Feabhra | Waterville Early Years Centre |
| 10ú Feabhra | Tuismitheoirí Waterville Early years agus SN Naomh Fhionáin |
| 15ú Feabhra | Múinteoirí SN Cillin Liath |
| 15ú Feabhra | Múinteoirí Naionra na Dromoda |
| 15ú Feabhra | Tuismitheoirí na Dromoda |
| 17ú Feabhra | Múinteoirí SN An Ghleanna |
| 17ú Feabhra | Tuismitheoirí An Ghleanna |
| 2ú Marta | Muinteoiri SN Naomh Fhionáin |
| 2ú Marta | Forbairt na Dromoda |
| 9ú Marta | Múinteoirí Coláiste na Sceilge |
| 9ú Marta | Bridie Ni Shúilleabháin |
| 9ú Marta | Madeline Nic Giolla Phádraig |
| 15ú Marta | Múinteoirí SN Bhaile An Sceilg |
| 15ú Marta | Coiste Bhaile an Sceilg |
| 26ú Aibreán | Muintir Ghnó Chathair Cathair Dónall |
| 16ú Bealtaine | Múinteoirí Chathair Cathair Dónall |
| 21ú Meitheamh | Pobal na Dromoda |
| 21ú Meitheamh | Pobal Bhaile an Sceilg |
| 29ú Meitheamh | Coiste Chathair Cathair Dónall |
| 30ú Meitheamh | Coiste an Ghleanna |
| 21ú Meán Fómhair | Coistí Chumann Lúthchleas Gael |

| | |
|---|---|
| 23ú Meán Fómhair | Aonad Lán Ghaeilge-suirbhé |
| 10ú Meán Fómhair | Easpag Chiarraí |
| 6ú Deireadh Fómhair | KDYS |
| 11ú Deireadh Fómhair | Lucht scéime ÚnG |
| 24ú Deireadh Fómhair | SKDP (South Kerry Development Partnership) |
| 2ú Samhain | Lucht scéime ÚnG |
| 20ú Nollaig | Comhairle Chontae Chiarraí |

Tábla 4.1.: Na hagallaimh, grúpaí fócais agus cruinnithe poiblí

**4.3. Mar a tugadh faoin taighde cainníochtúil (na suirbhéanna éagsúla)**

Déantar cur síos anseo ar conas a tugadh faoin taighde. Bhí dhá thréimhse taighde i gceist:

1. Suirbhé pobail
2. Taighde a deineadh (suirbhéanna pobail agus daltaí bunscoile) le linn 2016 nuair a bhí an plean féin á ullmhú.

Léirítear an taighde a deineadh sa tábla thíos (Tábla 4.2):

| |
|---|
| Suirbhé pobail 2015 |
| Uasdátú an tsuirbhé pobail sin Fómhar 2016 |
| Suirbhé ar dhaltaí bunscoile Fómhar 2016 |
| Suirbhé pobail maidir le haifrinn Fómhar 2016 |
| Seisiún oscailte comhairliúcháin leis an bpobal ag Éigse na Brídeoige 2017 |

Tábla 4.2. Na suirbhéanna a deineadh a bhfuil a dtorthaí pléite i Mír 5

**An Suirbhé Pobail 2015**

Sular cuireadh tús le próiseas na pleanála teanga i 2016, chinn An Comhchoiste gur cheart suirbhé bunúsach a dhéanamh go háitiúil, agus na cuspóirí seo a leanas ag gabháil leis:-

- Bunlíne staitisticiúil a chur ar fáil don phlean teanga ó thaobh úsáid laethúil na Gaeilge de sa cheantar;
- Moltaí an phobail a lorg i dtaobh na dtacaíochtaí atá ag teastáil chun an Ghaeilge a choimeád beo mar theanga phobail sa cheantar;
- Daoine nua a aithint sa phobal atá sásta páirt ghníomhach a ghlacadh i gcur chun cinn na Gaeilge;
- Eolas a scaipeadh sa phobal mar gheall ar an ngá a bheidh ann do phlean teanga a ullmhú don cheantar.

Bhí an suirbhé seo dírithe ar theaghlaigh uile an cheantair

D'fhreagair 107 duine aonair an suirbhé pobail seo laistigh de thréimse ceithre seachtaine fad a bhí sé oscailte don phobal ar an idirlíon. **Cé gur bhain formhór na ndaoine úsáid as cóipeanna crua den cheistneoir chun a gcuid tuairimí a roinnt, bhí líon suntasach déanta ar-líne freisin.**

Tháinig 71% de na freagraí ó mhná agus 29% ó fhir. **Tháinig tromlach na bhfreagraí ó dhaoine i rannóg aoise 31-50 bliain (54%).** Go bunúsach, máithreacha le leanaí in aois scoile nó naoíscoile ab ea formhór na ndaoine a ghlac páirt sa phróiséas seo.

**4.4. Taighde a deineadh le linn 2016**

4.4.1 Uasdátú an tsuirbhé pobail*: Próifíl Dheimeagrafach agus Socheacnamaiochta 2016*

Rinneadh suirbhé pobail ar líne i bhFómhar na bliana 2016 mar chuid de *Próifíl Dheimeagrafach agus Socheacnamaiochta* 2016 a scríobh An Dr. Brendan O' Keefe ó Choláiste Mhuire gan Smál chun iniúchadh a dhéanamh ar chúrsaí forbartha pobail, ar chúinsí daonra agus ar sholáthar seirbhísí pobail sa leithinis. Bhí ceisteanna sa suirbhé seo a bhain go sonrach leis an bpleanáil teanga: eolas faoi phróiseas na pleanála féin agus ionchur an phobail ann, minicíocht labhartha Gaeilge, tábhacht stádas Gaeltachta. Anuas air sin, tugadh deis do dhaoine moltaí agus tuairimí a chur ar fáil. **Thug sonraí an tsuirbhé seo deis dúinn príomhthorthaí an tsuirbhé i dtaobh labhairt na Gaeilge a deineadh in 2015 a athnuachan mar bhí ceisteanna sa suirbhé seo a bhain go sonrach leis an bplean teanga agus le cumas agus úsáid laethúil Gaeilge na bhfreagróirí ar aon dul le ceisteanna an tsuirbhé pobail**.

4.4.2 Suirbhé ar dhaoine óga
D'fhonn dearcadh i leith na teanga a thomhas, socraíodh ar shuirbhé a dhéanamh le daoine óga an cheantair. Idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna, cuireadh suirbhé ar líne do dhaltaí sna bunscoileanna Gaeltachta seo a leanas: Cillín Liath, An Gleann, Cathair Dónall agus Baile an Sceilg.

4.4.3 Suirbhé pobail maidir le haifrinn
I mí Dheireadh Fómhair 2016 cuireadh suirbhé beag ar an bpobal maidir le cúrsaí liotúirge ag an aifreann tar éis cruinniú a bheith ann ar 10 Deireadh Fómhair le hEaspag Chiarraí maidir le héileamh pobail ar shearmanais eaglasta agus aifrinn a bheith ar fáil trí Ghaeilge sna pobail Ghaeltachta. Scaipeadh an suirbhé seo ar an bpobal ag deireadh na n-aifrinn i séipéil difriúla pharóistí an LPT sa Dromod, Cathair Dónall agus Paróiste na Priarachta. Líon 170 faisnéiseoir an ceistneoir seo ar fad.

4.4.4 Seimineár ar an bPlean Teanga ag Éigse na Brídeoige Feabhra 2017
Ag Éigse na Brídeoige ar 3 Feabhra 2017, reáchtáladh seimineár, "Ag an gCrosbhóthar: Uíbh Ráthach Dátheangach" mar chuid de chlár na féile chun aird a tharraingt ar an bplean teanga agus chun plé poiblí a spreagadh. Labhair seisear cainteoirí de chuid Ghaeltacht Chiarraí Theas faoi mbeathaisnéisí teanga féin ag an Éigse. Spreag na cainteanna seo

díospóireacht phoiblí ón urlár agus nochtaíodh roinnt mhaith moltaí agus tuairimí faoi threo na pleanála teanga sa LPT lena linn.

Dhein an Cheanneagraíocht taifead ar na cainteanna go léir a mhair trí huaire a chloig agus deineadh scagadh air nuair a éistíodh siar leis an taifead.Cuirtear na príomhmholtaí a tháinig ón urlár maidir leis an bplean teanga san áireamh i Mír 5 (Mír 5.5).

**4.5. Mar a cuireadh an pobal ar an eolas faoin bplean: Trí ghréasasód[2] agus seimineár poiblí**

I mí na Nollag 2016, ag druidim i dtreo dheireadh na tréimhse ullmhúcháin agus ag dul i dtreo na chéad chéime den phróiseas comhairliúcháin phoiblí san LPT, féachadh le haird an phobail a dhíriú ar ábhar an phlean féin agus ar an bpróiseas pleanála teanga.

Measadh go raibh sé an-tábhachtach go mbeadh rochtain ag an bpobal ar a raibh sa phlean féin chun go nglacfaidh siad úinéireacht air. Chuige sin, ullmhaíodh trí fhíseán nó trí ghréasasód bunaithe ar ábhar an phlean teanga féin (Déantar tuilleadh cur síos ar na gréasasóid seo i mír a hocht den phlean seo). Sna gréasasóid seo, tugadh eolas cúlra faoi phróiseas na pleanála teanga féin, faoin taighde a deineadh mar chuid den phlean agus labhair daoine ó na coistí agus ó na pobail áitiúla faoi na bearta a bhí le cur acu féin sa phlean.  D'fhéach 7900 duine ar na gréasasóid seo, 150 duine a roinn na gréasasóid seo ar a chéile, agus 123 duine a chuir in iúl gur thaitin siad leo. Bhí seoladh poiblí na ngréasasód ar an 20 Eanáir 2017 i halla Chathair Dónall agus bhí slua mór i lathair. Uaslódáladh na gréasasóid seo ar shuíomh Facebook, Cairde Uíbh Ráthaigh.

Ag Éigse na Brídeoige ar 3 Feabhra 2017, féile chultúrtha bhliantúil a reáchtáltar i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh bhí seimineár, "Ag an gCrosbhóthar: Uíbh Ráthach Dátheangach" mar chuid de chlár na féile chun aird a tharraingt ar an bplean teanga agus chun plé poiblí a spreagadh.

Tugadh cuireadh do sheisear cainteoirí de chuid Ghaeltacht Chiarraí Theas labhairt faoina dturasanna teanga pearsanta féin agus thug aoi-chainteoir ó Oileán Mhanainn, Adrian Cain caint ar an bpleanáil teanga thall ansan. Spreag na cainteanna seo díospóireacht phoiblí ón urlár agus nochtaíodh roinnt mhaith moltaí agus tuairimí faoi threo na pleanála teanga sa LPT lena linn. D'fheidhmigh an seimineár seo mar uirlis taighde chomh maith agus deineadh taifead air ó thus go deireadh rud a chuirtear san áireamh anseo i gcuid de thorthaí taighde an phlean.

Baineadh úsáid fhorleathan as na meáin chun an pobal a chur ar an eolas faoin bplean. Cuireadh fógraí i nuachtán The Kerryman, nuachtán seachtainiúil an chondae agus

[2] Is ionann gréasasód agus físeán ina bhfuil sraith de scéalta á hinsint go físiúil laistigh den scéal céanna.  Scéal An Phlean Teanga a bhí á insint anseo ina slí féin ag muintir na bparóistí difriúla

scaipeadh eolas faoi trí na meáin shóisialta, Facebook agus Twitter agus deineadh suirbhéanna (a ndéanfar cur síos orthu sa chéad chuid eile den mhír seo) a thug eolas don bpobal faoin bplean**. Cuireadh altanna rialta i gcló insan South Kerry Advertiser mar gheall ar an bpróiseas pleanála teanga. Tá cur síos níos iomláine ar an tslí inar músclaíodh feasacht i leith phróiseas na pleanála i Mír 8.**

# MÍR 5: TORTHAÍ AN TAIGHDE

## 5.1. Réamhrá

Sa mhír seo, déantar cur síos ar thorthaí an taighde. Tugadh fén taighde i slite difriúla. Léirítear an taighde a deineadh sa tábla thíos (Tábla 5.1).

| | |
|---|---|
| Suirbhé pobail 2015 | Mír 5.2 |
| Uasdátú an tsuirbhé sin Fómhar 2016 | Mír 5.3 |
| Suirbhé ar dhaltaí bunscoile Fómhar 2016 | Mír 5.4 |
| Suirbhé pobail maidir le haifrinn Fómhar 2016 | Mír 5.5 |
| Torthaí an tseimineáir ag Éigse na Brídeoige Feabhra 2017 | Mír 5.6 |
| Na mórthátail agus impleachtaí don phleanáil teanga | Mír 5.7 |

Tábla 5.1. Na suirbhéanna agus an bailiú taighde

**Taighde chainníochtúil**

## 5.2 Torthaí an tsuirbhé pobail

Seo a leanas na príomhshonraí a tháinig chun cinn sna torthaí **bunaithe ar na freagraí a fuarthas thar n-ais ón 107 a ghlac páirt sa suirbhé:**

- I gcás 66% de na daoine a ghlac páirt sa tsuirbhé, tá leanaí sa teaghlach leo. Ní raibh aon leanbh ag fáilt aire ghairmiúil i suíomh príobháideach
- Tá 6% de na leanaí ag freastal ar naíonra atá ag feidhmiú as Gaeilge agus 3% ag baint úsáide as ionad chúram leanaí eile sa cheantar
- Tá 35% de na leanaí ag freastal ar bhunscoileanna Gaeltachta agus 19% eile ag freastal ar bhunscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht
- Tá 19% de na leanaí ag dul go Coláiste na Sceilge agus 3% eile ag freastal ar mheánscoileanna eile

Bunaithe ar na figiúirí seo, is léir go gcaithfí na scoileanna lasmuigh agus laistigh de theorainn na Gaeltachta a thógaint san áireamh in aon phlean teanga a bheidh ullmhaithe don cheantar seo sa todhchaí.

**Cumas agus úsáid teanga**

Leis an suirbhé seo, bhíothas ag iarraidh eolas a aimsiú mar gheall ar an gcumas teanga ina measc siúd a bhí ag glacadh páirte, agus ansin cé comh minic is a bhíonn an Ghaeilge á labhairt acu agus cé mhéad Gaeilge a labhraíonn siad nuair a úsáideann siad í.

Toisc gur ghlac na freagróirí páirt sa suirbhé seo as a stuaim féin, is féidir a rá, dá bharr, go bhfuil suim ar leith sa teanga acu, agus seans dá réir go bhfuil cumas níos mó ná an meán sa phobal acu. Is pointe suntasach ann féin í gur fhreagair gach uile duine na ceisteanna seo i dtaobh chumais agus úsáid na Gaeilge.

Tugann an t-eolas a bailíodh i leith na gceisteanna seo pictiúr dearfach go maith i dtaobh na

Gaeilge sa LPT, le tromlach na ndaoine a rá go bhfuil Gaeilge 'mheasartha' acu i láthair na huaire. Mar sin féin, tuigtear gur breithmheas pearsanta atá i gceist agus nach n-insíonn "measartha" mórán faoin gcumas teanga i ndáiríre.

Ó thaobh úsáide de, luaigh 3% faisnéiseoirí gurb í an Ghaeilge teanga an teaghlaigh acu, agus luaigh 18% acu go mbíonn comhrá as Gaeilge acu gach lá. Úsáideann 37% roinnt áirithe Gaeilge go laethúil. Ní úsáideann 12% Gaeilge riamh, cé go raibh 6.5% de na daoine a ghlac páirt á rá nach bhfuil aon Ghaeilge acu. Ciallaíonn sé seo go bhfuil cumas áirithe ag 5.5% den phobal sa Ghaeilge, cé nach mbaineann siad aon úsáid aisti.

Ach léirigh 91% suim i bhfeabhas a chur ar a gcuid scileanna teanga. Cuireadh ceist ar na freagróirí i dtaobh na dtacaíochtaí a bhí ag teastáil uathu chun a gcuid Gaeilge a fheabhsú, agus tháinig moltaí soiléire chun cinn dá bharr:

- S'iad na ciorcail chomhrá an uirlis ba mhó éilimh (39%):

Luaigh faisnéiseoir amháin, cuir i gcás an ciorcal comhrá mar seo a leanas:

*"Ciorcal cumarsáide b'fhéidir, tá a lán Gaeilge ag a lán daoine ach níl seans acu teacht le chéile chun í a labhairt. Níl muinín ag daoine ins an méid atá acu. Tuigeann daoine níos mó ná mar a labhrann siad".*

Tá éileamh suntasach léirithe do bhreis Gaeilge a bheith in úsáid i ngnóthaí an cheantair (35%). Ba mhaith le 34% breis imeachtaí Gaeilge a bheith eagraithe sa phobal. Teastaíonn ó 25% go mbeadh breis Gaeilge in úsáid i searmanais eaglasta sa cheantar.

Tá sé spéisiúil freisin nár luaigh ach 11.5% gur chóir go mbeadh breis Gaeilge á n-úsáid i gclubanna spóirt sa cheantar, cé go raibh éileamh árd á léiriú do imeachtaí eagraithe, foirmeálta as Gaeilge.

I meon na ndaoine, tá úsáid na teanga á samhlú le hearnálacha áirithe mar oideachas, eaglais agus gnó. **Ní léir i gcónaí go bhféachtar ar an teanga mar fhíortheanga theaghlaigh agus phobail.**

Agus daoine ag freagairt ceiste mar gheall ar an sórt ranganna a bheadh ag teastáil uathu féin go pearsanta, is léir, go bhfuil éileamh ann do ranganna Gaeilge ag an meánleibhéal (35%) agus do chiorcail chomhrá (31%).

**Tá sé suntasach gur aithníodh an tábhacht chomh maith a bhaineann le Gaeilge laistigh den chóras oideachais ag gach leibhéal-ón naíonra aníos go dtí an mheánscoil mar riachtanas pobail, chomh maith le himeachtaí eagraithe don óige ag leibhéal an phobail**

**de.** Agus deis tugtha ag freagróirí eolas lasmuigh de struchtúr na ceiste a thabhairt, bhí éileamh á dhéanamh ar:

*"Iarracht mhacánta bhríomhar a dhéanamh chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa bhunscoil"*

Arís bhí aitheantas suntasach á thabhairt don Ghaeilge san eaglais agus san earnáil ghnó mar riachtanais ar leith.

Cuireadh ceist bheacht ar dhaoine ar cheart, dar leo, go mbeadh Uíbh Ráthach aitheanta mar Ghaeltacht i gceann 7 – 10 mbliana. D'fhreagair 100 as an 107 an cheist sin, agus bhí gach uile dhuine acu den tuairim gur cheart stádas Gaeltachta a choimeád.

### 5.3. Torthaí uasdátú an tsuirbhé 2016: An *Próifíl Dheimeagrafach agus Shocheacnamaíochta*

Deineadh uasdátú ar shuirbhé pobail 2015 mar chuid a scríobh An Dr. Brendan O' Keefe ó Choláiste Mhuire gan Smál. **Bhí ceisteanna sa suirbhé seo a bhain go sonrach leis an bplean teanga agus le cumas agus úsáid laethúil Gaeilge na bhfreagróirí.**

D'fhreagair 126 an suirbhé seo agus líonadh cóipeanna crua de chomh maith. Thuairiscigh 73.93% d'fhaisnéiseoirí an tsuirbhé seo go raibh a fhios acu go raibh plean teanga á chur le chéile do Ghaeltacht Chiarraí Theas. Tá sé suntasach mar sin féin, gur chuir níos mó ná a cheathrú (26.61%) de na faisnéisoirí in iúl nach raibh aon eolas in aon chor acu ar an bplean. Maidir le hionchur bheith ag an bpobal sa phlean, thuairiscigh beagnach a leath de na faisnéiseoirí, 49.32% gur fhreastail siad ar sheisiún poiblí eolais faoin bplean. Léirigh 27.40% gur chomhlíonadar ceistneoir agus bhí 17.81% á leanúint ar shuíomh Facebook. Dhearbhaigh 5.48% go rabhadar i dteagmháil leis an gceanneagraíocht go díreach faoi.

Ba í an cheist ar labhairt laethúil na Gaeilge an ceann ba thábhachtaí don taighde seo ar an bplean teanga. **Anseo, thuairiscigh 15.38% d'fhaisnéiseoirí go mbaineann siad úsáid laethúil as an teanga lasmuigh den chóras oideachais**.

Sa suirbhé seo, dhearbhaigh 50% nach n-úsáideann siad an teanga riamh le linn na seachtaine. Níl aon mhórathrú ar chéatadán na bhfaisnéiseoirí a chuir in iúl nach bhfuil aon Ghaeilge in aon chor acu. I suirbhé na bliana 2012, léirigh 15% d'fhaisnéiseoirí nach n-úsáideann siad an Ghaeilge riamh agus tá an céatadán sin íslithe beagán (11.54%) de réir an tsuirbhé seo.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go raibh beagnach gach duine a líon an suirbhé seo seachas duine amháin den tuairim go raibh sé tábhachtach go gcoimeádfaí stádas

Gaeltachta an cheantair. Nochtaíodh tuairimí agus moltaí breise ag deireadh an cheistneora faoin ngá le breis infheistíochta sa cheantar ó thaobh fostaíochta, tionscalaíochta, turasóireachta agus infrastruchtúir de agus bhain ocht moladh as tríocha le Gaeilge. Seo na tuairimí a nochtaíodh

- *It is important to keep our language alive.*
- *Gach áit i gCiarraí Theas a bheith sa Ghaeltacht ós na Cealla go Cuan a Chaisleán comh maith le Cathair Saidhbhín.*
- *Ba bhreá liom go mbeadh níos mó Gaeilge in usáid sa phobal.*
- *Níos mó Gaeilge san áit*

**Mar sin is léir ón dá shuirbhé seo an staid leochaileach ina bhfuil an teanga sa Ghaeltacht seo. Ar an iomlán, faoi láthair ní úsáideann ach líon beag de dhaonra na dúiche í ar bhonn laethúil. Fiú agus úsáid na teanga bheith luaite agus féintuairisciú na bhfaisnéisoirí bheith déanta ina leith, d'fhéadfadh raon féidearthachaí bheith i gceist san úsáid seo ó fhrásaí difriúla, fánacha go láninniúlacht agus lánúsáid leanúnach laethúil. Mar sin féin, tá móramh i gceist atá báúil leis an teanga agus sa phlean teanga seo, ní mór dul i bhfeidhm orthu siúd ach go háirithe, agus iad a chumasú chun an teanga a úsáid chomh maith le deiseanna úsáide a chur ar fáil ar fud an phobail agus gach tacaíocht a chur ar fáil do theaghlaigh agus do dhaoine a úsáideann an teanga go leanúnach laethúil.**

**5.4. Torthaí na suirbhéanna ar dhaltaí na mbunscoileanna Gaeltachta**

Mar a luadh i Mír 4, d'fhonn dearcadh i leith na teanga a thomhas, socraíodh ar shuirbhé a dhéanamh le daoine óga an cheantair. Cuireadh gearrshuirbhé ar leanaí ranganna a cúig agus a sé in aois idir deich mbliana d'aois agus dhá bhliain déag d'aois sna bunscoileanna Gaeltachta le linn mhí na Samhna 2016 chun teacht ar léargas ar cé chomh forleathan agus cé chomh minic is a bhí úsáid na Gaeilge ina measc agus a gcuid dearcthaí agus peirspictíochtaí i leith na teanga a fháil. Ghlac 126 daltaí as 126 páirt sa suirbhé seo sna trí bhunscoil Gaeltachta: Cillín Liath, An Gleann agus Baile an Sceilg. Bhí 52% acu i rang a cúig agus 48% i rang a sé.

Nuair a cuireadh ceist orthu faoina gcumas Gaeilge, thuairiscigh a bhformhór acu 76.89% go raibh Gaeilge "réasúnta maith" acu dá réir féin. Is díol suntais é áfach nár thuairiscigh ach cúigear daltaí ar fad as céad fiche sé nó 3.97% acu go raibh Gaeilge lán-líofa acu. Cé go rabhthas ag brath anseo ar fhéintuairisciú na ndaltaí i leith a gcuid cumais féin, rud nach mbíonn cruinn i gcónaí; fós i gcomhthéacs na suirbhéanna eile atá déanta bheadh an líon beag sin a thuairiscíonn go bhfuiltear lán-inniúil ar Ghaeilge mhaith ag teacht go hiomlán leis an treocht atá i dtorthaí na suirbhéanna sin.

Os a choinne sin áfach, thuairiscigh 46.86% go n-úsáideann siad Gaeilge ag baile. Arís níltear cinnte faoi cad go díreach a chiallaíonn "úsáid ag baile". D'fhéadfadh obair bhaile nó

cuairteanna Tús Maith nó gnáthchaint nó frásaí bheith cuimsithe ina gcuid tuisceana ar "réasúnta".

Thuairiscigh 53.17% nach n-úsáideann siad Gaeilge riamh ag baile. Cuireadh ceist ghaolmhar áfach faoi mhinicíocht úsáide ag baile agus anseo, tá pictiúr níos soiléire ag teacht chun solais. Ag teacht arís le treocht na suirbhéanna eile, níor thuairiscigh ach 4 daltaí nó 3.67% go n-úsáideann siad an teanga go laethúil sa bhaile.

Thuairiscigh 91.94% gur leis an múinteoir amháin a labhair siad Gaeilge agus bhí céatadán beag ann arís, naonúr daltaí nó 7.26% a léirigh gur labhair siad Gaeilge sa bhaile. Béarla amháin a labhraíonn 55.56% de na daltaí seo agus bhí 41.27% a luaigh go labhraíonn siad Béarla agus Gaeilge sa bhaile. Tá sé suntasach anseo nár luaigh oiread agus leanbh amháin gurbh í an Ghaeilge amháin a labhraíonn siad sa bhaile.

Nuair a cuireadh ceist faoin méid Gaeilge a bhí á labhairt lasmuigh de chomhthéacs na scoile le seachtain anuas, níor thuairiscigh ach triúr nó 2.38% gur labhair siad Gaeilge gach lá agus ní labhraíonn 88.71% an teanga riamh lena gcairde lasmuigh den scoil.

### 5.5. Torthaí an tsuirbhé pobail maidir le seirbhísí eaglaise

Tugtar cur síos achomair anseo ar na príomhthorthaí a tháinig chun solais ón suirbhé seo.

Ós rud é nach bhfuil aon aifreann trí Ghaeilge ar fáil sa Limistéar Pleanála Teanga, chuireamar suirbhé ar an bpobal faoin nGaeilge san Eaglais féachaint an mbeadh suim ina leithéid de rud.

Líon 46.47% an suirbhé seo i bparóiste na Dromoda, agus 31.18% i gCathair Dónall agus 22.35% i bParóiste na Priarachta. D'fhreagair 154 faisnéiseoir an cheist: "Ar mhaith leat aifreann as Gaeilge bheith sa pharóiste" agus dúirt a bhformhór mór acu, 86.36% gur theastaigh aifreann as Gaeilge uathu. Chuir 40.58% in iúl gur theastaigh aifreann seachtainiúil uathu agus léirigh 10.87 suim in aifreann in aghaidh na coicíse. Aifreann in aghaidh na míosa atá ag teastáil ón tromlach 48.55%.

Léirigh 83.11% gur mhaith leo paidreacha bheith as Gaeilge ag na searmanais agus ag aifrinn agus bhí 16.89% ina gcoinne. Dhearbhaigh 82.88% d'fhaisnéiseoirí go dteastaíonn uathu go mbeadh polasaí teanga ag an eaglais agus go dtabharfaí a rogha teanga dóibh agus iad ag iarraidh searmanas nó liotúirge ar an eaglais, m.sh. aifreann príobháideach/tí, aifreann comórtha, baisteadh, adhlacadh**.**

Tá an t-aiseolas seo curtha san áireamh i mbeart 23 i Mír a Sé den phlean seo.

## 5.6. Aiseolas le linn seimineáir ag Éigse na Brídeoige, Feabhra 2017.

Déantar cur síos anseo ar na príomhphointí a deineadh le linn an tseimineáir.

Tá géarghá le tionscadal a thosú i nGaeltacht Chiarraí Theas a bheadh teangalárnach (ar aon dul le tionscadal Oideas Ghael) a mheallfadh infheistíocht agus turasóirí teanga chun na háite. Tá sé an-tábhachtach go mbeadh an Ghaeltacht agus an Ghaeilge á samhlú le forás, le nuálacht agus le dul chun cinn má tá an teanga le bheith inmharthanach amach anseo. Dá mbeadh a leithéid ann, bheadh deis níos fearr ag daoine óga fanacht san áit, clann a thógáil agus bheadh an teanga ina buntáiste acu.

Luadh an gá atá le heiseamláirí athbheochana agus athneartaithe teanga i measc gréasáin phobail. Tar éis do dhaoine éisteacht le cainteoir ó Oileán Mhanainn a labhair faoin ndul chun cinn atá déanta in athneartú na Manannaise, agus éisteacht le cainteoir a labhair faoin ndul chun cinn atá déanta le fuinneamh ag gréasán atá ag feidhmiú faoi thacaíocht Ghlór na nGael in Oileán Dairbhre, bhíothas den tuairim go raibh gá le "splanc" a adhaint i measc an phobail. Ba chuige sin an plean; an túsphointe. Ach caithfear mórán rudaí agus forbairtí a thabhairt chun críche ag an am céanna.

Caithfear an síol a chur ag baile. Chun go gcuirfí an síol seo, moladh go dtiocfadh scata tuismitheoirí le chéile chun Gaeilge a labhairt. Bheadh cuid acu níos fearr ná a chéile agus bheidis ag cabhrú agus ag tacú lena chéile. Tá géarghá le gréasán de theaghlaigh Ghaeilge a bhunú a thabharfadh tacaíocht dá chéile. D'fhéadfadh sé bheith neamhfhoirmeálta ach bheadh struchtúr ag teastáil chuige.

Bhí moladh ann go mbeadh sé de dhualgas ar mhúinteoirí daltaí a athint a mbeadh cumas faoi leith acu sa teanga agus moladh a dhéanamh dá dtuismitheoirí iad a chur chuig an Aonad lán-Ghaeilge mar gur thug an t-aonad dóchas, uchtach agus misneach don cheantar.

Iarradh go mbeadh deis ag na daltaí seo dul ar aghaidh agus staidéar ar na hábhair ar fad a dhéanamh trí mheán na Gaeilge go leibhéal na hArdteistiméireachta. Caithfear cuimhneamh ar struchtúr agus caithfear tosú ag an mbun agus go bhfuil gá le tacaíocht speisialta ón Rialtas.

Tá tábhacht faoi leith ag baint le foghlaimeoirí a bhfuil an teanga foghlamtha agus sealbhaithe go maith acu chun an díograis agus an splanc sin a ath-thosú.

Ceist an-mhór is ea: Conas is féidir dul i ngleic leis an easpa muiníne atá ag daoine as a gcumas sa Ghaeilge? **Tá an easpa féinmhuiníne seo ag cur bac ar dhaoine triail a bhaint as an méid Gaeilge atá acu.**

Tá géarghá le díriú ar an gcineál teanga atá in úsáid sa Ghaeltacht. B'fhéidir go bhfuil an teanga "róghlan" agus blas róchaighdeánaithe air agus go bhfuil beocht agus nádúrthacht a

shamhlófá le beotheanga ar bith in easnamh uirthi.
Tá gá atá le díriú isteach ar thuismitheoirí le leanaí óga agus forbairt a dhéanamh ar sheirbhís mhaith naíonraí agus tacaíochta teaghlaigh

Tá géarghá le labhairt na teanga a spreagadh i measc na ndaoine críonna i dtreo is go mbeadh an teanga níos sochloiste agus níos feiceálaí.

Luadh an gá a bhí leis an tumoideachas agus an polasaí oideachais Ghaeltachta a chur i bhfeidhm sna bunscoileanna.

Luadh an gá a bhí le pleanáil a dhéanamh maidir le cur chun cinn na teanga sa Choiréan. Caithfear deileáil leis seo agus dul i bhfeidhm ar ghnónna ansin chun cur ina luí orthu go bhfuil siad ag cur seirbhísí agus gnó ar fáil do bhaill phobal arbh í an Ghaeilge a rogha teanga.

**5.7. Na mórthátail agus impleachtaí don phleanáil teanga**
Is léir go bhfuil dhá réimse an-tábhachtach ar fad anseo ó thaobh na pleanála de: réimse an teaghlaigh agus réimse an oideachais agus tá an dá réimse sin spleách ar a chéile chun an t-athneartú teanga a thabhairt chun críche san LPT seo.

**Baineann an chéad mhórthátal le pleanáil do réimse an teaghlaigh agus misniú nuachainteoirí. Cé nach bhfuil ach 3% de theaghlaigh á n-áireamh féin mar theaghlaigh Ghaeilge; is léir mar sin féin:**

- Go dtuigeann an pobal nó an chuid den phobal a ghlac páirt sa suirbhé seo tábhacht teanga an teaghlaigh don phleanáil teanga. Seo an chuid is lárnaí agus is tábhachtaí den phleanáil teanga.

- Is léir an dea-thoil i leith na teanga atá ag pobal Ghaeltacht Chiarraí Theas. Tá an teanga tar éis cúlú go mór de bharr chúinsí laghdaithe daonra agus de bharr cúinsí soch-eacnamaíochta eile. Ní hionann sin is a rá go bhfuil dóchas caillte ag pobal na háite. **Tá teacht aniar nó vitalité ag baint leo mar phobal**. Is léir ó shuirbhé 2016 go dteastaíonn ó bheagnach 100% den phobal an stádas Gaeltachta a choimeád.

- Tá gá le pleanáil ón mbun aníos agus féachaint le struchtúr agus gréasán a bhunú do thuismitheoirí óga a bheadh ag cuimhneamh ar a gcuid leanaí a thógaint le Gaeilge.

- **Bíonn easpa misnigh go minic an teanga a labhairt. Ní bhíonn a ndóthain muiníne acu as a gcumas féin. Cé go n-aithnítear an tábhacht a bhaineann le taithí a bheith acu leis an teanga a úsáid agus a fhoghlaim, ní gá gur ranganna foirmeálta atá ag teastáil ó dhaoine.**

**An dara mórthátal atá le baint as seo ar fad ná tábhacht an oideachais.**

- Tá géarghá le pleanáil chúramach anseo maidir le réamhscolaíocht (níl ach naíonra amháin ag feidhmiú as Gaeilge), bunscolaíocht agus meánscolaíocht. Tá an ceangal idir an teaghlach agus an scoil fíorthábhachtach don phleanáil teanga. Tá an nasc sin idir an teaghlach agus an scoil criticiúil nó ríthábhachtach sa phleanáil teanga, maidir le húsáid teanga a leathnú sa teaghlach féin agus maidir leis an sealbhú teanga a chumasú agus a éascú sna leanaí. Deineadh tagairt fhíorshuimiúil dó seo le linn an chruinnithe i mBaile an Sceilg. Sna miontuairiscí (15 Meán Fómhair 2015) tá a leithéid ráite go follasach:

  *Tá na tuismitheoirí thar a bheith tábhachtach san aistriú teanga ó ghlúin go glúin – cruinnithe a eagrú leo sa scoil uair sa tseachtain chun go mbeadh siad ar an eolas i dtaobh na teangan atá á fhoghlaim sa scoil ag na leanaí...ceannach isteach na dtuismitheoirí tábhachtach, agus tábhachtach go bhfeicfeadh na leanaí é sin freisin*

- Mar sin, beidh an t-oideachas lárnach sa phleanáil teanga i nGaeltacht Chiarraí Theas. Beidh gá le breis soiléirithe a dhéanamh áfach ar mheon daoine óga agus na spreagthaigh atá uathu maidir le Gaeilge a úsáid.

**An tríú mórthátal atá le baint as an obair seo ná líon réasúnta ard na bhfreagróirí atá ina gcónaí lasmuigh de theorainn oifigiúil Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh.**

- Luadh go bhfuarthas freagraí ó 16% de rannpháirtithe a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den teorainn oifigiúil. Aithníodh chomh maith tábhacht na réamhscoileanna agus na mbunscoileanna atá ag feidhmiú lasmuigh de theorainn na Gaeltachta do chur chun cinn na teanga sa Ghaeltacht seo.

- **Tá tábhacht mhór ag baint leis an gCoireán mar bhaile ina ndéanann cuid mhaith de muintir na Gaeltachta a gcuid gnó.** Ag cruinnithe poiblí faoin bplean teanga a eagraíodh ann i mBealtaine na bliana 2016, níor fhreastail ach duine amháin air. Reachtáladh an dara cruinniú ina dhiaidh sin ann agus arís, níor fhreastail oiread is duine amháin air**. Mar sin, tá gá le breis taighde a dhéanamh ar dhearcthaí agus ar mheon mhuintir an Choireáin i leith na Gaeilge agus feachtas feasachta a thosú ann maidir le na buntáistí a bhaineann léi don bhaile mar bhaile gnó agus turasóireachta**. Beidh gá le breis soiléirithe a dhéanamh ar mheon, ar spreagthaigh, ar dheiseanna úsáide agus ar phatrúin reatha úsáide i measc an daonra tábhachtaigh seo. Tá gá le coiste a bhunú a dhéanfadh iniúchadh ar fhéidearthachtaí maidir le feasacht teanga a chur sa tsiúl i mbaile an Choireáin mar chéad chéim i bhfeachtas le breis seirbhísí a sholáthar ann do dhaoine ón nGaeltacht arbh í a rogha teanga.

- Tá gá le tascfhórsa a d’fhéadfadh iniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthachtaí a bhaineann le tionscal a bheadh teangalárnach a bhunú i nGaeltacht Chiarraí Theas a mheallfadh infheistíocht thábhachtach chun na háite.

# MÍR 6: BEARTA AN PHLEAN TEANGA

## 6.1. Réamhrá

Tá tábhacht ar leith leis an bprionsabal 'ón mbonn aníos' don phróiseas pleanála teanga (*Treoirlínte Pleanála Teanga* lch 14). Ciallaíonn sé seo go mbeidh an cheanneagraíocht agus na heagrais stáit agus Ghaeltachta ag obair i gcomhar leis an bpobal áitiúil i rith phróisis an fhorfheimithe chun an plean seo a thabhairt chun críche thar tréimhse seacht mbliana.

Teastaíonn ceannaireacht agus tacaíocht láidir leanúnach ón bpobal. Ní mór a chur san áireamh go mbíonn tionchar ag eagrais agus ag institiúidí agus eagraíochtaí stáit ar an tslí a fheidhmíonn an duine aonair agus an pobal áitiúil ó thaobh úsáid agus iompar teanga de. Cé gur pleanáil ón mbonn aníos atá i gceist, ní éireoidh leis gan tréantacaíochtaí leordóthaineacha ceannaireachta agus infheistíochta.

Is ón mbonn aníos a bailíodh na bearta atá leagtha amach sa mhír seo. Baineann siad le réimsí inar dóigh leis na heagrais phobail go bhfuil spriocanna pleanála riachtanach agus indéanta.

Bheadh sé dodhéanta ceantar Gaeltachta a áiríodh ina chatagóir C sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíochta (2007) agus sa Nuashonrú (2015) a athrú thar oíche[3]. Tá fianaise sa taighde a deineadh i gcomhair ullmhú an phlean seo go bhfuil úsáid na teanga fós imeallaithe agus tar éis cúlú léi tuilleadh sa LPT. Tógfaidh an t-athrú teanga nó an t-aisiompú teanga is gá leis an nGaeltacht seo a thabhairt slán am agus próiseas agus straitéis chórasach leanúnach pleanála thar thréimhse saolré an phlean.

Anois agus cúrsaí fé mar atá siad, is athbheochan agus athneartú seachas caomhnú teanga is cás linn sa Ghaeltacht seo. **Is é is brí le hathneartú teanga ná *nuachainteoirí* a chur ar an saol-agus an teanga a chur á húsáid arís i réimsí nár úsáideadh í iontu le caoga nó seasca bliain: an tigh, an tigh tábhairne, an siopa, an pháirc caide, an clós feirme, an láthair tionscalaíochta, fiontraíochta agus gnó, an halla siamsaíochta agus an bád iascaireachta. Caithfear fós gach cosaint a thabhairt do mhionlach dhaoine a labhraíonn Gaeilge sa bhaile agus a úsáideann go laethúil í san LPT**.

**Is é túsphointe na hathbheochana ná an teanga á cur á labhairt arís sa teaghlach. Is croílár sprioc na pleanála teanga í an seachadadh teanga ó ghlúin go glúin. Tá sé seo aitheanta sna bearta a bhaineann le hathbhúnú naíonra agus a bhaineann le feasacht a mhúscailt i measc tuismitheoirí óga chun iad a spreagadh tabhairt faoina leithéid.** Ina dhiaidh sin, tá

[3] Cé go luaitear na catagóirí anseo, tuigtear nach mbeidh feidhm leis na catagóirí sin anois ach amháin mar shlat tomhais chun sláinte na teanga a mheas.

an-tábhacht ar fad ag baint le hoideachas. Ní mór nasc agus ceangal láidir fuinniúil bheith idir an naíonra, an scoil agus an teaghlach chun tús a chur leis an athneartú teanga.

Mar a luadh thuas, tá tacaíocht an phobail criticiúiI don phleanáil rathúil teanga. Is féidir leis an bpobal tacú leis an bpróiseas tríd an Ghaeilge a roghnú mar theanga theaghlaigh agus mar theanga phobail. Tógfaidh sé seo tamall agus pleanáil chórasach leanúnach thar tréimhse seacht mbliana; ach is é sin croílár an phlean seo.

Sara rachfar thar an tairseach fhíorchinniúnach sin, **beidh gá áfach le céimeanna tosaigh i dtreo na hathbheochana a thógaint. Is céimeanna beaga bídeacha atá i gcuid acu (m.sh. ciorcal comhrá a athbhunú) ach is céimeanna cinniúnacha iad chun rannpháirtíocht an phobail a dheimhniú.** Beidh gá le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn sna heagraíochtaí deonacha ina bhfuil an pobal páirteach. Beidh gá le seirbhísí poiblí agus/nó príobháideacha a éileamh trí mheán na Gaeilge agus páirt ghníomhach a ghlacadh sna bearta atá leagtha amach ag coistí, eagrais agus institiúidí anseo.

Beidh rannpháirtíocht ghníomhach, dhearfach in ullmhú agus i gcur i bhfeidhm an phlean teanga ag na heagraíochtaí agus coistí áitiúla, go háirithe sna bearta den phlean a bhaineann leo.

### 6.2. Forfheidhmiú an Phlean: Meitheal Pleanála Teanga Ghaeltacht Chiarraí Theas le bunú ag an gCeanneagraíocht

Maidir le feidhmiú na mbearta atá leagtha amach sa mhír seo, **beidh gá ar an gcéad dul síos le Meitheal Pleanála Teanga Ghaeltacht Chiarraí Theas a bhunú mar fhochoiste de chuid Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh** (Beart 1). Beidh ballraíocht na meithle seo ionadaíoch ar na coistí agus ar na heagrais phobail ónar bailíodh na bearta. Cuirfidh an mheitheal treoir chórasach leanúnach ar fáil do fhorfheidhmiú na mbearta éagsúla agus déanfaidh sí stiúrthóireacht ar an bpróiseas monatóireachta i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus leis an Roinn. Tá gá le ceannaireacht agus rannpháirtíocht ghníomhach dhearfach an phobail áitiúil chun go mbeadh rath ar fhorfheidhmiú an phlean. Tá tagairtí sna bearta do fheidhmeannaigh éagsúla a bheidh ag teastáil chun an plean seo a chur i bhfeidhm. Tugann Mír 9 cur síos iomlán ar fheidhmiú an phlean agus an struchtúr atá á mholadh chun plean teanga Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Theas a chur i gcrích. **Tá sé i gceist go bhfostófar oifigeach nó feidhmeannach pleanála teanga chun cúramaí agus bearta an phlean a bhainistiú, a éascú agus a choimeád sa tsiúl agus clár gníomhaíochta a leagan amach do gach beart i gcomhar leis na heagrais agus leis an bpobal áitiúil.** Beidh treoir leanúnach chórasach á cur ar fáil ag an Meitheal Pleanála Teanga don oifigeach pleanála teanga seo agus táscairí feidhmíochta á leagan amach do chúramaí agus do fhreagrachtaí an phoist a líonfar ar bonn conartha. Beidh oifigeach oideachais Gaeilge á fhostú chomh maith, á chomhmhaoiniú ag BOOCH mar aon le hOifigeach Óige, chun an obair thábhachtach atá leagtha amach sna bearta a thabhairt chun críche.

Chuige seo, teastaíonn cur chuige úr nuálach agus maoiniú tacúil leanúnach. Anseo tá bearta atá bailithe ó na heagrais agus ó na coistí pobail le bheith páirteach sa phlean. Tá siad leagtha amach de réir réimsí úsáide teanga agus de réir eiseamláir an mhúnla don phlean agus tá dhá mhóraidhm thábhachtacha laistiar díobh:

1) Cumas teanga a thabhairt do dhaoine (ranganna agus ciorcail chomhrá etc) nó an cumasú teanga a thabharfadh misneach dóibh an teanga a úsáid le húsáideoirí eile.
2) Deiseanna úsáide teanga a chruthú sa phobal a chabhróidh leis an sealbhú agus leis an mbuanú teanga.

Mar thoradh ar an bpróiseas pleanála teanga, táthar ag súil go mbeidh ardleibhéal feasachta ag an bpobal i leith thábhacht na pleanála teanga. Táthar ag súil go nglacfaidh an pobal ón mbonn aníos úinéireacht ar an teanga agus dá bharr, go mbeidh sí sochloiste agus níos sofheicthe sa phobal áitiúil i measc eagraíochtaí deonacha agus an earnáil ghnó áitiúil araon.

Déantar iarracht i leith gach birt a leagtar amach sa phlean, gur beart sonrach, intomhaiste, indéanta agus ábhartha atá i gceist agus go bhfuil tréimhse ama luaite lena chur i bhfeidhm de réir mar atá molta i Múnla don Phlean Teanga (lch.3).

Tá na bearta seo leagtha amach de réir réimsí mar atá molta sa Mhúnla don Phlean Teanga agus tá sé uimhrithe mar seo a leanas:

A. an córas oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais);

B. seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga;

C. seirbhísí don aos óg agus d’aoisghrúpaí eile;

D. deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais;

E. an earnáil ghnó;

F. eagraíochtaí pobail agus comharchumainn;

G. na meáin chumarsáide;

H. seirbhísí poiblí;

I. pleanáil agus forbairt fhisiceach;

J. seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire;

K. staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nósmhaireacht an phobail ina leith

**6.3. Na Bearta**

Tá na bearta rangaithe ina mórghrúpaí nó **rannóga** mar seo a leanas:

**Rannóg 1:** Beart 1-6 - Bearta a bhaineann le tuismitheoirí agus teaghlaigh
**Rannóg 2:** Beart 7-11 - Bearta a bhaineann le hoideachas agus tuismitheoirí bunscoile
**Rannóg 3:** Beart 12-20 - Bearta a bhaineann le deiseanna foghlama agus úsáide an teanga sa phobal
**Rannóg 4:** Beart 21-26 - Bearta a bhaineann le gnó agus seirbhísí pobail

**Rannóg 1: Bearta a bhaineann leis an teanga a chur chun cinn sa teaghlach agus sa naíonra agus cothú feasachta i measc tuismitheoirí agus an phobail i leith na pleanála teanga**

Mar a luadh thuas, is é an seachadadh teanga sa teaghlach túsphointe agus sprioc araon na hathbheochana teanga. Ina dhiaidh sin, tá an ceangal idir an teaghlach agus an scoil criticiúil. Ní mór feasacht ina leith seo ar fad a mhúscailt agus a chothú i measc tuismitheoirí óga chun iad a spreagadh tabhairt faoina leithéid. Chuige sin, tá gá le ceardlanna agus **áisitheoireacht** leanúnach. Is chuige seo an chéad mhórghrúpa bearta. Faoi láthair, tá dhá naíonra sa Ghaeltacht: ceann poiblí agus ceann príobháideach. **Sa tríú beart tá sé i gceist aonad Gaeilge a bhunú i Waterville Early Years sa Choireán, beart atá pléite agus aontaithe. Tá an-tábhacht ag baint leis an gCoireán i gcur i bhfeidhm fadtéarmach an phlean teanga seo agus moltar go mbunófar coiste chun iniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthachtaí le seirbhísí as Gaeilge a chur ar fáil sa bhaile seo.**

**Beart 1**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Meitheal Pleanála Teanga Ghaeltacht Chiarraí Theas a bhunú** |
| Réimsí:Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | Na réimsí go léir atá sonraithe sna bearta a leanann |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | Na critéir pleanála teanga go léir |
| Eolas breise faoin mbeart: | Beidh ballraíocht na meithle seo ionadaíoch ar na coistí agus ar na heagrais phobail ónar bailíodh na bearta. Cuirfidh an mheitheal treoir chórasach leanúnach ar fáil do fhorfheidhmiú na mbearta éagsúla agus déanfaidh sí stiúrthóireacht ar an bpróiseas monatóireachta i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus leis an Roinn |
| Aidhm an bhirt: | Treoir leanúnach chórasach a chur ar fáil do fhorfheidhmiú na mbearta<br><br>Oifigeach Pleanála Teanga (OPTa fhostú)<br><br>Treoir leanúnach chórasach á cur ar fáil ag an Meitheal Pleanála Teanga i gcomhar leis an gCeanneagraíocht don oifigeach/aisitheoir pleanála teanga agus táscairí feidhmíochta á leagan amach do chúramaí agus do fhreagrachtaí an phoist<br><br>Stiúrthóireacht a dhéanamh ar an bplean teanga sa LPT<br><br>Plean gníomhaíochta agus táscairí feidhmiúcháin a leagan amach do gach beart<br><br>Monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú an phlean i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus leis an Roinn |
| Príomhúinéir an bhirt: | Meitheal Pleanála Teanga Chiarraí Theas |

| | |
|---|---|
| | agus Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh agus na coistí pobail.<br><br>Ag obair i gcomhar leis an Oifigeach/ Áisitheoir Pleanála Teanga<br><br>Plean gníomhaíochta a leagan amach do gach beart |
| Saolré an bhirt: | 7 mbliana |
| Costas measta iomlán: | €14,000 |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | €2,000 |
| Foinse(í) maoinithe: | BPT |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Baill na meithle a aimsiú. Baill dhíograiseacha a thabharfaidh ceannaireacht agus a dhéanfaidh stiúrthóireacht agus tacaíocht leanúnach do fhorfheidhmiú an phlean teanga. |
| Conas a shárófar an/na dúshláin sin | Tábhacht an bhirt a dheimhniú arís agus arís eile i measc bhaill na meithle. |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht, rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt | Monatóireacht leanúnach agus tácsairí feidhmíochta a imscrúdú. |

**Beart 2**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Oifigeach Pleanála Teanga (OPT) a fhostú** |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | Na Réimsí ar fad atá sa Mhúnla don Phlean Teanga. |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | Na critéir pleanála teanga go léir |
| Eolas breise faoin mbeart: | Oifigeach Pleanála Teanga (OPT) a aimsiú agus a fhostú chun an Plean teanga a fheidhmiú.<br><br>Beidh treoir leanúnach chórasach á cur ar fáil ag an Meitheal Pleanála Teanga i gcomhar leis an gCeanneagraíocht don OPT.<br><br>Stiúrthóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an bplean teanga sa LPT<br><br>Plean gníomhaíochta, tosaochtaí agus táscairí feidhmiúcháin a leagan amach do gach beart ar leithligh.<br><br>Monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú an phlean i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus leis an Roinn. |
| Aidhm an bhirt: | Duine oiriúnach a fhostú chun a chinntiú go gcuirfear an bearta i bhfeidhm agus go mbainfear amach na spriocanna atá leagtha síos sa mhór fhís don phlean.<br><br>Comhoibriú leis na páirtithe leasmhara ar fad, idir Stáit agus Pobail, chun a gcuid ionchur agus tacaíocht sa Phlean a chinntiú. |
| Príomhúinéir an bhirt: | Meitheal Pleanála Teanga Chiarraí Theas agus Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh (An CE) |

| | |
|---|---|
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh agus na coistí pobail.<br><br>Údarás na Gaeltachta agus Roinn na Gaeltachta.<br><br>Bord Oideachas agus Oiliúna Chiarraí agus an tOifigeach Oideachas Gaeilge.<br><br>Feidhmeannas na Seirbhisí Sláinte<br><br>Comhairle Chontae Chiarraí<br><br>Muintearas, Ealain na Gaeltachta, CNNG |
| Saolré an bhirt: | 7 mbliana |
| Costas measta iomlán: | €280,000 |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | €40,000 |
| Foinse(í) maoinithe: | BPT |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Duine oiriúnach a earcú a bheadh fonnmhar cónaí sa Ghaeltacht |
| Conas a shárófar an/na dúshláin sin | Fógraíocht ar na meáin agus comhairle a iarraidh ar na heagrais agus coistí pobail agus baill na meithle |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht, rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt | Monatóireacht leanúnach agus táscairí feidhmíochta a imscrúdú.<br><br>Tuairisc mhíosúil ar an ndul chun cinn le cur ar fáil ag an OPT don MPT ag cruinnithe míosúla, agus córas le forbairt le measúnú a dhéanamh ar bhaint amach na spriocanna atá leagtha síos sa mhór fhís agus ins na bearta. |

**Beart 3**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **An Ghaeilge a chur á húsáid i naíonra Waterville Early Years sa Choireán** |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | B |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | Seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga |
| Eolas breise faoin mbeart: | Timpeallacht Ghaeilge a chruthú sa naíonra. Cleachtóir luathóige a fhostú a labhróidh Gaeilge amháin leis na leanaí. Spás Gaeilge a chothú sa naíonra le fógraí agus póstaeir as Gaeilge |
| Aidhm an bhirt: | Cumas agus úsáid na teanga a neartú sa naíonra agus freastal ar riachtanais na luathóige trí mheán na Gaeilge. An naíonra a bhí ag feidhmiú ann a athbheochan. Tá tacaíocht ag tuismitheoirí áirithe dá leithéid. Club samhraidh a reáchtáil |
| Príomhúinéir an bhirt: | CE |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Waterville Early Years/Comhar Naíonraí na Gaeltachta/Tús maith/Gaelscoileanna Teo |
| Saolré an bhirt: | 7 mbliana |
| Costas measta iomlán: | €45,500 |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | €6,500 |
| Foinse(í) maoinithe: | BPT/Foras na Gaeilge |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Cleachtóir le Gaeilge líofa a aimsiú. Tacaíocht leanúnach na dtuismitheoirí a dheimhniú. Dúradh go raibh cuid de na tuismitheoirí báúil ach nach mbeidís go léir. |

| | |
|---|---|
| | Athrú bainistíochta. Faoi láthair tá an bhainistíocht an-bháúil lena leithéid de thionscnamh |
| Conas a sharófar an/na dúshláin sin | Cruinnithe le tuismitheoirí /Fógraíocht agus Feasacht/Comhairle agus treoir ó Chomhar na Naíonraí Gaeltachta/Comhairle, treoir agus tacaíocht ó Thús Maith |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht, rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt | Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar ionrollú na leanaí<br><br>Tácsairí feidhmíochta a imscrúdú ag deireadh gach sé mhí |

**Beart 4**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Clár feasachta teanga do thuismitheoirí agus do leanaí a leagan amach agus a chur i bhfeidhm agus na riachtanais atá acu ó thaobh tacaíochtaí teanga a aimsiú.** |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | A agus B |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | Socruithe cuí a bheith ann sa limistéar iomchuí chun tacú le húsáid na Gaeilge ag leanaí ó theaghlaigh nach í an Ghaeilge an teanga labhartha atá sa bhaile acu. |
| Eolas breise faoin mbeart: | Clár feasachta teanga a chuirfeadh eolas ar fáil do thuismitheoirí agus do leanaí conas fáil réidh den imní teanga agus conas dul chun cinn a dhéanamh (straitéisí foghlama teanga)<br><br>Ceardlanna leanúnacha do thuismitheoirí agus do leanaí<br><br>Aoíchainteoirí chun spreagadh a thabhairt<br><br>Físeáin agus ábhar feasachta a chur le chéile ina bpacáiste do thuismitheoirí, leanaí, do naíonraí agus do scoileanna<br><br>An mbeadh éileamh ar Naíonraí breise dá mbunófaí iad – i mBaile an Sceilg mar shampla? An mbeadh éileamh ar ghrúpaí máithreacha agus leanaí, nú ar sheirbhís cúram leanaí trí Ghaeilge? |
| Aidhm an bhirt: | Tacú le cumasú agus le húsáid na Gaeilge lasmuigh den scoil **agus an imní a bhaineann le húsáid na teanga (easpa féinmhuiníne) a mhaolú.**<br><br>Straitéisí foghlama agus úsáide teanga a chur ar a súile do thuismitheoirí agus do leanaí |

| | |
|---|---|
| Príomhúinéir an bhirt: | Comhchoiste Ghaeltacht Uibh Ráthaigh i gcomhar leis an OPT agus boird bhainistíochta na mbunscoileanna/ An Cuntóir Teanga/ Tús Maith/Na Naíonraí |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Boird bainistíochta na mbunscoileanna An Gleann, Baile an Sceilg, Cillín Liath agus Crochán Naofa/ An Cuntóir Teanga/<br><br>Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte, CNNG, Coiste Cúram Leanaí Chiarraí. |
| Saolré an bhirt: | Seacht mbliana |
| Costas measta iomlán: | €12,000 |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | €1,715 (meán/bliana) |
| Foinse(í) maoinithe: | BPT |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Easpa tacaíochta agus feasachta. |
| Conas a sharófar an/na dúshláin sin | Clár leanúnach feasachta teanga |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht, rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt: | An t-éileamh ag an bpobal agus an freastal ar cheardlanna<br><br>Monatóireacht bhliaintúil ar tháscairí feidhmíochta a leagfar síos do phróiseas na háisitheoireachta |

**Beart 5**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Cur le cumas Gaeilge na gcuntóirí i naíonra na Dromoda le go mbeidis ábalta agus inniúil ar thumoideachas a chur i bhfeidhm. Cumarsáid agus comhfhreagras trí mheán na Gaeilge.** |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | B |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | Seirbhísí cuí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga, a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge sa limistéar iomchuí. |
| Eolas breise faoin mbeart: | Ní bheadh a ndóthain misnigh ag cuid de na cleachtóirí sa naíonra a gcuid Gaeilge a úsáid. Bheadh gá mar chéad chéim le cúrsa teanga a bheadh gairmdhírithe a leagan amach agus a mhúinfeadh an ghnáth-theanga laethúil a bheadh uathu sa naíonra dóibh |
| Aidhm an bhirt: | Tacú le cumasú agus le húsáid na Gaeilge sa naíonra. Tá cuid de na cúntóirí nach mbeadh misneach a ndóthain acu an teanga a úsáid |
| Príomhúinéir an bhirt: | Naíonra na Dromoda i gcomhar le Comhar na Naíonraí Gaeltachta agus an CE |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Naíonra na Dromoda / Comhar na Naíonraí Gaeltachta |
| Saolré an bhirt: | Trí bliana |
| Costas measta iomlán: | Am an Áisitheora/ Oifigigh Pleanála atá i gceist |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Am an Áisitheora atá i gceist |
| Foinse(í) maoinithe: | B.P.T. |

| | |
|---|---|
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Easpa tacaíochta, feasachta, saineolas le clár oiliúna a dhréachtadh agus a chur i bhfeidhm. |
| Conas a shárófar an/na dúshláin sin | Tacaíocht ghníomhach ó thuismitheoirí/ Chomhar na Naíonraí Gaeltachta /Measúnú leanúnach |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht, rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt: | I gcás go mbeadh athrú foirne, an tacaíocht a chur ar siúl arís<br><br>Táscairí feidhmíochta bliantúla a chomhlánú |

**Beart 6**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Feachtas feasachta fén bpleanáil teanga sa teaghlach a chur sa tsiúl agus scéim na gcuairteanna baile a fhorbairt ó 36 go 50 teaghlaigh** |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | B + C |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | Beartais teanga chuí a bheith ann laistigh den teaghlach féin a thacaíonn le húsáid na Gaeilge mar theanga labhartha .í. an phleanáil teanga sa teaghlach agus nua-chainteoirí a thabhairt ar an saol mar chéad chéim na hathbheochana teanga |
| Eolas breise faoin mbeart: | Clár feasachta teanga tomhaiste dírithe ar theaghlaigh- ní amháin teaghlaigh ina bhfuil leanaí óga. Faoi láthair, tá 36 teaghlaigh páirteach i scéim na gcuairteanna baile (Tús Maith). Bheadh sé i gceist an scéim seo a fhorbairt agus 50 teaghlaigh bheith páirteach ó Mheán Fómhair go Márta. |
| Aidhm an bhirt: | An teanga a chur á labhairt sa teaghlach agus an phleanáil teanga sa teaghlach a chur sa tsiúl mar thoradh ar fheachtas feasachta teanga.<br><br>Cuairt a thabhairt ar theaghlaigh le leanaí agus tacaíochtaí tomhaiste córasacha foghlama a chur ar fail.<br><br>An fheasacht teanga faoi phleanáil straitéiseach sa teaghlach agus straitéisí foghlama agus úsáide teanga sa teaghlach a chothú. |
| Príomhúinéir an bhirt: | Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh i |

| | |
|---|---|
| | gcomhar le Tús Maith |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh-feachtas feasachta a chur sa tsiúl agus Tús Maith-reáchtáil na scéime<br><br>Monatóireacht a dhéanamh |
| Saolré an bhirt: | 7 mbliana |
| Costas measta iomlán: | €49,000 |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | €7,000 |
| Foinse(í) maoinithe: | BPT & Tús Maith |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Dul i bhfeidhm ar theaghlaigh maidir leis an rogha teanga |
| Conas a shárófar an/na dúshláin sin | Feachtas feasachta ar na meáin-físeán, cartúin, ailt irisí, na meáin shóisialta |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt | Táscairí feidhmíochta bliantúla a chomhlánú agus iarrtais ar an scéim.<br><br>Aiseolas agus aischothú córasach óna cuairteoirí baile |

**Rannóg 2: Bearta a bhaineann le hoideachas agus le tacaíochtaí do thuismitheoirí leanaí bunscoile**

Tá an t-oideachas criticiúil sa phleanáil don athneartú teanga. Tá an ceangal sin idir an teaghlach agus an scoil thar a bheith tábhachtach. Ba chóir go mbeadh deis ag leanaí an Ghaeilge a fhoghlaimíonn siad ar scoil a úsáid sa teaghlach agus lasmuigh den scoil. Níl haon mhaitheas an teanga a fhoghlaim ar scoil agus í a fhágáil laistigh den scoil. Ní mór í a labhairt lasmuigh den scoil. Tá ról criticiúil ag tuismitheoirí anseo. Ní mór tuismitheoirí a chumasú leis an teanga a fhoghlaim iad féin agus ansan spreagadh a thabhairt dóibh í a úsáid leis na leanaí sa teaghlaigh. Ní mór chomh maith úsáid na teanga a neartú ar scoil. Tá trí bhunscoil san LPT. Tá na bearta seo ag cabhrú leo an Ghaeilge a neartú sa scoil agus gréasán úsáideoirí a bhunú timpeall ar an scoil.

**Beart 7**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Oifigeach Oideachas Gaeilge a fhostú (OOG)** |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | A,B,D,E,F,K, |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | |
| Eolas breise faoin mbeart: | Tá an beart seo le cur i gcríoch i gcomhpháirtíocht le Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí. Beidh maoiniú á chur ar fáil ag BOOC chun 50% de chostas an phoist seo a iompar. Beidh an OOG ag feidhmiú laistigh den LTP agus ins na ceantracha atá ar imeall an LPT. Beidh nasc á chruthú ag an OOG idir an tAonad Lán Ghaeilge atá sa Phobal Scoil i gCathair Saidhbhín agus an LPT. Seo é an meánscoil a fhreastalaíonn ar dhéagóirí an LPT. |
| Aidhm an bhirt: | Na bearta a bhaineann le teagaisc na Gaeilge agus le forbairt ábhar, aiseanna, agus cúrsaí teagaisc, atá sonraithe ins na bearta a chur i gcríoch. |
| Príomhúinéir an bhirt: | MPT, An Comhchoiste agus BOOC |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | An tAonad Lán Ghaeilge |
| Saolré an bhirt: | 3 bliana i dtosach báire le h-athbhreithniú ag deire bliain a 2. |
| Costas measta iomlán: | € 120,000<br><br>50% BPT, agus 50% BOOC. |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | €40,000 |

| | |
|---|---|
| Foinse(í) maoinithe: | BOOC agus BPT (50% an ceann) |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Duine/Múinteoir pobail cumasach a aimsiú |
| Conas a shárófar an/na dúshláin sin | Bolscaireacht cheart a dhéanamh ar an bpost |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht, rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt: | Líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na h-imeachtaí/ócáidí teagaisc a ríomh agus tuairisc a choimeád ar shástacht na rannpháirtithe.<br><br>Líon na gcúrsaí a chuirtear ar fáil.<br><br>Cuirfear córas ar fáil chun cumais teanga rannpháirtithe a mheas go leanúnach. |

**Beart 8**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Bunscoileanna na Gaeltachta ag cur isteach ar an bPróiseas Aitheantais Scoileanna Gaeltachta de réir Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022** |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | A |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | Oideachas bunscoile trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí, de réir bheartas na Roinne Oideachais agus Scileanna |
| Eolas breise faoin mbeart: | Bunscoileanna na Gaeltachta:An Gleann, Baile an Sceilg, Cillín Liath bheith incháilithe ar aitheantas a lorg mar Scoil Ghaeltachta bunaithe ar na critéir teanga ar leith, a leagtar amach sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 |
| Aidhm an bhirt: | Cumas agus úsáid na teanga a neartú sa bhunscoil agus lasmuigh di |
| Príomhúinéir an bhirt: | An CE agus Boird Bhainistíochta na mbunscoileanna An Gleann, Baile an Sceilg, Cillín Liath Teanga |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Boird Bhainistíochta na mbunscoileanna An Gleann, Baile an Sceilg, Cillín Liath agus Crochán Naofa/ An Cuntóir Teanga<br><br>Aitheantas a lorg don scoil mar scoil Gaeltachta |
| Saolré an bhirt: | Cúig bliana de réir mar atá sé leagtha amach sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 |
| Costas measta iomlán: | Níl aon chostas. Tiocfaidh maoiniú ón Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) |

| | |
|---|---|
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Tiocfaidh maoiniú ón Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) |
| Foinse(í) maoinithe: | ROS |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Easpa tacaíochta na dtuismitheoirí. Labhairt na teanga ag baile. Gan dóthain Gaeilge ag tuismtheoirí an teanga a labhairt sa bhaile lena leanaí agus le linn ghníomhaíochtaí scoile |
| Conas a sharófar an/na dúshláin sin | Fógraíocht agus feasacht. Ranganna/ ciorcal/clár /aip/ físeáin do thuismitheoirí ina múinfí teanga an teaghlaigh. Tacaíocht ó Thús Maith. Ról an chúntóra teanga a threisiú (feic Beart 6) |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht, rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt: | Monatóireacht leanúnach a déanamh ag an ROS de réir na gcritéar atá leagtha amach |

**Beart 9**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Cabhrú leis na scoileanna agus le boird bhainistíochta polasaí oideachais Ghaeltachta a chur i bhfeidhm** |
| Réimsí:Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | A |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | Beartais teanga chuí a bheith ann laistigh den timpeallacht scoile a thacaíonn le húsáid na Gaeilge mar theanga labhartha lasmuigh den chóras oideachais sa limistéar iomchuí. |
| Eolas breise faoin mbeart: | Ról stocaireachta agus tacaíochta i leith an pholasaithe chun cabhrú leis na bunscoileanna bheith áirithe mar bhunscoileanna Gaeltachta.<br><br>Feachtas feasachta a chur sa tsiúl. Eolas ar bhuanna an tumoideachais a chur ar fáil do na boird bhainistíochta agus do thuismitheoirí |
| Aidhm an bhirt: | Tacú le cumasú agus úsáid na Gaeilge sa bhunscoil agus lasmuigh di-dul i bhfeidhm ar thuismitheoirí agus ar bhoird bhainistíochta na mbunscoileanna an teanga a fhoghaimlíonn leanaí ar scoil a úsáid ag baile agus lasmuigh den scoil i slí chórasach leanúnach ghrádaithe<br><br>Eolas faoin tumoideachas a chur faoi bhráid tuismitheoirí |
| Príomhúinéir an bhirt: | Comhchoiste Ghaeltacht Uibh Ráthaigh agus boird bhainistíochta na mbunscoileanna a chuireann isteach ar aitheantas a fháil mar scoil Ghaeltachta.<br><br>An Comhchoiste ag eagrú an fheachtas feasachta trí chabhair seimineáir agus |

| | |
|---|---|
| | seisiúin phoiblí  eolais (ag baint úsáid as na meáin) |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Boird bhainistíochta na mbunscoileanna An Gleann, Baile an Sceilg, Cillín Liath. Na boird bhanistíochta agus na tuismitheoirí ag cur eolas ar bhuanna an tumoideachais agus ag glacadh freagrachta as cinneadh cur isteach ar aitheantas mar scoil Ghaeltacha.<br><br>Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh/ Meitheal Plean ag eagrú an fheachtas feasachta |
| Saolré an bhirt: | Bliain amháin |
| Costas measta iomlán: | Am an Áisitheóra atá i gceist |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Am an Áisitheóra atá i gceist |
| Foinse(í) maoinithe: | BPT |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Easpa tuisceana ar an bpolasaí féin/easpa tacaíochta agus feasachta.An t-éileamh ar Bhéarla |
| Conas a shárófar an/na dúshláin sin | Feachtas feasachta agus eolas á scaipeadh ar na meáin. Cruinnithe agus seimineáir á reáchtáil |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht, rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt | Rannpháirtíocht na seimineáir agus seisiúin eolais a thomhas<br><br>An t-iarratas féin ar aitheantas mar scoil Ghaeltachta |

**Beart 10**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Club obair bhaile Gaeilge a bhunú i gcomhar le cumann na dtuismitheoirí Bunscoil Chillín Liath, sa Ghleann agus i mBaile an Sceilg i suíomh lasmuigh den scoil ag a mbeidh deis ag tuismitheoirí agus leanaí Gaeilge a úsáid** |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | B agus C |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | Socruithe cuí a bheith ann sa limistéar iomchuí chun tacú le foghlaim na Gaeilge ag leanaí réamhscoile |
| Eolas breise faoin mbeart: | Club obair bhaile á eagrú i gcomhar le cumann na dtuismitheoirí lena mbeadh deiseanna úsáide teanga ag tuismitheoirí agus leanaí agus gréasán tuismitheoirí a chruthú timpeall ar an trí bhunscoil Gaeltachta |
| Aidhm an bhirt: | Tacú le cumasú agus le húsáid na Gaeilge lasmuigh den scoil<br><br>Cabhrú le tuismitheoirí cabhrú lena gcuid leanaí a n-obair bhaile a dhéanamh trí mheán na Gaeilge |
| Príomhúinéir an bhirt: | An CE |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Bunscoil Chillín Liath, An Gleann agus Baile an Sceilg ag tacú agus spás a chur ar fáil<br><br>Cumann na dTuismitheoirí ag tacú |
| Saolré an bhirt: | Seacht mbliana |
| Costas measta iomlán: | €7,000 |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | €1,000 |

| | |
|---|---|
| Foinse(í) maoinithe: | Bord Oideachas agus Oiliúna Chiarraí |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Easpa tacaíochta ó thuismitheoirí agus áisitheoir a aimsiú chun cabhrú le tuismitheoirí |
| Conas a shárófar an/na dúshláin sin | Tacaíocht ghníomhach chumann na dtuismitheoirí-tuismitheoirí a ghlacfadh freagracht as é a eagrú |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht, rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt | Aischothú leanúnach ó na scoileanna agus ó chumann na dtuismitheoirí<br><br>Tinreamh rialta ag na clubanna a thomhas |

**Beart 11**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Imeachtaí sóisialta tar éis scoile/nascaithe leis an scoil-club óige a athbhunú sa Ghleann agus sa Dromad agus i mBaile an Sceilg agus Oifigeach Óige Gaeltachta a fhostú** |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | C agus D |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | Feidhmíochtaí sóisialta cuí trí mheán na Gaeilge do dhaoine óga agus d'aoisghrúpaí eile a bheith ar fáil agus beartais teanga chuí a bheith ann i dtaca leis na feidhmíochtaí sin sa limistéar iomchuí<br><br>Deiseanna cuí a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid lasmuigh den chóras oideachais. |
| Eolas breise faoin mbeart: | Deiseanna úsáide teanga i ngnáthshuíomhanna lamuigh den scoil. Club óige a athbhunú sa Ghleann, sa Dromad agus i mBaile an Sceilg.<br><br>Bheadh Bord Oideachais agus Oiliúna ag tacú leis seo mar tuigtear go mbeidh sé i gceist acu féachaint ar fhéidearthachtaí maidir le hoifigeach óige Gaeltachta a earcú agus a fhostú. Bheadh a leithéid de bheart ag teacht lena bplean féin do fhorbairt sheirbhísí óige |
| Aidhm an bhirt: | Deiseanna úsáide teanga a neartú<br><br>Comhluadar as Gaeilge bheith ar fáil do dhaoine óga lasmuigh den oideachas |
| Príomhúinéir an bhirt: | An CE/ BOOCH/ KDYS/ Muintearas/ Óige na Gaeltachta/ Meitheal Pleanála Teanga |

| | |
|---|---|
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | BOOCH/ KDYS: Maoiniú agus tacú<br><br>Muintearas agus Óige na Gaeltachta: Tacú gníomhach<br><br>Meitheal Pleanála Teanga-Feidhmiú agus monatóireacht |
| Saolré an bhirt: | Seacht mbliana-3 bliana sa chéad tréimhse |
| Costas measta iomlán: | €154,000 |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | €22,000 |
| Foinse(í) maoinithe: | BPT agus BOOCH |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Easpa tacaíochta ó thuismitheoirí<br><br>Labhairt na Gaeilge a dheimhniú<br><br>Easpa maoinithe<br><br>Easpa cúntóirí |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht, rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt | Rannpháirtíocht sna clubanna a thomhas ar bhonn rialta<br><br>Táscairí feidhmíochta á bheith á gcomhlíonadh |

**Rannóg 3: Deiseanna foghlama agus úsáide teanga sa phobal**

Le linn na n-agallamh agus na gcruinnithe poiblí a cuireadh sa tsiúl in ullmhú an phlean seo, d'aithin baill áirithe an phobail go raibh meirg tagtha ar a gcuid Gaeilge. Bhíodar ann chomh maith a chuir in iúl nach raibh móran muiníne acu as a gcuid inniúlachtaí Gaeilge agus nach raibh a ndóthain misnigh acu í a labhairt. Caithfear an teanga a thabhairt do dhaoine i dtosach (eolas teanga) agus deiseanna foghlama agus úsáide araon a chur ar fáil chun daoine a mhisniú le tabhairt faoin teanga a labhairt agus a úsáid in athuair. **Is chuige sin na bearta seo a leanas a tháinig mar smaointe agus mar phleananna ón bpobal féin le linn phróisis ullmhúcháin an phlean seo**. **Tá sé mar aidhm acu nuachainteoirí a chur ar an saol agus an teanga a chur á húsáid arís i réimsí nár úsáideadh í riamh/le tamall fada.** Is túsphointe tábhachtach atá sna bearta seo chun an próiseas sin a thosú.

**Beart 12**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Ceardlanna nó ranganna cócaireachta agus ealaíne trí mheán na Gaeilge a reáchtáil do thuismitheoirí** |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | D |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | Deiseanna cuí a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid lasmuigh den chóras oideachais |
| Eolas breise faoin mbeart: | Reacháladh sraith de cheardlanna agus ranganna cócaireachta agus ealaíne do thuismitheoirí bunscoil Chillín Liath i gcomhar le BOOCH agus ÚnG. Bheadh sé i gceist tógáil go córasach agus go leanúnach ar an mbeart seo |
| Aidhm an bhirt: | Cumasú teanga agus deiseanna foghlama agus úsáide teanga a chur ar fáil do thuismitheoirí |
| Príomhúinéir an bhirt: | An CE agus an Mheitheal Pleanála Teanga Coiste Forbartha na Dromoda/ Scoil Chillín Liath/ Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh/ Bord Oideachas agus Oiliúna Chiarraí |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Coiste Forbartha na Sceilge/ Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh<br>Cur i bhfeidhm |
| Saolré an bhirt: | Sé bliana |
| Costas measta iomlán: | €12,000 |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | €2,000 |

| | |
|---|---|
| Foinse(í) maoinithe: | BOOCH (Ciste oideachais phobail) |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Ní mhaireann na ceardanna ach ar feadh tréimhse gairide-ní gá go n-úsáidfidh tuismitheoirí an Ghaeilge sa bhaile dá bharr |
| Conas a shárófar an/na dúshláin sin | Feachtas feasachta chun an teanga atá á foghlaim ag na ceardlanna a úsáid sa teaghlach |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht, rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt | Rannpháirtíocht agus tinreamh na dtuismitheoirí a thomhas ar bhonn rialta |

**Beart 13**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Ciorcal Comhrá a athbhunú i gCathair Dónall, Baile an Sceilg, sa Choireán, sa Dromod agus sa Ghleann do lucht na Scéimeanna Fostaíochta** |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | D |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | Deiseanna cuí a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid lasmuigh den chóras oideachais |
| Eolas breise faoin mbeart: | Ciorcail chomhrá a ath-thosú agus a bhunú sna ceantair ar fad atá thuasluaite chun deis a thabhairt do dhaoine a gcuid Gaeilge a úsáid agus an mheirg a bhaint di.<br><br>Tá ciorcal Comhrá sa Dromod leis na blianta ó mhí Deireadh Fómhair go dtí Márta gach blian agus fós ann. Tá daoine ag teastáil le scileanna conas comhrá a reáchtáil |
| Aidhm an bhirt: | Cumasú teanga agus deiseanna úsáide teanga a chur ar fáil.<br><br>Misneach a thabhairt do dhaoine chun an Ghaeilge a labhairt le chéile |
| Príomhúinéir an bhirt: | An CE |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh ag tacú agus ag cur áisitheoirí ar fáil (feic Beart 12) |
| Saolré an bhirt: | Trí bliana: An chéad bhliain- píolótú agus measúnú ar bhonn córasach leanúnach móide meitheal múinteoirí/ éascaitheoirí a |

| | |
|---|---|
| | earcú agus cur i bhfeidhm |
| Costas measta iomlán: | €18,000 |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | €6,000 |
| Foinse(í) maoinithe: | BPT agus BOOCH (Ciste Oideachas Pobail) |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Easpa daoine le scileanna éacaitheoireachta/ tacaíocht ó dhaoine nach dtagann go dtí cruinnithe |
| Conas a shárófar an/na dúshláin sin | Cúrsa d'oiliúnóirí/ d'éascaitheoirí a chur ar fáil chun go mbeadh dóthain éacaitheoirí ann<br><br>Feachtas feasachta a chothú i measc an phobail faoi thábhacht na húsáide teanga |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht, rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt | Rannpháirtíocht agus tinreamh a thomhas ar bhonn rialta<br><br>Aischothú rialta ó éascaitheoirí |

**Beart 14**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Cúrsa oiliúna d'oiliúnóirí chun ciorcail chomhrá a reáchtáil** |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | D |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | Deiseanna cuí a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid lasmuigh den chóras oideachais |
| Eolas breise faoin mbeart: | Cúrsa oiliúna d'oiliúnóirí a bhronnfadh na scileanna cuí ar lucht a dhéanta chun tabhairt faoi chiorcail chomhrá 7rl a reáchtáil.<br><br>Cáilíocht aitheanta (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) Leibhéal 6 bheith á baint amach ag lucht a déanta<br><br>Faoi láthair tá ganntanas daoine cáilithe le Gaeilge a d'fhéadfadh áisitheoireacht a dhéanamh ar chiorcal comhrá |
| Aidhm an bhirt: | Cumasú agus deiseanna úsáide teanga |
| Príomhúinéir an bhirt: | Meitheal Pleanála Teanga Chiarraí Theas |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Coiste Forbartha na Sceilge/ Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh<br><br>Meitheal Pleanála Teanga |
| Saolré an bhirt: | 3 bliana: An chéad bhliain: Dearadh agus aimsiú maoinithe. An dara bliain: Píolótú. Tríú Bliain: Cur i bhfeidhm agus measúnú |
| Costas measta iomlán: | €10,000 |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | €3,333 |
| Foinse(í) maoinithe: | BPT agus BOOCH (Ciste Oideachais Pobail) |

| | |
|---|---|
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Easpa acmhanní agus maoinithe agus easpa daoine a thabharfadh faoina leithéid de chúrsa a reáchtáil. Daoine le Gaeilge mhaith a aimsiú a bheadh sásta a leithéid de chúrsa a dhéanamh |
| Conas a sharófar an/na dúshláin sin | Fógraí a dhéanamh go háitiúil chun daoine cuí a aimsiú.<br><br>Sásta le híosmhéid an-bheag a ghlacadh ar an gcúrsa chun tús a chur leis |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht, rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt | Tinreamh ar an gcúrsa<br><br>Rannpháirtíocht sna ciorcail chomhrá a thomhas |

**Beart 15**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Ranganna aisteoireachta, drámaíochta nó rólaithrise a reáchtáil sa Ghleann** |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | D agus J |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | A mhéid a úsáidtear an Ghaeilge i gcúrsaí sóisialta agus áineasa sa limistéar iomchuí. |
| Eolas breise faoin mbeart: | Ní raibh ranganna teanga-"ranganna traidisiúnta" ag teastáil sa Ghleann ach theastódh cur chuige eile, dar leo a thabharfadh eolas ar an teanga agus deiseanna úsáide araon dóibh. Bheadh sé go maith, dar leo, dá mbeadh ranganna aisteoireachta, drámaíochta nó rólaithrise acu. Chuige sin bheadh duine/múinteoir a dhéanfadh suirbhé ar na riachtanais teanga atá acu agus a bhunódh sraith de ranganna/seisiúin aisteoireachta/ drámaíochta ar na riachtanais sin chun deis a thabhairt dóibh na scileanna teanga a chleachtadh.<br><br>(Cruinniú sa Ghleann 30 Meitheamh 2016) |
| Aidhm an bhirt: | An Ghaeilge a chur á húsáid le haghaidh siamsaíochta |
| Príomhúinéir an bhirt: | Coiste Pobail An Ghleanna/ Meitheal Pleanála Teanga Ghaeltacht Chiarraí Theas |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Coiste Pobail an Ghleanna –reáchtáil agus tacaíocht.<br><br>Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh-áisitheoir a earcú<br><br>Meitheal Pleanála Teanga Ghaeltacht Chiarraí Theas-plean gníomhaíochta agus |

| | |
|---|---|
| | monatóireacht |
| Saolré an bhirt: | Cúig bliana |
| Costas measta iomlán: | €13,000 |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | €2,600 |
| Foinse(í) maoinithe: | BOOCH-Ciste Oideachas Pobail |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Easpa suime ag daoine<br><br>Easpa tinrimh<br><br>Úsáid na teanga lena linn |
| Conas a shárófar an/na dúshláin sin | Fógraí a dhéanamh go háitiúil<br><br>Glacadh le tinreamh íseal ar dtús agus de réir a chéile breis daoine a mhealladh ó pharóistí eile |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht, rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt | Tinreamh ar an gcúrsa a thomhas |

**Beart 16**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Féile / Feis Gaeltachta a ath-thosú agus ócáidí 'teacht le chéile' rialta sna hionaid phobail éagsúla – ceolchoirmeacha, dramaí, léachtanna (le córas aistriúcháin) 7rl. tré mheán na Gaeilge – imeachtaí a thabharfadh an pobal le chéile ar bhonn nádúrtha, taitneamhach tríd an mbliain ar fad.** |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | D agus J |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | A mhéid a úsáidtear an Ghaeilge i gcúrsaí sóisialta agus áineasa sa limistéar iomchuí. |
| Eolas breise faoin mbeart: | Bhíodh Feis Gaeltachta ar siúl sa cheantar go dtí na seachtóidí le béim ar cheol, rince agus amhránaíocht.<br><br>Tá sé i gceist coiste a bhunú chun an Fheis seo a athbhunú.<br><br>Bheadh an Fheis á reáchtáil i bparóiste difriúil gach samhradh faoi mar a bhíonn Éigse na Brídeoige gach earrach<br><br>Beidh na himeachtaí sóisialta á reáchtáil I bparóiste difriúil ar bhonn rialta |
| Aidhm an bhirt: | An Ghaeilge a chur á húsáid le haghaidh siamsaíochta<br><br>An Ghaeilge a athlonnú i mbeochultúr na Gaeltachta<br><br>Feasacht teanga agus cultúir a chothú<br><br>Turasóirí a mhealladh chun an cheantair |

| | |
|---|---|
| Príomhúinéir an bhirt: | Meitheal Pleanála Teanga Ghaeltacht Chiarraí Theas- na coistí pobail |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Ionchur agus ionadaíocht ar an gcoiste eagrúcháin<br><br>Fógraíocht<br><br>Cur i bhfeidhm, plean gníomhaíochta agus monatóireacht |
| Saolré an bhirt: | Seacht mbliana |
| Costas measta iomlán: | €49,000 |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | €7,000 |
| Foinse(í) maoinithe: | CCCH / Glór na nGael/ Urraíocht / Táillí |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Daoine le fís agus fuinneamh bheith ar an gcoiste<br><br>Tinreamh íseal sa chéad bhliain |
| Conas a shárófar an/na dúshláin sin | Feasacht teanga le dul i bhfeidhm ar dhaoine<br><br>Fógraíocht fhorleathan ar na meáin |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht, rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt | Rannpháirtíocht an phobail a thomhas thar shaolré an bhirt |

**Beart 17**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Tacaíocht leanúnach a thabhairt do Éigse na Brídeoige, ceann de phríomhfhéilte móra Ghaeltacht Chiarraí Theas** |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | D agus J |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | A mhéid a úsáidtear an Ghaeilge i gcúrsaí sóisialta agus áineasa sa limistéar iomchuí. |
| Eolas breise faoin mbeart: | Féile chultúrtha is ea Éigse na Brídeoige a eagraítear gach bliain i rith an chéad deireadh seachtaine i mí Feabhra. Bíonn na himeachtaí ar siúl in áiteanna éagsúla i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh i gCiarraí Theas.<br><br>Bíonn téama éagsúil ann gach bliain a dheineann ceiliúradh agus iniúchadh ar ghné éigin d' oidhreacht shaibhir chultúrtha agus soisialta an cheantair. D'fhéadfadh duine a bheith i gceist, nó áit, nó eagraíocht nó aon ghné eile den oidhreacht sin. Déanann léachtanna, seimeanáir, agus turasanna iniúchadh ar an dtéama. Ina theanta sin, bíonn, ceol, amhráin agus filíocht i gceist ag an deireadh seachtaine, i bhfoirm coirmeacha ceoil agus seisiúin neamhfhoirmealta araon.<br><br>Tabharfar tacaíocht agus maoiniú go bliantúil don Éigse |
| Aidhm an bhirt: | An Ghaeilge a chur á húsáid le haghaidh siamsaíochta<br><br>An Ghaeilge a athlonnú i mbeochultúr na Gaeltachta |

| | |
|---|---|
| | Feasacht teanga agus cultúir a chothú<br>Turasóirí a mhealladh chun an cheantair |
| Príomhúinéir an bhirt: | Coiste na hÉigse /Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh agus na coistí pobail<br>Meitheal Pleanála Teanga Ghaeltacht Chiarraí Theas |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Ionchur agus ionadaíocht ar an gcoiste eagrúchá |
| Saolré an bhirt: | Seacht mbliana |
| Costas measta iomlán: | €35,000 |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | €5,000 |
| Foinse(í) maoinithe: | BPT |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Níl aon ródhúshlán seachas daoine le fís agus fuinneamh a choimeád ar an gcoiste<br>Tinreamh íseal ag an Éigse |
| Conas a shárófar an/na dúshláin sin | Fógraíocht fhorleathan ar na meáin |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht, rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt | Rannpháirtíocht an phobail a thomhas thar shaolré an bhirt |

**Beart 18**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Ranganna i dTeastas Eorpach na Ghaeilge (TEG) a fhorbairt agus a reáchtáil sa LPT.** |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | Na réimsí ar fad |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | A, D,E,H,K |
| Eolas breise faoin mbeart: | Is córas leanúnach foghlama ar bhonn chéimiúil atá i gceist le TEG, ach bíonn scrúdaithe le déanamh. Cabhraíonn an corás seo le daoine léargas cruinn go maith a fháil ar an leibhéal cumais teanga atá acu. |
| Aidhm an bhirt: | Tá sé mar aidhm sa bheart daoine a spreagadh le cúrsaí TEG a dhéanamh trí laghdú a dhéanamh ar an bhfaitíos a bhíonn ar dhaoine roimh scrúdaithe, agus na buntáistí a bhaineann leis an gcóras seo a mhíniú dóibh. |
| Príomhúinéir an bhirt: | Meitheal Pleanála Teanga, agus an tOifigeach Oideachas Gaeilge (OOG). |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Údarás na Gaeltachta, Má Nuad, Bord Oideachas agus Oiliúna Chiarraí, Comhairle Chontae Chiarraí. |
| Saolré an bhirt: | Tréimhse an Phlean |
| Costas measta iomlán: | €14,000 |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | €2000 |
| Foinse(í) maoinithe: | Údarás na Gaeltachta agus Comhairle Chontae Chiarraí |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur | Daoine a bhfuil easpa muiníne acu freastal ar |

| | |
|---|---|
| i bhfeidhm: | ranganna foirmiúla. |
| Conas a shárófar an/na dúshláin sin | Bolscaireacht agus spreagadh |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht, rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt: | Líon na ndaoine a dheineann na cursai a mheas.<br><br>Líon na ndaoine a dheineann na scrúdaithe a mheas.<br><br>Aischothú a fháil ós na daoine a bhionn ag freastal ar na cúrsaí.<br><br>Aischothú rialta os na teagascóirí. |

**Beart 19**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Ciorcal Comhrá a bhunú sa CLG agus teanga traenálaithe a iompú ón mBéarla go Gaeilge** |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | J agus D |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | A mhéid a úsáidtear an Ghaeilge i gcúrsaí sóisialta agus áineasa sa limistéar iomchuí. |
| Eolas breise faoin mbeart: | Cioral comhrá do na clubanna go léir sa CLG a bhunú.<br><br>Reachtálfaí é uair sa mhí.<br><br>Tabharfar cuireadh do na clubanna ar fad bheith páirteach ann.<br><br>Múinfear nathanna/téarmaí/ focail úsáideacha do na daoine óga chun iad a úsáid le linn cluiche.<br><br>Iarrfar ar na bunscoileanna liosta a chur le chéile agus iad a mhúineadh.<br><br>Cuirfear fógraí as Gaeilge in airde i seomraí na gclubanna.<br><br>Seisiún oiliúna teanga a chur ar na traenálaithe |
| Aidhm an bhirt: | An Ghaeilge a chur á húsáid le sa CLG i gclubanna an cheanair.<br><br>Suim sa teanga a athspreagadh i mbaill na gclubanna<br><br>Tógáil ar obair atá curtha sa tsiúl sna clubanna ag Glór na nGael (An Turas Teanga)<br><br>Imreoirí a spreagadh le Gaeilge a labhairt ag cluichí<br><br>An Ghaeilge bheith níos feiceálaí sna |

| | |
|---|---|
| | clubanna |
| Príomhúinéir an bhirt: | Clubanna CLG an cheantair<br><br>Meitheal Pleanála Teanga Ghaeltacht Chiarraí Theas<br><br>Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Clubanna CLG an cheantair: Ciorcal a reáchtáil agus fógraí a chur suas<br><br>Comhchoiste: Tacaíocht a thabhairt don gciorcal<br><br>Meitheal Pleanála Teanga: Plean Gníomhaíochta agus monatóireacht<br><br>Bunscoileanna: Téarmaí caide agus spórt a mhúineadh |
| Saolré an bhirt: | Seacht mbliana |
| Costas measta iomlán: | €14,000 |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | €2,000 |
| Foinse(í) maoinithe: | CLG<br><br>Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha<br><br>BPT |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Suim na mball sna clubanna<br><br>Áisitheoir don chiorcal comhrá |
| Conas a shárófar an/na dúshláin sin | Tacaíocht ón CLG<br><br>Feic Beart 12 |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht, rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt | Rannpháirtíocht sa chiorcal comhrá a thomhas |

| | |
|---|---|
| | Aischothú ón áisitheoir<br><br>Feiceálacht na teanga ar fhógraí agus sna clubanna a thomhas |

**Beart 20**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Grúpa na Máirte (Tuesday Group) a reáchtáil as Gaeilge sa Ghleann** |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | J agus D |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | An Ghaeilge a chur á húsáid i gcúrsaí sóisialta agus áineasa sa limistéar iomchuí. |
| Eolas breise faoin mbeart: | Reáchtáltar grúpa comhluadair do sheanóirí gach Máirt sa Ghleann. Bheadh Gaeilge ag cuid de na seanóirí seo. Céim a bheadh sa bheart seo teanga hócáide sóisialta a athrú ón mBéarla go Gaeilge uair sa tseachtain. |
| Aidhm an bhirt: | An Ghaeilge a chur á húsáid le haghaidh siamsaíochta |
| Príomhúinéir an bhirt: | Coiste Pobail an Ghleanna<br><br>Is i gcruinniú poiblí An Ghleanna 30 Meitheamh 2016 a tháinig an beart chun tosaigh |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Coiste Pobail an Ghleanna<br><br>An grúpa a eagrú gach Máirt |
| Saolré an bhirt: | Seacht mbliana |
| Costas measta iomlán: | Am an Áisitheora atá i gceist |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Am an Áisitheora atá i gceist |
| Foinse(í) maoinithe: | BPT |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Gaeilge a bheith ag cúntóirí deonacha- fonn na seanóirí Gaeilge a labhairt |

| | |
|---|---|
| Conas a shárófar an/na dúshláin sin | Feachtas feasachta agus fógraíocht |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht, rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt | Rannpháirtíocht a thomhas go rialta |

**Rannóg 4:  Bearta a bhaineann le gnó agus seirbhísí pobail**

Mar a luadh cheana, tá tacaíocht an phobail criticiúil don phleanáil rathúil teanga. Is féidir leis an bpobal tacú leis an bpróiseas tríd an Ghaeilge a roghnú mar ghnáth-theanga laethúil cumarsáide.  Dá mhéad teanga a bhíonn in úsáid sna gnóthaí áitiúla is amhlaidh is fearr é. Tugann sé sin deis do dhaoine a bhfuil Gaeilge acu nó atá ag athfhoghlaim na Gaeilge an teanga a úsáid go laethúil.  Is chuige sin na bearta seo a leanas.

**Beart 21**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Tacaíocht teanga d'oibrithe in oifigí pobail** |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | D agus E |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | Deiseanna cuí a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid lasmuigh den chóras oideachais.<br><br>Cuideachtaí agus gnóthaí a bheith ann a sholáthraíonn seirbhísí trí mheán na Gaeilge don phobal sa limistéar iomchuí.<br><br>Beartais fhostaíochta agus earcaíochta a bheith ann atá á gcur i ngníomh ag cuideachtaí agus gnóthaí sa limistéar iomchuí ar mhodh a chinntíonn go bhfuil ar a gcumas seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar |
| Eolas breise faoin mbeart: | Bhíodh ranganna ar fáil uair amháin d'fhoireann Forbairt na Dromoda. D'éirigh go maith leo mar bhí siad an-phraiticiúil. Teastaíonn cúrsa mar seo arís d'oibrithe in oifigí pobail. |
| Aidhm an bhirt: | Cumasú agus deiseanna úsáide teanga<br><br>An teanga a bhíonn ag teastáil ó oibrithe san oifig a mhúineadh m.sh. ag freagairt an ghutháin trí Ghaeilge agus ag déaileáil le comhfhreagras as Gaeilge<br><br>Sos caifé as Gaeilge a reáchtáil do na foirne maidin amháin sa tseachtain<br><br>Polasaí Gaeilge bheith ann maidir le fógraíocht, freagairt an ghutháin a chur i bhfeidhm |

| | |
|---|---|
| Príomhúinéir an bhirt: | Na coistí forbartha pobail<br><br>Meitheal Pleanála Teanga Ghaeltacht Chiarraí Theas |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Coiste Forbartha na Sceilge chun polasaí a chur le chéile agus é a chur i bhfeidhm<br><br>Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh chun tacú ranganna a chur ar fáil<br><br>Meitheal Pleanála Teanga Ghaeltacht Chiarraí Theas- cur i bhfeidhm agus monatóireacht |
| Saolré an bhirt: | Trí bliana |
| Costas measta iomlán: | Am an Áisitheora atá i gceist |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Am an Áisitheora atá i gceist |
| Foinse(í) maoinithe: | BPT / BOOCH (Ciste Oideachas Pobail) |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Tacaíocht ón bhfoireann/oiliúnóir le cúrsa teanga gairmdhírithe a thabhairt<br><br>Athrú foirne |
| Conas a shárófar an/na dúshláin sin | Feasacht agus fógraíocht le dul i bhfeidhm ar dhaoine<br><br>An cúrsa a chur ar fáil in athuair i gcás athrú foirne |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht, rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt | Aiseolas rialta ó na coistí forbartha pobail |

**Beart 22**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Fógraí trí mheán na Gaeilge bheith sna tithe tábhairne agus caiféanna i gCathair Dónall agus "uair na Gaeilge" a reáchtáil in aghaidh an lae sna tithe tábhairne** |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | E. |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | Cuideachtaí agus gnóthaí a bheith ann a sholáthraíonn seirbhísí trí mheán na Gaeilge don phobal sa limistéar iomchuí. |
| Eolas breise faoin mbeart: | Fógraí trí Ghaeilge a chur sna tithe tábhairne agus sna caiféanna agus bialanna i gCathair Dónall (biachláir mar shampla). |
| Aidhm an bhirt: | Feiceálacht na teanga a chur chun cinn sa pharóiste-feasacht teanga a ardú |
| Príomhúinéir an bhirt: | Coiste Forbartha Pobail Cathair Dónall |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Coiste Forbartha Pobail Cathair Dónall<br>Urraíocht a fháil ó Ghlór na nGael.<br>Dul i bhfeidhm ar ghnónna áitiúla |
| Saolré an bhirt: | Seacht mbliana |
| Costas measta iomlán: | Am an Áisitheora atá i gceist |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Am an Áisitheora atá i gceist |
| Foinse(í) maoinithe: | BPT<br>Glór na nGael |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Easpa comhoibrithe<br>Easpa suime cuid de na gnónna |

| | |
|---|---|
| Conas a shárófar an/na dúshláin sin | Feasacht Teanga-seimineáir agus seisiúin eolais<br><br>Scéimeanna píolóiteacha nuair a bheidh deis ag gnó triail a bhaint as |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht, rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt | Aiseolas rialta ó na gnóthaí a bheadh páirteach agus ón gcoiste forbartha |

**Beart 23**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Searmanais eaglasta bheith trí mheán na Gaeilge /Cóipeanna de na paidreacha as Gaeilge bheith ar fáil sna séipéil** |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | J. |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | Seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí |
| Eolas breise faoin mbeart: | Paidreacha ag aifreann as Gaeilge nó aifreann as Gaeilge sa Ghleann agus sa Dromad agus i seipéal pharóiste na Príarachta |
| Aidhm an bhirt: | Aifrinn trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil ar bhonn rialta<br><br>Beartas rogha teanga bheith ag daoine le linn searmanais eaglasta (baisteadh agus adhlacadh mar shampla) |
| Príomhúinéir an bhirt: | Ná paróistí |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Easpag Dheoise Chiarraí-ag tacú<br><br>Na sagairt- ag cur an beartas i bhfeidhm |
| Saolré an bhirt: | Seacht mbliana |
| Costas measta iomlán: | Níl costas |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Níl costas |
| Foinse(í) maoinithe: | -____ |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Athrú sagairt |
| Conas a sháròfar an/na dúshláin sin | Polasaí ag an Easpag i leith ceapacháin |

| | |
|---|---|
| | sagairt sna paróistí sin a dheimhniú |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt | Rannpháirtíocht an phobail agus tinreamh ar aifrinn as Gaeilge<br><br>Éileamh ar shearmanais agus ar sheirbhísí |

**Beart 24**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | Coiste a bhunú le hiniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthachtaí maidir le mórthionscal teanga a thosú sa Ghaeltacht le tascfhórsa Uíbh Ráthaigh mar shampla gnó a chur ar bun chun cúrsaí a reachtáil bunaithe ar théama na farraige (Iascaireacht, seoltóireacht, surfáil, snorcláil srl) |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | D E F agus G |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | Cuideachtaí agus gnóthaí a bheith ann a sholáthraíonn seirbhísí trí mheán na Gaeilge don phobal sa limistéar iomchuí. |
| Eolas breise faoin mbeart: | Coiste a dhéanfadh iniúchadh ar fhéidearthachtaí maidir le tionscal a thosú sa Ghaeltacht a mheallfadh cuairteoirí agus foghlaimeoirí.<br><br>D'fhéadfadh baill *diaspora* Uíbh Ráthaigh a bheith ar an gcoiste seo a thiocfadh le chéile uair nó dhó sa bhliain chun plé agus ionchur a bheith acu.<br><br>Tá sé i gceist tascfhórsa a bhunú chun breis fostaíochta a chruthú sa cheantar. |
| Aidhm an bhirt: | Cuairteoirí teanga agus foghlaimeoirí teanga a mhealladh chun an cheantair |
| Príomhúinéir an bhirt: | Comhchoiste Forbartha Uíbh Ráthaigh<br><br>Meitheal Pleanála Ghaeltacht Chiarraí Theas |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Leader<br><br>SKDP<br><br>Údarás na Gaeltachta<br><br>Tascfhórsa atá le bunú chun breis |

| | |
|---|---|
| | fostaíochta a chruthú sa cheantar |
| Saolré an bhirt: | Seacht mbliana |
| Costas measta iomlán: | €15,000 |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | €2,500 |
| Foinse(í) maoinithe: | BPT |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Easpa comhoibrithe |
| Conas a shárófar an/na dúshláin sin | Feasacht Teanga-seimineáir agus seisiúin eolais |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht, rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt | Aiseolas rialta ón gcoiste |

**Beart 25**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Coiste a bhunú chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa Choireán chun go bhféadfadh siad rudaí/imeachtaí sóisialta a chur ar siúl chun an Ghaeilge a láidriú ann-mar shampla cúrsaí oiliúna don Lucht Ghnó, Grúpa Máthair agus Leanaí, Campaí Samhraidh as Gaeilge srl**. |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | D E F agus G |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | Cuideachtaí agus gnóthaí a bheith ann a sholáthraíonn seirbhísí trí mheán na Gaeilge don phobal sa limistéar iomchuí. |
| Eolas breise faoin mbeart: | Coiste a bheadh ionadaíoch ar choistí gnó agus araile bhaile An Choireáin a dhéanfadh iniúchadh ar fhéidearthachtaí maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn sa bhaile. D'fhéadfadh an coiste seo comhoibriú a chur ar bun le Glór na nGael chuige seo dá n-oirfeadh sé.<br><br>**Cé go bhfuil An Coireán suite lasmuigh de theorainneacha oifigiúla na Gaeltachta, aontaíodh in ullmhú an phlean seo go mbeidis á gcur san áireamh laistigh dá cheantar feidhmithe. Tá seirbhísí agus áiseanna sa Choireán ag freastal o laethúil ar lucht na Gaeltachta agus ar an mbonn sin tá sé tábhachtach go mbeadh an baile sin á áireamh laistigh den cheantar feidhmithe ach go háirithe.** |
| Aidhm an bhirt: | An Ghaeilge a chur chun cinn sa bhaile<br><br>An teanga a bheith níos feiceálaí sa bhaile |

| | |
|---|---|
| | Go mbeadh an Ghaeilge níos lárnaí i seirbhísí éagúla an bhaile<br><br>Lucht gnó agus seirbhísí a mhealladh leis an teanga a úsáid<br><br>Grúpa tuismitheoirí agus leanaí a bhunú ann |
| Príomhúinéir an bhirt: | Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh<br><br>Meitheal Pleanála Ghaeltacht Chiarraí Theas |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Glór na nGael<br><br>Foras na Gaeilge (I gcás iarratas ar mhaoiniú do thionscadal sa Choireán, d'fhéadfadh idirbheartaíocht a bheith idir Foras na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta agus An Roinn) |
| Saolré an bhirt: | Seacht mbliana |
| Costas measta iomlán: | €35,000 |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | €5000 |
| Foinse(í) maoinithe: | BPT/Foras na Gaeilge |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Easpa comhoibrithe<br><br>Drogall agus eagla ar ghnónna agus ar dhaoine bheith páirteach |
| Conas a shárófar an/na dúshláin sin | Feasacht Teanga-seimineáir agus seisiúin eolais |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt | Aiseolas rialta ón gcoiste |

**Beart 26**

| | |
|---|---|
| Beart: cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh: | **Poiblíocht a dhéanamh ar an bplean thar tréimhse seacht mbliana.** |
| Réimsí: Sonraigh na réimsí lena mbaineann an beart: | G |
| Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart: | Na critéir pleanála teanga go léir |
| Eolas breise faoin mbeart: | Poiblíocht a dhéanamh ar an bplean teanga ar bhonn leanúnach thar tréimhse seacht mbliana chun suim muintir na háite a spreagadh agus a choiméad sa Ghaeilge.<br><br>Sé atá i gceist leis an bpoiblíocht seo ná an suíomh gréasáin a choimeád suas chun dáta go rialta maraon le na meáin shóisialta, físeán a chur os comhair an phobail cosúil leis na gréasasóid a rinneadh go luath i 2017 i dtreo is go mbeadh eolas reatha ag muintir na háite ar staid an phlean teanga agus a gcuid suime a choimeád sa phlean thar tréimhse seacht mbliana. |
| Aidhm an bhirt: | An pobal a choimeád ar an eolas faoi forbairtí agus nuacht maidir leis an bplean teanga<br><br>An Ghaeilge a chur chun cinn sa phobal<br><br>Go dtógfadh muintir na háite úinéireacht ar an bplean teanga |
| Príomhúinéir an bhirt: | Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh<br><br>Meitheal Pleanála Ghaeltacht Chiarraí |

| | |
|---|---|
| | Theas |
| Páirtithe leasmhara agus a ról: | Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh chun daoine a choimeád ar an eolas faoin bplean teanga<br><br>Meitheal Pleanála Teanga Ghaeltacht Chiarraí Theas-an pobal a spreagadh i dtaobh rudaí/ócáidí atá ag tarlú i gcomhar leis an bplean teanga |
| Saolré an bhirt: | Seacht mbliana |
| Costas measta iomlán: | €14,000 |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | €2000 |
| Foinse(í) maoinithe: | BPT |
| Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm: | Níl aon dúshlán ann seachas b'fhéidir suim na ndaoine a choimeád sa phlean teanga thar tréimhse seacht mbliana |
| Conas a shárófar an/na dúshláin sin | Fógraíocht úr nua mar gheall ar cúrsaí sa phlean ar bhonn rialta |
| Conas a dhéanfar monatóireacht ar éifeacht rathúlacht agus cur i bhfeidhm an bhirt | Aiseolas rialta ón gcoiste |

## MÍR 7: COSTAIS AGUS MAOINIÚ

Maidir le feidhmiú na mbearta atá leagtha amach sa mhír seo, beidh gá ar an gcéad dul síos le Meitheal Pleanála Teanga Ghaeltacht Chiarraí Theas a bhunú (Beart 1). **Tá sé i gceist go bhfostófar oifigeach/ áisitheoir nó feidhmeannach pleanála teanga chun cúramaí agus bearta an phlean a bhainistiú, a éascú agus a choimeád sa tsiúl agus clár gníomhaíochta a leagan amach do gach beart i gcomhar leis na heagrais agus leis an bpobal áitiúil**. Cuirtear na costais a bhaineann le Oifigeach Oideachais/ Pleanála Teanga / Áisitheoir san áireamh sa chuid is mó de na bearta**. Is áisitheoireacht atá luaite leis na costais don phost sin ar** a bhfuil iarratas ar chomhmhaoiniú curtha ag an gCoiste chuig Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí. Is é €280,000 an costas measta seacht mbliana a bhaineann le post an áisitheora-oifigigh pleanála teanga.

| **Uimhir an Bhirt** | **Cur síos ar an obair** | **Cad tá Le déanamh?** | **Costas 7 mbliana** | **Costas in aghaidh na bliana** | **Ranganna** | **Cumasú** | **Deiseanna Labhartha** | **Feasacht** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1** | Meitheal Pleanála Teanga Chiarraí Theas a bhunú | Comhórdnóireacht | €14,000 Taisteal agus cothú | €2,000 | | | | |
| **2.** | Oifigeach Pleanála Teanga a fhostú | Aisitheoireacht, | €280,000 (tuarastal don áisitheoir) | €40,000 | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **3.** | An Ghaeilge a chur á húsáid i Early Years sa Choireán | Cleachtóir Naíonra a fhostú.<br><br>Ranganna a chur ar fáil do thuismitheoirí. | €45,500 | €6,500 | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **4.** | Clár feasachta teanga do thuismitheoirí agus leanaí | Ceardlanna le tuismitheoirí, ceardlanna le leanaí, aoi chainteoirí a thabhairt isteach, áiseanna a dhearadh agus a fhoilsiú (digiteach agus ábhar cruaidh) | €12,000 | €1,715 | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **5.** | Tacaíocht do Chuntóirí Naíonra | Réamh-mheasúnú, Ranganna agus seisiúin leanúnach tacaíochta | Cuimsithe in uaireanta an áisitheora | - | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **6.** | Feachtas feasachta faoin bpleanáil teanga sa | Cuairteanna baile Tús Maith a leathnú do 50 theaghlach sa | €49,000<br><br>(€7,000 sa bhliain) | €7,000 | | | | |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | teaghlach a chur sa tsiúl | cheantar | | | | | | |
| **7.** | Oifigeach Oideachas Gaeilge a fhostú (OOG) | | € 120,000 50% BPT, agus 50% BOOC. | €40,000 | | | | |
| **8.** | Bunscoileanna ag cur isteach ar aitheantas mar bhunscoileanna Gaeltachta | Aisitheoireacht & feachtas feasachta, cruinnuithe eolais a reachtáil. | Níl aon chostas ag baint leis seo (Tiocfaidh maoiniú ón Roinn Oideachais agus Scileanna) | - | | | | ✓ |
| **9.** | Cabhrú le polasaí Oideachais Ghaeltachta a chur i bhfeidhm | Aisitheoireacht & feachtas feasachta, cruinnuithe eolais a reachtáil. | Uaireanta an oifigigh/ Áisitheora curtha san áireamh | - | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **10.** | Clubanna Obair Bhaile a bhunú | Áisitheoireacht & feachtas feasachta, poiblíocht | €7,000 | €1,000 | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **11.** | Imeachtaí sóisialta tar éis scoile/club óige | Leas a bhaint as seirbhísí an Oifigigh Óige a bheidh á fhostú ag BOOC - 36 seachtain sa bhliain x 3 ionad | €154,000 | €22,000 | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **12.** | Ceardlanna cócaireachta, ealaíne srl a chur ar fáil trí Ghaeilge do thuismitheoirí | Eagrú Fógraíocht Áiseanna Uaireanta an áisitheora curtha san áireamh | €12,000 (Sé bliana atá i gceist) | €2,000 | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **13.** | Ciorcail chomhrá a chur ar bun i láithreacha éagsúla sa cheantar do ghrúpaí pobail | Eagrú na gciorcal, comhórdnóireacht & fógraíocht. Áisitheoireacht Curtha san áireamh | €18,000 (Trí bliana atá i gceist) | €6,000 | ✓ | | | |
| **14.** | Cúrsa Oiliúna do Oiliúnóirí | Scileanna teagaisc & áisitheorachta a thabhairt do ábhar teagascóirí Gaeilge | €10,000 (Trí bliana atá i gceist) | €3,333 | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **15.** | Ranganna aisteoireachta, drámaíochta as Gaeilge a reáchtáil | An Ghaeilge a chur chun cinn i slí taithneamhach i measc muintir na dúthaí | €13,000 (Cúig bliana atá i gceist) | €2,600 | | | | |
| **16.** | Féile/ Feis | Coiste Feis Uíbh | €49,000 | €7,000 | | | | |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gaeltachta a thosnú | Ráthaigh a chur ar bun agus feis bliaintiúil a eagrú agus a rith | | | | | | |
| **17.** | Tacaíocht leanúnach a thabhairt do Éigse na Brídeoige, ceann de phríomhfhéilte móra Ghaeltacht Chiarraí Theas | | €35,000 | €5,000 | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **18.** | Ranganna i dTeastas Eorpach sa Ghaeilge (TEG) a fhorbairt agus a reáchtáil sa LPT. | | €14,000 | €2000 | | | | |
| **19.** | An Ghaeilge a chur chun cinn sa CLG go háitiúil | Ciorcal chomhrá a bhunú agus oiliúínt teanga a chur ar thraenálaithe | €14,000 | €2,000 | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **20.** | Grúpa na Mairte - grúpa cainte a bhunú go seachtainiúil | Eagrú na gciorcal, comhórdnóireacht & fógraíocht. Áisitheoireacht | Uaireanta an áisitheora curtha san áireamh | - | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **21.** | Polasaí Gaeilge a fhorbairt ag choistí forbartha pobail / Tacaíocht teanga do oibrithe in oifigí pobail | Céimeanna a aithint agus cabhrú leis na gcoistí iad a chur i gcrích | Uaireanta an áisitheora curtha san áireamh | - | | | | ✓ |
| **22.** | Fógraíocht Gaeilge a bheith feiceálach agus le clos san earnáil gnó | Cabhrú le dearadh chomharthaíocht, foclaíocht, cumasú fóirne | Am an áisitheora atá i gceist | - | | | | ✓ |
| **23.** | Searmanais eaglasta a chur ar fáil as Gaeilge | Cabhrú leis na sagairt áitiúla ó thaobh cumasú agus comhórdnóireachta de | Níl costas ag baint leis seo | - | | | | ✓ |
| **24.** | Taighde ar mhór thionscal teanga | Coiste a bhunú, téarmaí tagartha a leagadh síos, taighde a dhéanamh, tuairisc a ullmhú, tús a | €15,000 | | ✓ | | | |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | chur leis an obair | | €2,500 | | ✓ | ✓ | ✓ |
| **25.** | Coiste a bhunú chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa Choireán | Coiste a bhunú – chun an teanga a chur chun cinn- gréasán comhoibrithe a bhunú agus lucht gnó agus seirbhísí a mhealladh chun an teanga a úsáid | €35,000- costias taistil, fógraíochta agus araile | €5,000 | | | | |
| **26.** | Poiblíocht a dhéanamh ar an bplean thar tréimhse seacht mbliana. | An suíomh gréasáin agus na meáin shóisialta a choimeád suas chun dáta go rialta agus fógraíocht úr nua a dhéanamh ar an bplean teanga. | €14,000 | €2,000 | | | | ✓ |
| | **Costas Iomlán na mBeartas thar 7 mbliana** | | **€910,500** | **€159,648** | | | | |

# MÍR 8: FEASACHT TEANGA AGUS POIBLÍOCHT

## 8.1. Réamhrá

Dála plean teanga ar bith, tuigeadh go raibh an fheasacht teanga agus an phoiblíocht lárnach agus fíorthábhachtach in ullmhú an phlean teanga san LPT seo ar dhá chúis:

1. Go mbeadh an pobal ar an eolas ar bhonn leanúnach faoi phróiseas na pleanála teanga
2. Go spreagfaí spéis, feasacht agus dílseacht sa phobal i leith an phróisis phleanála agus i leith an phlean féin i dtreo is go nglacfadh daoine úinéireacht ghníomhach phearsanta air.

Cuireadh an-bhéim, mar sin, ar rannpháirtíocht an phobail a spreagadh sa phróiseas pleanála trí úsáid a bhaint as na meáin. Tuigeadh chomh maith go raibh sé ina dhúshlán againn nach bhfuil sé de nós ag baill pobail i gcoitinne pleananna a léamh ach amháin nuair a bhaineann siad go dlúth lena saol féin. Féachadh chuige mar sin nach seilf mhaorlathach oifige amháin a bhí i ndán don phlean teanga áirithe seo ach chomh tábhachtach céanna go mbeadh sé le feiceáil go beo agus le léamh go suntasach ar iompar agus ar thiomantas an phobail i leith na teanga.

Braitheann forfheidhmiú éifeachtach plean ar bith, dá fheabhas é, ar dhílseacht daoine ina leith agus rannpháirtíocht ghníomhach an phobail ann. Tapaíodh deiseanna go minic i rith thréimhse ullmhúcháin an phlean chun eolas faoin bplean a scaipeadh agus chun tuairimí agus moltaí a fháil ón bpobal i dtaobh na mbearta difriúla a theastaigh uathu a bheith curtha san áireamh ann.


Tugtar cuntas anseo ar an obair leanúnach feasachta agus poiblíochta atá ar siúl san LPT seo chun feasacht i leith thábhacht na húinéireachta pearsanta ar an bplean a mhúscailt agus a chothú i measc an phobail agus rianaítear na céimeanna poiblíochta atá le glacadh ag an gceanneagraíocht ó fhoilsiú go forfheidhmiú an phlean.

## 8.2. Tús fheachtas na feasachta

Mar a míníodh i mír a ceathair den phlean seo, ba le linn na tréimhse réamhphleanála a cuireadh tús i ndáiríre le cothú na feasachta i leith an ghá a bhí le pleanáil teanga a thosú san LPT.

Mar a luadh cheana i Mír a Ceathair, mar chuid den obair réamhphleanála, scaipeadh suirbhé (ar líne agus cóipeanna crua) i measc phobal Ghaeltacht Chiarraí Theas i rith Samhradh na bliana 2015 agus baineadh úsáid ilghnéitheach as na meáin áitiúla agus na meáin shóisialta go príomtha chuige sin.

De réir a chéile, bhí eolas á roinnt leis an bpobal mar gheall ar an bpróiséas pleanála i slite éagsúla: m.sh. scaipeadh 1,000 bileog dhátheangach eolais le linn Seachtain na Gaeilge agus ba uirlis thábhachtach ann féin í an suirbhé seo chun forbairt na Gaeilge a choimeád i mbéal an phobail sa cheantar. Tá sampla den bhileog seo i bhFíor. 1 thíos:




Fíor 1: Bileog faoin bpleanáil teanga

Ina theannta seo ar fad, idir Eanáir 2016 agus Meitheamh 2016, rinneadh teagmháil le 25 eagraíocht agus coiste agus gnó áitiúil (feic Mír 4.2) agus lorgaíodh cruinniú leo chun cur i láthair gairid a dhéanamh dóibh ar an bpróiséas agus chun bearta teanga a phlé agus a shocrú leo.  D’fheidhmigh na cruinnithe seo mar fhóraim fheasachta teanga agus poiblíochta mar ag na cruinnithe seo, míníodh cén aidhm a bhí leis an bpróiséas pleanála seo agus scaipeadh eolas ar an bpobal faoina raibh i gceist le próiseas na pleanála agus leis an bplean féin.

**8.3. Pleanáil ar leithligh i gcomhair na feasachta**

De bharr na gcruinnithe ar tagraíodh dóibh thuas, bhí an scéal tar éis leathnú i mbéal an phobail go rabhthas ag ullmhú plean teanga. I dtreo is go mbeadh tuiscint níos iomláine ag an bpobal ar phróiseas na pleanála féin agus ar a lárnaí is a bhí a rannpháirtíocht ghníomhach féin ann, leagadh amach plean feasachta teanga don cheanneagraíocht a dhírigh ar aird an phobail a dhíriú ar a thábhachtaí is a bhí a rannpháirtíocht ghníomhach d'éifeacht an phlean. Sainíodh trí thréimhse san fheachtas feasachta agus poiblíochta seo:

1. An tréimhse roimh fhoilsiú an dréachtphlean:
2. Le linn fhoilsiú an dréachtphlean agus le linn an chomhairliúcháin phoiblí:
3. Tréimhse an fhorfheidhmithe

**An chéad tréimhse:** An tréimhse roimh fhoilsiú an dréachtphlean agus foilsiú an phlean

Aidhmeanna:

1. Muintir an LPT a chur ar an eolas faoi cad is plean teanga ann
2. Cur ina luí ar dhaoine seachtain i ndiaidh seachtaine gur ón bpobal a tháinig/ a thagann/ a thiocfaidh an plean-gur leosan an plean
3. Cur ar a shúile don phobal riachtanais agus seasamh páirtithe leasmhara éagsúla- scéalta ón seomra ranga, scéalta ón naílann, scéalta ón bhfeirm, scéalta idirnáisiúnta, cásanna staidéir, scéal ón gcistin srl.

**Leanúnachas na teachtaireachta céanna** (is leat an plean agus an teanga) a chur abhaile ar dhaoine seachtain i ndiaidh seachtaine.

**An dara tréimhse:** Le linn fhoilsiú an dréachtphlean agus le linn an phróiseas comhairliúcháin:

Aidhmeanna:

1. Úinéireacht i leith an phlean a bhronnadh ar mhuintir Uíbh Ráthaigh
2. Muintir na háite ag labhairt agus ag scríobh féna spriocanna
3. Aiseolas faoin dréachtphlean

Mar chéad chuid den phlean feasachta agus poiblíochta seo díríodh ar:

1. Ailt sa *South Kerry Advertiser*
2. Suíomh idirlín Gaeilge Uíbh Ráthaigh agus **Facebook**
3. Trí ghréasasód ar an bplean teanga
4. Éigse na Brídeoige 2017

**8.3.1. *South Kerry Advertiser***

Is nuachtiris fógraíochta saor in aisce í an South Kerry Advertiser a bhfuil dáileachán 50,000 in aghaidh na míosa aici. Bíonn sé ar fáil sna siopaí agus sna gnónna ar fud an LPT agus sna bailte agus ceantair cóngarach dó.

Seo sampla d'alt amháin a foilsíodh ann, cuir i gcás:

**Tá ranganna teanga go maith ach ní leor ranganna chun an teanga a athneartú**

Go minic, má chuirtear ceist faoin méid gur féidir le daoine a dhéanamh chun an Ghaeilge a athneartú sa Ghaeltacht, luann daoine ranganna nó ciorcal Gaeilge. Gan amhras ar bith tá ranganna agus ciorcail cabhrach ach ní leor iad chun an teanga a chur á labhairt arís- ní leor iad chun an teanga a neartú

Gan dabht ar bith, is í teanga an teaghlaigh nó an teanga a labhraítear cois teallaigh an teanga is mó a théann i bhfeidhm orainn go léir. Tar éis an tsaoil, tá Gaeilge nó Béarla nó Béarla agus Gaeilge againn ar fad toisc gur chualamar é, nó í, nó an dá theanga á labhairt agus á n-úsáid go nádúrtha sa bhaile agus sinn ag éirí aníos. Nuair a bhíonn an leanbh óg, piocann sé nó sí an teanga an teallaigh seo suas gan aon dua. Déanann sé nó sí amhlaidh gan cabhair ar bith ó leabhar gramadaí, ó fhoclóir agus gan dul i dtuilleamaí ceachtanna! Seo é an feiniméan a nglaotar an "sealbhú teanga" air! Is rud nádúrtha amach is amach é. As sin amach, beidh an teanga sin nó na teangacha sin ina sheilbh ag an leanbh. Ar chuimhnigh tú riamh air? Nach mór an t-éacht é! Nuair a rachaidh an leanbh ar scoil, beidh air nó uirthi ar ndóigh, foghlaim conas léamh, conas scríobh i gceart. Dúirt an sochtheangeolaí mór le rá Joshua Fishman tráth nach leor an scoil inti féin le teanga a thabhairt do leanbh- ní mór teanga na scoile agus teanga an teallaigh bheith mar an gcéanna agus ag obair le chéile chun go bhfásfaidh an leanbh aníos go nádúrtha leis an teanga. Mar sin, ná ligimis i ndearmad nach mbeadh teanga ar bith ag an leanbh murach teanga an teallaigh. Tá tábhacht mór lenár gcainte cois teallaigh mar sin. Is féidir an dá thine a adhaint sa tinteán mar sin, an tine féin (bíodh sí ina tine bhreosla nó aibhléise!) agus tine na teanga. Tá teanga an teallaigh ag teastáil in Uíbh Ráthach.

Cuireadh leaganacha aistrithe Béarla ar fáil chun go rachaidis i bhfeidhm ar a mhéad daoine agus ab fhéidir san LPT.

### 8.3.2. Suíomh idirlín Chomhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh agus leathanach *Facebook*

Cruthaíodh mír ar leith don phlean teanga ar shuíomh idirlín Chomhcoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh.





Fíor 3: Leathanach na Pleanála Teanga

Míníodh cúlra phróiseas na pleanála agus go raibh obair ar siúl chun an pobal a chur ar an eolas faoin bpróiséas seo agus taighde á dhéanamh chun an plean a fhorbairt. I dtreo is go mbeadh lucht léitheoireachta níos leithne ann ná cuairteoirí ar shuíomh idirlín an Chomhchoiste socraíodh go gcruthófaí leathananach Facebook (@gaeilge.uibh.rathaigh) ar leith don phróiseas na pleanála teanga, Gaeilge Uíbh Ráthaigh. Bhí sé i gceist dul i bhfeidhm ar a mhéad daoine agus ab fhéidir san LPT ag cur san áireamh go raibh leathanaigh *Facebook* in úsáid go han-choitianta chun an pobal a chur ar an eolas faoi scéalta agus imeachtaí reatha. Cuireadh nasc don leathanach seo ar shuíomh idirlín an Chomhchoiste chun an lucht léitheoireachta a choimeád ar an eolas faoina raibh ag titim amach ó thaobh pleanála agus imeachtaí de.




Fíor 4: Leathanach Facebook na Pleanála Teanga

Baineadh úsáid réasúnta leathan as Gaeilge Uíbh Ráthach, cuir i gcás, chun eolas faoi na bearta teanga nó na spriocanna le cur sa phlean a bhí na grúpaí agus na heagrais pobail a roinnt ar a chéile:




Fíor 5 a: Roinnt eolais ar leathanach Facebook na Pleanála Teanga




Fíor 5 b: Roinnt eolais faoi na bearta ar Facebook

Baineadh úsáid as chomh maith d'fhonn eolas ar an suirbhé taighde a scaipeadh agus daoine a mhealladh leis an gceistneoir a líonadh ar *Surveymonkey*:




Fíor 5 c: Áis taighde don phleanáil teanga

Mar sin, is áis an-tábhachtach í leathanach *Facebook* Gaeilge Uíbh Ráthaigh le feasacht i leith an phlean a mhúscailt agus a chothú agus bainfear úsáid thairbheach leanúnach as le linn tréimhse an chomhairliúcháin phoiblí agus le linn tréimhse forfheidhmiú an phlean féin.

**8.3.3. Trí ghréasasód/fhíseán ar an bPlean Teanga**

Chun rannpháirtíocht ghníomhach an phobail a spreagadh sa phróiseas pleanála tugadh faoi fhíseán a ullmhú bunaithe ar an bplean teanga a ullmhú le cur faoi bhráid an phobail. I mí na Samhna 2016, rinne an cheanneagraíocht socraithe le comhlacht áitúil léiriúcháin teilifíse faoi láthair chun an físeán seo a ullmhú bunaithe ar an bplean teanga féin. Ba í an aidhm a bhí ag an bhfíseán seo an plean féin a chur faoi bhráid an phobail i dtreo is go mbeadh eolas reatha acu air. Chomh tábhachtach céanna agus níos tábhachtaí fós b'fhéidir, bhí sé mar chuspóir ag an bhfíseán seo suim a spreagadh sa phlean i dtreo is go nglacfadh daoine úinéireacht air. Cuireadh béim ar a laghad cainteoirí laethúla atá san LPT agus toghairm á cur ar dhaoine dá bharr féachaint chuige go mbeadh rannpháirtíocht ghníomhach acu sa phlean. Dearadh an físeán de réir an struchtúr seo a leanas a cuireadh faoi bhráid an chomhlacht léiriúcháin, mar a léirítear i dTábla 8.2. thíos:

An Plean Teanga: Gearrscannán faisnéise

Tá sé i gceist scannán/físeán beag a dhéanamh ar an bPlean Teanga i nGaeltacht Chiarraí Theas

Fad an scannáin: 15-20n

Téama an scannáin: Léiriú don phobal ar a bhfuil sa phlean teanga do Ghaeltacht Uibh Ráthaigh agus úinéireacht a ghlacadh air

Moltaí do dhéantús an ghearrscannán

Trí chuid

Cuid A: (5 nóiméad?)

Tús: Radharcanna ar thírdhreach Ghaeltacht Chiarraí Theas le críochchomharthaí inaitheanta sna paróistí Gaeltachta uile

Radharcanna ar phobal Ghaeltacht Chiarraí Theas- anam na dúiche is ea na daoine-cultúr/ Guthú ar na radharcanna seo ag cainteoir áitiúil + Ceol sa chúlra: Staitisticí agus fíricí fén nGaeltacht ag teacht aníos ar an scaileán- graificí tarraingteacha/

**************************************************************************

Cuid B (8 nóiméad?) /

An plean teanga- agallamh le duine nó beirt den mheitheal pleanála.Na gníomhaíochtaí/spriocanna- duine ó gach eagras/earnaíl/ grúpa ag caint faoin sprioc amhán nó dhó atá roghnaithe acu/ Ceol sa chúlra anois is arís idir na seatanna agus seatanna gníomhaíochtaí

**************************************************************************

Cuid C (3-5 n?) Feidhmiú an phlean: Guthú ar radharcanna ar an tírdhreach. Míreanna ó scoláirí an Aonad Lán Ghaeilge Coláiste na Sceilge (taifeadtha ar i-fónanna) bunaithe ar dhán na teanga dar leo.

Tábla 8.2: Déantús an ghearrscannáin ar an bplean teanga

Sna gréasasóid seo, tugadh eolas cúlra faoi phróiseas na pleanála teanga féin, faoin taighde a deineadh mar chuid den phlean agus labhair daoine ó na coistí agus ó na pobail áitiúla faoi na bearta a bhí le cur sa phlean féin acu. Seo a leanas trí ghabháil scannáin, ceann ó gach gréasadód:




Fíor 6: Lártheachtaireacht an ghréasadóid

Faoi láthair agus an tuairisc seo á scríobh tá 7,834 daoine tar éis breathnú ar na gréasasóid seo. Bhí alt sa Kerryman ar 2 Feabhra a dhírigh ar an teachtaireacht a bhí ann:

A new series of webisodes outlining plans to promote the Irish language in South Kerry's Uíbh Ráthach Gaeltacht sounds a clear warning: the native language, a crucial element of the region's DNA, is in danger of dying.

What follows that sombre opening however is an enthusiastic, uplifting 15 minutes of film: the people of Uíbh Ráthach share with the world their dream of a region where the language is always within earshot, and outline how they plan to realise that dream. A language planning process began in South Kerry in late 2014, and in that time distinct local groups including parents, sports teams, business interests and more have shared their ideas at a number of consultations and through surveys.

Chomhchoiste Ghaeltachtaí Chiarraí Theas (CGCT) is the organisation charged with leading Uíbh Ráthach's language planning, and CGCT's Caitlín Breathnach said that process is almost complete.

"We're hoping to receive approval from the relevant bodies - namely Údarás na Gaeltachta and Roinn na Gaeltachta - within the next two months, before we begin a seven-year process of promoting the language.

"Our chief aim is to boost the number of people speaking Irish in a natural way around our peninsula, and to strengthen the language within each sector of the community.

"Some people have Irish, and we need to give them opportunities to use it. Others might not have as much, but we need to make it clear that any effort is welcome - using a small bit of Irish is better than not using it at all." The 'Gaeilge Uíbh Ráthaigh" Facebook page has in recent weeks shared the webisode series, which consists of three five-minute videos.


The videos highlight that the seven areas this plan concerns are currently home to just 83 daily Irish speakers - but several locals also outline the ideas they think can boost that figure.

"One thing that kept coming up at local meetings was the need for a homework club run through Irish, at which children can practice the language," An Dromod's Brian Ó Riordáin said."We also want to organise a 'Ciorcal Comhrá for our youth, and our hope is to get young people speaking while having fun."


While sustaining the language amongst the youth is an important aspect of the plan, those behind the process are clear that they want to get people of all ages using even cúpla focail. The videos outline plans to set up an Irish drama group for adults, as well as organising more opportunities for senior citizens to use the language.

To find out more about Uíbh Ráthach's language planning process, you can watch the videos on Facebook at 'Gaeilge Uíbh Ráthaigh', or contact the Comhchoiste at (066) 947 4888.


*Kerryman*




Fíor 7: Léiriú ar mháthair sa bhaile ag tógáil a híníne le Gaeilge chun béim a chur ar an seachadadh teanga sa teaghlach




Fíor 8: Leanaí Bhunscoil Bhaile N Sceilg sa ghréasasód





Fíor 9: Beart do Fhógraí as Gaeilge á léiriú sa ghréasasód

Sa chuid seo den ghréasasód táthar ag cur síos ar cheann de na bearta a leag Coiste Chathair Dónaill amach sa phlean teanga a bhain le réimse an ghnó (féach Mír 6, Beart 22).
Mar sin, chabhraigh na gréasasóid seo le haird an phobail a dhíriú ar a leochailí is a bhí an teanga san LPT agus ghríosaigh sé suim agus plé agus tuilleadh poiblíochta don phlean.

**8.3.4.Éigse na Brídeoige 2017**

Féile cultúrtha is ea Éigse na Brídeoige a eagraítear gach bliain i rith an chéad deireadh seachtaine i mí Feabhra. Bíonn na himeachtaí ar siúl in áiteanna éagsúla i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh i gCiarraí Theas. Bíonn téama éagsúil ann gach bliain a dheineann ceiliúradh agus iniúchadh ar ghné éigin de oidhreacht shaibhir chultúrtha agus sóisialta an cheantair. Le linn na hÉigse i mí Feabhra 2017, eagraíodh seimineár tábhachtach dar teideal: Ag an gCrosbhóthar – Uíbh Ráthach Dátheangach.




Fíor 10: Fógraíocht agus clár an tseimineáir

Craoladh An Saol Ó Dheas beo ó Ghaeltacht Chiarraí Theas ar Lá le Bríde 2017 agus tugadh poiblíocht don seimineár agus don phlean teanga lena linn.

Le linn an tseimineáir féin labhair seisear cainteoirí de chuid Ghaeltacht Chiarraí Theas faoina dtaithí ar an teanga agus ar an ról a ghlacann sí ina saol. Fáiltíodh roimh cheisteanna agus roimh mholtaí agus roimh thuairimí ón úrlár ag an deireadh nochtaíodh roinnt mhaith moltaí agus tuairimí faoi threo na pleanála teanga sa LPT lena linn. D'fheidhmigh an seimineár seo mar fhóram fheasacht teanga mar gur dhírigh sé aird daoine a bhí i láthair ar inmharthanacht na teanga san LPT.

**8.4. Forfheidhmiú an phlean agus cothú leanúnach na feasachta teanga**

Tá sé i gceist an-bhéim a chur ar fheasacht teanga agus ar phoiblíocht i gcomhthéacs fhorfheidhmiú an phlean chun rannpháirtíocht ghníomhach an phobail a spreagadh agus a dheimhniú. Ní mór go dtuigfidh muintir an LPT gur leo féin an plean. Caithfear struchtúr ar leith a bhunú chun freastal ar bhonn leanúnach ar chothú agus ar fhorbairt na feasachta agus na poiblíochta agus treoir a thabhairt ina leith don cheanneagraíocht agus do choistí agus eagrais teanga an LPT.

# MÍR 9: FEIDHMIÚ AGUS MONATÓIREACHT

**9.1. Ról na Ceanneagraíochta**

Mar a míníodh i Mír a Dó, bunaíodh Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh mar ghrúpa deonach in Aibreán 1998, agus tá stiúrthóirí/iontaobhaithe ar an gcoiste ó na ceantracha Gaeltachta éagsúla i dtrí pharóiste in Uíbh Ráthach, i. Baile an Sceilg agus an Gleann (Paróiste na Priarachta), An Lóthar agus an Gleann Mór (Paróiste Chill Chrocháin), An Dromod agus An Coireán (Paróiste na Dromoda). Fágann sin go bhfuil an Comhchoiste in inmhe agus oiriúnach araon d'fheidhmiú agus do mhonatóireacht an phlean.

Ba é an Comhchoiste a roghnaíodh mar cheanneagraíocht do phróiseas na pleanála teanga i gCiarraí Theas agus glacfaidh sé go fonnmhar anois leis an gcúram comhordú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú an Phlean Teanga féin agus monatóireacht a dhéanamh air de réir na gcritéar a leagfaidh Údarás na Gaeltachta agus an Roinn amach.

**9.2. Meitheal Pleanála Teanga Chiarraí Theas**

Mar a míníodh i mír a sé, bunófar struchtúr nua i gcomhar leis an gCeanneagraíocht chun an Plean Teanga seo a chur i bhfeidhm, í. Meitheal Pleanála Teanga Ghaeltacht Chiarraí Theas. Saineofar rólanna na Ceanneagraíochta agus na Meithle. Beidh ballraíocht na meithle seo ionadaíoch ar na coistí agus ar na heagrais phobail ónar bailíodh na bearta. Cuirfidh an mheitheal treoir chórasach leanúnach ar fáil do fhorfheidhmiú na mbearta éagsúla agus déanfaidh sí stiúrthóireacht ar an bpróiseas monatóireachta i gcomhar leis an gCeanneagraíocht, le hÚdarás na Gaeltachta agus leis an Roinn.

Tá sé i gceist go bhfostófar oifigeach/áisitheoir nó feidhmeannach pleanála teanga chun cúramaí agus bearta an phlean a bhainistiú agus a choimeád sa tsiúl agus clár gníomhaíochta a leagan amach do gach beart i gcomhar leis na heagrais agus leis an bpobal áitiúil. Beidh treoir leanúnach chórasach á cur ar fáil ag an Meitheal Pleanála Teanga i gcomhar leis an gCeanneagraíocht don oifigeach/áisitheoir pleanála teanga seo agus táscairí feidhmíochta á leagan amach do chúramaí agus do fhreagrachtaí an phoist.

**9.3. Stocaireacht agus forbairt na feasachta**

Leanfaidh an Comhchoiste i gcomhar le Meitheal Pleanála Teanga Ghaeltacht Chiarraí Theas leis an obair atá curtha sa tsiúl acu le trí bliana anuas le linn an phróiseas pleanála teanga chun leanúint den fhorbairt feasachta agus poiblíochta, ag baint úsáid as na meáin agus as slite iomadúla cumarsáide chun dul i bhfeidhm ar phobal an LPT chun cabhrú leo úinéireacht a ghlacadh ar an bplean teanga.

Tabharfar aird ach go háirithe ar fheachtais fheasachta teanga agus stocaireachta a mbeifear ag tabhairt fúthu mar chuid de chur i bhfeidhm an Phlean Teanga.

**9.4. Monatóireacht**

Cuirtear in iúl sna bearta teanga atá leagtha amach i Mír 6 go mbainfear úsáid as táscairí feidhmiúcháin rialta chun dul chun cinn nó easpa dul chun cinn a thomhas agus a mheas. Chuige sin, déanfar gach iarracht gréasán teagmhála agus dea-chaidreamh oibre a chothú ag tógáil ar an dúshraith comhoibrithe a mhaireann cheana féin idir Meitheal Pleanála Teanga Ghaeltacht Chiarraí Theas, an Comhchoiste agus na heagrais agus grúpaí eile sa phobal go háirithe iad siúd a ghlac páirt sa taighde agus sna cruinnithe poiblí (féach Mír 4). Cé go bhfuil tréimhse seacht mbliana luaite le cur i bhfeidhm an Phlean Teanga, aithníonn an Cheanneagraíocht go mbeidh gá le taighde leanúnach a dhéanamh i gcaitheamh na tréimhse sin chun monatóireacht a dhéanamh ar an bPlean agus d'fhonn é a leasú nó a athnuachan dá bharr.

Tá sé i gceist athbhreithniú eatramhach a dhéanamh ar bhonn bliantúil agus tuairisc a sholáthar. Chuige sin, toisc gur phleanáil ón talamh aníos atá i gceist, beidh ról lárnach ag na coistí agus ag na heagrais phobail a bhí páirteach i gcumadh agus i ndréachtadh na mbearta.

Déanfar monatóireacht rialta thomhaiste ar shonraí a thabharfadh le fios go mbeidh nó nach mbeidh mórfhís an phlean (féach leathanach 7) seo á baint amach:

- Líon na leanaí le Gaeilge ón mbaile a thosóidh sa naíonra
- Líon na leanaí le Gaeilge ón mbaile a thosóidh sna bunscoileanna Gaeltachta
- Suirbhéireacht leanúnach ar líon na gcainteoirí laethúla le cumas suntasach cumarsáide
- Líon na mbearta a chomhlíontar
- Gá le dul siar agus na bearta a athnuachan

Déanfar sainiú ar shlite agus ar mhodhanna nua le déileáil le laige ar bith a thiocfaidh chun cinn agus chun solais de bharr an athbhreitnithe eatramhaigh rialta.

Mar atá leagtha amach i mbeart 26, beidh Poiblíocht a dhéanamh ar an bplean teanga ar bhonn leanúnach thar tréimhse seacht mbliana i dtreo is go mbeidh eolas reatha ag muintir na háite ar staid an phlean teanga agus a gcuid suime a choimeád sa phlean agus sa teanga.

**Foinsí Tánaisteacha**

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta & Foras na Gaeilge. *Treoirlínte Pleanála Teanga*, Eagrán 3: Bealtaine 2016. Na Forbacha: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016. *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

Ó Giollagáin, C. & Charlton, M., 2015. *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaío ch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006–2011*. Na Forbacha: Údarás na Gaeltachta.

Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. & O'Brien, M., 2007. *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chríochnaitheach. B*aile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

O' Keefe, B., 2016, *Próifíl Dheimeagrafach agus Socheacnamaiochta Uibh Ráthaigh* 2016 (Leagan Béarla). Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh.

Rialtas na hÉireann, 2010. *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair

# AGUISÍNÍ

**Aguisín 1:** The Language Plan 2017: A Brief Summary

**Aguisín 2:** Comhfhreagras ón gComhchoiste leis An Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le teorainneacha oifigiúla na Gaeltachta agus an Polasaí Oideachas Gaeltachta 2017-2022

**Aguisín 3**: Comhfhreagras ón Roinn Oideachais agus Scileanna leis an gComhchoiste faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta agus bunscoileanna atá suite lasmuigh de theorainneacha oifigiúla na limistéar pleanála teanga Gaeltachta

**Aguisín 4:** Comhfhreagras ón gComhchoiste le hÉamonn Ó Neachtain-Údarás na Gaeltachta, maidir le teorainneacha oifigiúla na Gaeltachta

**Aguisín 5:** Comhfhreagras an Údaráis le Roinn na Gaeltachta maidir le Uíbh Ráthach agus an Próiseas Pleanála Teanga

**Aguisín 6:** Comhfhreagras ó Roinn na Gaeltachta le hÚdarás na Gaeltachta maidir le Plean Teanga Uíbh Ráthaigh chun críche Acht na Gaeltachta 2012

**Aguisín 7:** Na Toghranna & Na Bailte Fearainn laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht

**Aguisín 8:** Ceistneoir don Phobal

**Aguisín 9:** Ceistneoir do ranganna a cúig agus a sé sna bunscoileanna

**Aguisín 10:** Ceistneoir ar an nGaeilge san Eaglais

**Aguisín 11:** Altanna ón South Kerry Advertiser mar gheall ar an bpleanáil teanga in Uíbh Ráthach

# Aguisín 1

# THE LANGUAGE PLAN 2017: A BRIEF SUMMARY

**Introduction**

The Language Plan for the South Kerry Gaeltacht has been prepared for public consultation prior to being submitted to Údaras na Gaeltachta prior to a final submission for approval to the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht.

There are nine sections in the proposed plan which is written initially entirely in Irish. The following is a brief summary of each section:

**Section 1: The Language Planning Process**

This section provides an insight into the background of the process and the plan - i.e. 20 Year Strategy for the Irish Language 2010 and the Gaeltacht Act 2012. The Gaeltacht Act 2012 has given statutory effect to the implementation of the 20-Year Strategy for the Irish Language 2010–2030, and under the Act, a language planning process was instigated and a language plan will be prepared **at community level** for each Gaeltacht district. An Comhchoiste Gaeltacht Uíbh Ráthaigh was selected as the Lead Organisation in the preparation of the Language Plan. After a lengthy process of public consultation and research, the plan has now been prepared for submission. Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh will have seven years to implement the plan. The Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht will periodically review the implementation of the plans during the 7-year period.

**Section 2: The Lead Organisation**

This section contains information about the Lead Organisation: Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh (see http://uibhrathach.ie/).

**Section 3: An Overview of the Language Planning Area**

This section gives an overview of the current state of the area, including topography, population size and density, services, organisations and education in the area. It delineates

survey data on the Irish language. It shows that since the majority of daily speakers are included in Category C[4], it would be impossible for any planning process to reverse the situation overnight but language planning can, nonetheless, lead to an institutional strengthening of the language and motivate people accordingly to take an active part in the language plan.

**Section 4: An Overview of the Preparation of the Plan**

This section gives a brief description of the importance of public participation in the process of preparing the plan and of the research carried out in its preparation.

**Section 5: Research Results**

This section presents the results of primary research conducted in the course of preparing the plan on current use of, and attitudes to the language. The results show that considerable language attrition or decline has taken place and that the number of daily speakers is at an all time low. The Gaeltacht is endangered. The attitudes to the language however are very positive and there is an important resilience in the community to turn things around and engage in a plan for the survival of Irish as the living language of the community.

**Section 6: Language plans/ initiatives**

This section details the plans made by community, language and cultural organisations to halt the serious decline of the language over the next seven years. The starting point is intergenerational transmission (the language being spoken and used in the family) and it is also the very kernel of language planning. There must be vibrant links between family school and community for the language to be loved and lived.

There are two important things about these initiatives:

[4] This means that less than 44% of the total population (3 years +) are daily speakers of Irish

1) People need to be given ability to learn and use the language (classes and conversation circles etc.) and to gain confidence to use the language with other users including fluent speakers
2) Opportunities need to be created in the community for people to use the language meaningfully in everyday situations.

The initiatives and proposals are grouped as follows:

**A.** Important initiatives and measures suggested by community groups related to the promotion of language at home and in preschool and the promotion of awareness among parents and the community of planning for the language. The language needs to be reborn within the home and the link between the family and school domain is critical.

These measures include:

1. Establishing an Irish unit in an ECCE setting in Waterville
2. The promotion of language awareness and support for parents to raise their children through Irish
3. Enhance the Irish language ability of ECCE practitioners to implement immersion pre-school education
4. To initiate a language awareness campaign and increase the number of families in the Tús Maith scheme from 35 to 50

**B.** Measures and initiatives relating to education and supports for parents of primary school children. Education is critical in planning for language revitalization. The link between the family and the school is extremely important. Children must use the Irish they learn in school outside the school and in the family. There is no point in learning the language if it remains in school.

These initiatives include:

1. Supporting primary schools in their application for designation as a Gaeltacht primary school
2. Encouraging the boards of management of the schools to implement immersion education in the Gaeltacht primary school
3. Starting a home work club for parents and children in Irish

**C.** Measures and initiatives to restore language learning opportunities in the community. During the interviews and public meetings people constantly stated that Irish was rusty. They also indicated that they did not have enough confidence and courage to speak Irish. The language must be given back to the people (i.e. people must learn it and re-learn it) and opportunities to learn and use it must be provided.

These initiatives include:

1. Cooking and art workshops through Irish
2. Establishing A Ciorcal Comhrá in the Gaeltacht parishes
3. A training of trainers course for facilitators of Irish language groups and activities
4. Acting and drama classes through Irish
5. Re-establishing a Feis Gaeltachta- a cultural festival
6. Establishing a ciorcal comhrá in the GAA clubs and extending the use of Irish in each club
7. Establishing a social club In Irish for senior citizens

**D.** Measures to promote the use of Irish in business and community services. Public support for the language is critical. The more the language is used daily in local businesses is better.

These initiatives include:

1. Provision of Irish language support for clerical and business staff in community groups and enterprises
2. Greater signage and visibility for the language in local businesses
3. More religious services and masses through Irish
4. The establishment of a group to investigate the possibly of establishing an Irish language tourism and language learning industry in the area.

**Section 7: Costs and Funding**

This section presents the total estimated costs related to the implementation of general measures and initiatives outlined in Section 6.

**Section 8: Publicity and Language Awareness**

This section shows how public interest in, and awareness of the language planning process have been fostered in the course of preparation of the plan.

**Section 9: Implementing and Monitoring**

This section shows how the lead organisation will monitor the implementation of the plan.

# Aguisín 2

**An Rúnaí,**
**An Roinn Oideachais agus Scileanna,**
**Sráid Mhaolbhríde,**
**Baile Átha Cliath 2**

2 Nollaig, 2016

A Chara,

Fearaimid fáilte mhór roimh *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair na bliana seo.

Is mór againn i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh anseo an deis a thapú agus plean teanga á réiteach de réir Acht na Gaeltachta 2012 chun cur ina luí ar údaráis bhunscoileanna na Gaeltachta seo cur isteach ar an bpróiseas le bheith incháilithe mar scoileanna Gaeltachta.

Tá comhairle uainn maidir le dhá bhunscoil in ár gceantar áfach.

Tá Bunscoil Naomh Fhionáin an Choireáin agus Scoil Chrocháin Naofa i gCathair Dónall suite lasmuigh de theorainneacha oifigiúla na Gaeltachta seo ach tá siad fós ag freastal ar leanaí Gaeltachta. Tá na cásanna seo amhlaidh toisc gur dúnadh roinnt bunscoileanna laistigh de theorainn na Gaeltachta idir na 1960dí agus na 1980dí agus de bharr na conascanna seo ní raibh an tarna rogha ag na clannaibh Gaeltachta ach a gcuid leanaí a chur go bunscoileanna atá suite lasmuigh den teorainn oifigiúil.

An bhfuil aon mholadh ann maidir lena leithéid de scoil bheith ag cur isteach ar aitheanas a fháil mar bhunscoil Gaeltachta?

Bheimis an-bhuíoch as aon treoir a d'fheádfadh sibh a chur ar fáil dúinn ina leith seo.

Is mise, le meas,

**Caitlín Breathnach**
**Bainisteoir**

# Aguisín 3

Oifig an Ard-Rúnaí
An Roinn Oideachais agus Scileanna

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Office of the Secretary General**
Department of Education and Skills

Caitlín Breathnach
Bainisteoir
Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh
Ceann Eich
Cathair Saidhbhín
Co. Chiarraí

**Uimhir thag: E1612981**

15 Feabhra 2017

**Maidir le: Comhfhreagras faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta agus bunscoileanna atá suite lasmuigh de theorainneacha oifigiúla na limistéar pleanála teanga Gaeltachta**

A chara,

Is mian liom tagairt a dhéanamh don litir 2 Nollaig 2016 uait faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 agus na pointí atá ardaithe agat faoi na cúinsí bhaineann leis an dá scoil atá suite lasmuigh de theorainneacha oifigiúla na limistéar Gaeltachta.

Is mian liom a chur in iúl duit go bhfuil an Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 dírithe go hiomlán ar na bunscoileanna, na hiarbhunscoileanna agus na suíomhanna luathbhlianta atá suite laistigh de theorainneacha oifigiúla na limistéar Gaeltachta (mar a leagtar amach faoi Acht na Gaeltachta, 2012).

Faoin *Polasaí don Oideachas Gaeltachta*, tabharfar cuireadh do na scoileanna atá lonnaithe sa Ghaeltacht iarratas a dhéanamh ar aitheantas mar scoileanna Gaeltachta. Dá bharr sin, agus chun do cheist a fhreagairt, ní ghlacfar le hiarratais ó scoileanna atá suite lasmuigh de na limistéir pleanála teanga chun aitheantas a fháil mar scoil Ghaeltachta, de réir téarmaí an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022.

Tá an Polasaí *don Oideachas Gaeltachta* bunaithe ar thaighde agus comhairliúchain forleathan le raon de pháirtithe leasmhara oideachais agus Gaeilge, ag an leibhéal náisiúnta agus sna pobail Ghaeltachta freisin.

Le gach dea-mhéin,

Seán Ó Foghlú
Seán Ó Foghlú
An tArd-Rúnaí

Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, Éire
Marlborough Street, Dublin 1 Ireland
+353-1-889 6400
+353-1-889 6798
secgen@education.gov.ie
www.education.ie

# Aguisín 4

# Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh

Ceann Eich, Cathair Saidhbhín, Co. Chiarraí
Fón: 066 - 947 4888, Faics: 066 - 947 8908, E-phost: ccnfteo@indigo.ie

*'ar scáth a chéile a mhairimid in Uíbh Ráthach'*

**Éamonn Ó Neachtain Uasal**
**Bainisteoir Réigiúnda**
**Údarás na Gaeltachta**
**Baile an Mhuilinn**
**An Daingean**
**Co Chiarraí**

13 Aibreáin, 2015

Éamonn, a chara,

Ar an gcéad dul síos ba mhaith liom buíochas a ghabháil leatsa, le Rachel agus le Annemarie as casadh le Fíona de Buis, Paddy de Buis, Micheál Ó Leidhin agus mé fein gCill Áirne Dé Céadaoin seo caite chun plé a dhéanamh ar cuid des na bun cheisteanna atá ag baint leis an bproiséas pleanála teanga in Uíbh Ráthach.


In achoimire, d'aontaíomar d'aon ghuth ag tús an chruinnithe ar dhá bhunphrionsabal a bheidh ag déanamh treoiriú ar an bpleanáil i leith na Gaeilge anseo in Uíbh Ráthach sa dá bhliain amach romhainn, i.

- Ní mór don bpróiseas pleanáil teanga do cheantar Gaeltachta féachaint chuige go gcaomhnófar agus go neartófar pobal labhartha na Gaeilge sa cheantar sin. Ní féidir é sin a dhéanamh muna dtógtar ionmharthanacht an phobail sin san áireamh. Chuige sin ní miste díriú ar sheirbhísí agus ar áiseanna ar a mbíonn an ceantar sin ag brath, agus ar phleanáil teanga i leith na n-áiseanna agus na seirbhísí sin, chun ionmharthanacht an phobail labhartha Gaeilge sa Ghaeltacht a chinntiú, fiú sa gcás go luíonn siad taobh amuigh de theora na Gaeltachta. Muna ndéantar sin, is ag lagú pobal labhartha na Gaeilge taobh istigh den nGaeltacht a bheifear.
- Sa gcás nach bhfuil rogha ag daltaí scoile Gaeltachta ach freastal ar scoil atá taobh amuigh de theora na Gaeltachta, tá sé de cheart acu teacht tar na seirbhísí tacaíochta teanga céanna is atá ar fail do dhaltaí eile Gaeltachta.

Deineadh plé ar an limistéar nadúrtha teanga agus scaipeadh léirscáil a dheineann soiléiriú ar an iomlánú tíreolaíoch atá de dhíth chun treisiú atá i gceist ins an chéad bhunprionsabal thuasluaite a bhaint amach. Aontaíodh gur cheart go mbeadh an Plean Teanga do Uíbh Ráthach dírithe ar an gceantar nádúrtha teangeolaíoch agus pobal, ag tógaint san áireamh bailte fearainn atá timpeallaithe ag an Gaeltacht agus bailte fearainn a dhéanfaidh iomlánú ar pobail nádúrtha. Tugann an léirscáil thíos pictiúr den limistéar teanga seo.

*Comhchoiste Ghaeltachtaí Chiarraí Theas Teo. Cláraithe i mBaile Átha Cliath, Éireann. Uimhir Chláraithe 360804. Uimhir Charthanachta CHY15390.*

**Stiúrthóirí:** Mícheál Ó Braonáin (An Gleann), Mícheál Ó Leidhin (Baile 'n Sceilg), Eibhlín Uí Churráin (Cumann Bhríde), Brian Ó Riordáin (An Dromoid), Bríd Ní Mhóráin (Cathair Dónall), Mícheál Ó Dubhghaill (CNF), Annemarie Uí Chonchúir (Údarás na Gaeltachta).



Tá sé tábhachtach a rá ag an bpointe seo nach bhfuilimid ag iarraidh aitheantas Ghaeltachta a bhronnadh ar an gcuid eile seo den leithinis mar tuigimid go maith go bhfuil an limistéar seo leagtha síos go reachtiúil.

Go sonrach, seo a leanas liosta des na bailte fearainn atá i gceist chun an t-iomlánú seo a bhaint amach, briste síos de réir cheantair / paróiste:

| Paróiste na Dromod | | Paróiste Chathair Dónall | |
|---|---|---|---|
| An Cúm Liath | Meal Uí Arcáin | Ard Caorach | Gowlanes |
| Cnoc Rua | An Spuncán | Inchees | Staigue |
| Inse na Scairte | An Binn Bán | An Ráithín | Scart |
| Lioslonáin | An Coireán | Ceapach Mór | Killeen |
| Cill a' Ghoirtín | An Baile Breac | Cathair Dónall | Sciathánach |
| Dromcaor | Baislaicean | Baile Uí Chearnathain | Neadanone |
| Cooravanaheen | An Tearmainn | Rathfield | Lios |
| Slahig | | Bracaragh | |
| Breachmhuigh | | An Comhad | |
| Gurránafoladh | | Garbough | |
| An Scairibh | | Behaghane | |

Níl aon bhailte fearainn breise i gceist i bParóiste na Priarachta (Baile 'n Sceilg, An Gleann). Is daonra thart ar 1,000 atá i gceist sna bailte fearainn seo ar fad agus a leath acu san i sráid bhaile an Choireáin agus an ceantar magúird.

Aontaíodh freisin go mbeidh socrú déanta ag an leibhéal cuí sa státchóras a chinnteoidh go mbeidh an tÚdarás ina phointe teangmhála aonair don Cheanneagraíocht Pleanála Teangan i leith an cheantair ina iomláine. Go praiticiúil, ciallaíonn seo go ndéanfadh an Comhchoiste gach éileamh do thacaíocht tríd an Údarás agus tríd an Údarás amháin.

Aontaíodh chomh maith go mbeidh an tÚdarás ansin i gceannas ar idirbheartaíocht a dhéanamh agus socruithe cuí a oibriú amach le páirtithe leasmhara eile (Foras na Gaeilge, Roinn na Gaeltachta) mar is cuí ó thaobh maoinithe na nimeachtaí teangan de.

Ag féachaint ar an dtarna bunprionsabal thuas, is cothromaíocht seirbhíse do leanaí Gaeltachta nach bhfuil de rogha acu ach clárú i scoileanna lasmuigh den Ghaeltacht – idir bhunscoileanna agus meán scoil - go bunúsach atá i gceist anseo. I dtéarmaí praiticiúla mar shampla, tá leanaí ag freastal ar Scoil Naomh Fhionáin sa Choireán agus ar Scoil Chrocháin Naofa i gCathair Dónall ón gceantar Gaeltachta. Faraoir, toisc go bhfuil na foirgintí scoile sin tógtha díreach lasmuigh de theorainn na Gaeltachta, níl Scéim na gCuntóirí Teanga ag feidhmiú agus ag tabhairt seirbhíse dos na leanaí Gaeltachta sin. Chun ionmharthanacht an ceantar Gaeltachta a chinntiú go meán agus go fad téarmach, caithfear a chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí ceanann céanna ar fáil do leanaí Gaeltachta beag beann ar sheoladh na scoile ina bhfuil siad ag staidéar más é a scoil áitiúil atá i gceist.

Tá go leor des na háiseanna go gcaithfidh muintir na Gaeltachta úsáid a bhaint astu lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht (sa Choireán agus i gCathair Dónall) mar shampla siopaí, hallaí pobail, tithe tábhairne, bialanna, gruagaire, Ionad Aos Oideachais, garáistí, dochtúirí, seirbhísí bainc, áiseanna spóirt, meánscolaíocht agus bunscolaíocht i gcásanna áirithe. Mar sin ní féidir muintir na Gaeltachta a ghríosadh chun an teanga a chaomhnú agus a fhorbairt gan glacadh leis sin agus pleanáil teanga dos na háiteanna sin a chur san áireamh.

Mar a aontaíodh ag an gcruinniú, ní fiú thabhairt faoi seo in aon chor muna dtabharfar faoi ar bhonn réalaíoch. Sé cuspóir an chóras pleanála teanga ná méadú a chur faoi líon na gcainteoirí Gaeilge sa cheantar. Chun an sprioc seo a bhaint amach agus chun go mbeidh an phlean chomh chuimsitheach agus réadiúil agus is féidir, caithfear é a fhorbairt bunaithe ar aonad nádúrtha teangeolaíoch agus is ar an mbonn sin a bheimid ag dul i mbun na pleanála. Ní athrú ar theorainn na Gaeltachta atá á lorg againn ach freastal cuí a dhéanamh ar an bpobal Gaeltachta seo.

Go raibh míle maith agat arís a Éamoinn as am a thógaint chun casadh linn chun an plé fíor thábhachtach seo a dhéanamh linn.

Is mise, le gach dea ghuí,



**Caitlín Breathnach**
**Bainisteoir**

# Aguisín 5

Údarás na Gaeltachta
Páirc Ghnó an Daingin, Baile an Mhuilinn, An Daingean, Co. Chiarraí.
Teil: (+353 66) 9150100 Facs: (+353 66) 9150101 ríomhphost: eolas@udaras.ie www.udaras.ie

**Seán Mac Eoin,**
**An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta,**
**Na Forbacha,**
**Gaillimh.**

6.5.2015.

**Tag: <u>Uíbh Ráthach agus an Próiseas Pleanála Teanga</u>**

A Sheáin a chara,

Ta cóip de litir de chuid Comhchoiste Ghaeltachta Uíbh Ráthaigh Teo, a cuireadh faoi mo bhráid le deireanas a dhéanann cur síos an cur chuige atá molta acu maidir le plean teanga a dhearadh do Limistéir Pleanála Teanga (LPT) Uíbh Ráthaigh faoi iamh.

Maidir leis an gcomhthéacs a thabhairt as a n-eascraíonn a moladh, dírítear aird na n-eagrais stáit ar roinnt fhíricí a léiríonn a thromchúisí is atá cúrsaí forbartha sa cheantar sin. Tá claochlú tar éis teacht go hiomlán ar an bpatrún daonra ó 1956 i leith nuair a leagadh amach an teorainn Ghaeltachta ann don gcéad uair. Mar shampla, níl fágtha de dhaonra sa LPT sin anois ach 1710 duine agus níl fágtha ag freastal ar an bpobal sin anois ach trí scoil san áit in mbíodh aon scoil déag. Tá an dlús daonra, seirbhísí, imeachtaí sóisialta agus pobail lonnaithe in "oileán" atá timpeallaithe ag an gceantar Ghaeltachta, 'is iad sin an Coireán, An Spuncán agus Binn Bán.

I bhfianaise na géarchéime, táimid san Údarás ar aon aigne le moladh na Ceanneagraíochta go luíonn sé le ciall go mbeidh an plean forbartha teanga ag díriú ar an gceantar in iomláine ar mhaithe le cuspóirí forbartha teanga agus pobail araon seachas ar na codanna Gaeltachta dó. Is é sin le rá, beifear ag dul i gcomhairle leis na sprioc ghrúpaí agus na páirtithe leasmhara sa phobal san aonad nádúrtha teangeolaíoch mar atá molta i ndoiciméad an Chomhchoiste. Beifear ag cur plean le chéile a chuirfidh an t-aonad tíreolaíochta iomlán seo san áireamh ó thaobh an phróisis comhairliúcháin/taighde agus an plean teanga á réiteach agus á fheidhmiú. Ó thaithí an Chomhchoiste agus iad i mbun na hoibre pleanála agus feidhmiúcháin le blianta fada, ní féidir neamhaird a dhéanamh ar na riachtanais, ar na deiseanna agus ar na lancaisí a imríonn tionchar ollmhór ar dinimicí aistrithe agus sealbhaithe teanga i bpobal logánta, leochaileach mar atá amhlaidh i gcás Uíbh Ráthaigh. Aontaíonn muid leo go gcaithfear aird a thabhairt ar seo agus na cúinsí 'ex-Gaeltachta' a dtógáil san áireamh in aon phlean atá le bheith curtha ós comhair an phobail, na Roinne agus ranna eile Stáit.

ARDOIFIG
Na Forbacha
Gaillimh
OIFIGÍ RÉIGIÚNACHA
Na Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall
Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo
Baile Mhic Íre, Co. Chorcaí

Chun ach sampla amháin a léiriú, de réir nádúr tíreolaíochta agus teangeolaíochta an cheantair, is ag freastal ar scoileanna nach n-áirítear iad mar scoileanna Ghaeltachta atá roinnt teaghlaigh Ghaeltachta. Fágann sé sin nach bhfuil fáil ag na teaghlaigh seo ar chuid de na scéimeanna atá á riaradh ag an Roinn faoi láthair. Is beag de rogha atá ag teaghlaigh i ngeall ar lonnú na scoileanna seo. Tá rogha le plé áfach mar chuid den bpróiseas pleanála agus an plean teanga á aontú, go mbeidh rogha agus cead ag na teaghlaigh seo tacaíocht a éileamh ar na scéimeanna seo.

De réir mhianta agus uaillmhian an Chomhchoiste, 'sé an aidhm fad téarmach atá leis an moladh seo ná go mbainfeadh an t-aonad nádúrtha teangeolaíoch mar atá sonraithe i gcaipéisíocht an Chomhchoiste aitheantas amach mar cheantar Ghaeltachta ag deireadh na tréimhse feidhme seacht mbliana. I bhfocail eile, go n-aontófar sa phlean ar chur chuige a thabharfadh slán méadú leanúnach ar líon na gcainteoirí laethúla laistigh agus lasmuigh den LPT.

Maidir le feidhmiú míreanna den bplean a bhainfidh le forbairt áiseanna, tograí agus seirbhísí sna codanna lasmuigh den LTP faoi mar atá aontaithe faoi láthair, beifear ag dul i gcomhairle le h-áisíneachtaí Stáit éagsúla le linn an phróisis comhairliúchán chun a dtacaíochtaí maoinithe a éileamh don bplean fad téarmach de réir mar a bheidh na míreanna éagsúla á n-aontú. Beidh an tÚdarás sásta idirghabháil a dhéanamh leis na h-áisíneachtaí seo. Ní bheifear ag súil go mbeadh an tÚdarás ná an Roinn ag déanamh maoiniú ar na codanna seo den bplean, ach beidh ról tacaíochta ag an Údarás ach go háirithe, ó thaobh dul i gcomhairle le Ranna Stáit eile gur acmhainn dóibh maoiniú a chur ar fáil. Ar chuid de na háisíneachtaí seo bheadh Foras na Gaeilge, Pobal, Páirtnéireacht Chiarraí Theas, An Comhairle Chontae, Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí agus Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte, mar shampla.

Tá súil againn gur féidir linn an cur chuige a aontú gan mhoill ionas gur féidir leis an gCeanneagraíocht dul i mbun oibre. In achoimre, 'séard atá á éileamh ná go mbeadh bunús réiteach agus feidhme an phlean teanga nua le tógáil ar an gceantar nádúrtha teangeolaíoch agus pleanála seachas a bheith srianta don limistéir Ghaeltachta. Murach an socrú seo a bheith aontaithe, ní fheictear dúinn go mbeidh bunús stuama, éifeachtach, ciallmhar leis an bplean nó lena bhfeidhmiú.

Le gach dea-ghuí,

Éamonn Ó Neachtain,
Bainisteoir Réigiúnach.

# Aguisín 6

An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

**Éamonn Ó Neachtain Uasal,**
**Bainisteoir Réigiúnda,**
**Údarás na Gaeltachta,**
**Baile an Mhuilinn,**
**An Daingean,**
**Co. Chiarraí.**

12 Lúnasa 2015

**Maidir le: Plean Teanga Uíbh Ráthaigh chun críche Acht na Gaeltachta 2012**

Éamonn a chara

Is mian liom tagairt a dhéanamh don litir 6 Bealtaine 2015 uait faoin ábhar thuas agus an cás atá déanta go dtabharfaí cead do Chomhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh plean teanga a ullmhú chun críche aitheantais faoi Acht na Gaeltachta ina chuimseofar ceantair faoi leith sa leithinis atá lasmuigh den Ghaeltacht oifigiúil. Ba mhaith liom a rá ag an tús go dtuigeann an Roinn na cúinsí agus na dúshláin a bhaineann le plean teanga a réiteach, mar atá sonraithe ag an gComhchoiste sa litir 13 Aibreán 2015 chugat.

Tar éis an cás a mheas,is mian liom a chur in iúl duit go mbeifear sásta plean teanga a scrúdú chun críche fhaomhadh an Aire faoin Acht ar na coinníollacha agus na tuiscintí a leanas:

1. Go mbeidh sé soiléir sa phlean a chuirtear faoi bhráid na Roinne in am trátha chun críche bheannacht an Aire cén chuid de a bhaineann go sonrach leis an Limistéar Pleanála Teanga Ciarraí Theas mar atá sé sainithe faoi réir Alt 7(3) den Acht agus cén chuid de nach mbaineann.

2. Go ndéanann an Comhchoiste rianú ar na bailte fearainn agus na toghranna ceantair neamh-Ghaeltachta atá beartaithe a chuimsiú mar chuid den phlean. – is féidir úsáid a bhaint as an mapa a bhí mar ábhar plé ag an gcruinniú shilfeá.

3. Gur ar cheantar oifigiúil Gaeltachta Uíbh Ráthaigh a bheidh an plean dírithe go príomha.

4. Fearacht gach ceann-eagraíochta eile a bheidh i mbun plean a ullmhú, go mbaintear úsáid chuí as faisnéis ón daonáireamh 2011 atá ar fáil sa *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011* atá foilsithe ag Údarás na Gaeltachta de réir mar a oireann mar bhunús teangeolaíoch an chuid den phlean a bhaineann le ceantar oifgiúil Gaeltachta Uíbh Ráthaigh – feic caibidil 4 de na Treoirlínte Pleanála Teanga.

5. Go mbainfear úsáid as na foinsí tacaíochta atá ar fáil taobh amuigh den Ghaeltacht nuair is féidir agus nach mbeidh an Roinn freagrach as aon chúnamh airgid faoi leith a chur ar fáil i leith aon togra, seirbhís nó áis a bhaineann le ceantar neamh-Ghaeltachta an phlean - mar atá aitheanta i do litir 6 Bealtaine.

6. Nach bhfuil sé le tuiscint, de thoradh an tsocraithe seo, go mbeidh an Roinn sásta géilleadh amach anseo d'aon chás a d'fhéadfadh a bheith déanta go gcuirfear le Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta Ciarraí Theas.

Maidir leis an gcás atá déanta go bhféadfadh an tÚdarás, ag brath ar an gcás, an cúram a ghlacadh air féin chun feidhmiú mar idirgabhálaí thar ceann an Chomchoiste mar a bhaineann sé le háisíneachtaí éagsúla stáit maidir le soláthar agus fobairt áiseanna, tograí agus seirbhísí i gceantair neamh-Ghaeltachta an phlean; ní bheadh aon ní ag an Roinn i gcoinne a leithéid i gcás Uíbh Ráthaigh.

Mar atá ráite sna Treoirlínte Pleanála Teanga beidh ról ag an Roinn féin i bplé le páirtithe leasmhara san earnáil phoiblí maidir leis na socruithe cuí a dhéanamh chun tacú leis an bpróiseas pleanála teanga ag an leibhéal áitiúil taobh istigh de na hacmhainní a bheidh ar fáil. Déanfar é seo tríd an ról comhordaithe atá ag an Roinn faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 agus tríd an ról atá ag an Roinn in aontú scéimeanna teanga le comhlachtaí poiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Ar mhaithe le soiléireacht, b'fhiú don Chomhchoiste, mar a pléadh ar 10 Lúnasa sonraí a chur le chéile de na scéimeanna/deontais éagsúla atá ar fáil sa ghnáth bhealach lasmuigh den Ghaeltacht ach nár éirigh leo a fháil ar chúis amháin nó ar chúis eile; luadh scéimeanna atá faoi stiúir an Fhorais ach go háirithe.

Le gach dea-ghuí

**Seán Mac Eoin**
Príomhoifigeach Cúnta
Rannóg Pleanála Teanga
Tel: 091 503705
sean.maceoin@ahg.gov.ie

c.c. Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh

# Aguisín 7

# Ciarraí Theas – Na Toghranna & Na Bailte Fearainn

| Na Toghranna | BF sa Ghaeltacht | BF nach bhfuil sa Ghaeltacht |
|---|---|---|
| **Na Beathacha** | An tOileán Buí | Inse na Scairte |
| | | An Cnoc Rua |
| | | An Com Liath |
| | | An Garrán Theas |
| | | An Garrán Thuaidh |
| | | Na Ráithíní |
| | | Cnoc an Éadain |
| | | Coill na gCaor |
| | | Doire Mór |
| | | An Com Díomhaoin |
| | | An Cheapach |
| | | Na Beathacha |
| | | Ceann Trá |
| | | Tír na hAidhle |
| | | Cill Ó gCnáimhín Theas |
| | | Cill Ó gCnáimhín Thuaidh |
| | | Na Corra |
| | | An Ghléib |
| | | An Com Dubh |
| | | Srúbh Gréine |
| | | |
| **An Baile Breac** | Na Cáintíní | An Cheapaigh Mhór |
| | Íochtar Cua | An Ráithín |
| | Gortnamachanee | An Baile Breac |
| | Na Grága | |
| | Inse Fhearann na gCléireach | |
| | An Seanchnoc | |
| | Na Tuairíní | |
| | Tuairín Uí Dhuinnín | |
| | | |
| **Ceannúigh** | Bun an Doirín | Meall an Ghiorcáin |
| | Ceannúigh | |
| | Com Dhá Stogha | |
| | Cois Chomarach | |
| | Drom Oireach | |
| | An Fhaill Dronnach | |
| | An Inse Bhuí | |
| | Caol an Phréacháin Thoir | |
| | Caol an Phréacháin Thiar | |
| | Cill Mhic Iarainn Thoir | |
| | Cill Mhic Iarainn Thiar | |
| | Málainn | |

| Na Toghranna | BF sa Ghaeltacht | BF nach bhfuil sa Ghaeltacht |
|---|---|---|
| **Doire Fhionáin** | Baile Fhinn | Baisleacán |
| | Cathair na Gaoithe | Ard Caorach |
| | Com an tSleabhcáin | Na hInsí Thoir |
| | Doire Fhíonáin Beag | Na hInsí Thiar |
| | Doire Fhíonáin Mór | |
| | An Fearann Iarthach | |
| | An Lóthar | |
| | An Rinn Iarthach | |
| | An Rinnín | |
| | Teamhair | |
| | | |
| **An tImleach** | Fearann na hAbhann | An Sponcán |
| | An Garraí Glas | An Scairbh |
| | Ceann Eich | Garrán na Fola |
| | Meall na hÓn | Clochán Cárthainn |
| | An Mhuiríoch | Achadh Tiobraid |
| | An Tulaigh | |
| | An Chluain | |
| | Imleach Draighneach | |
| | Imleach Lao | |
| | An tImleach Mór Thoir | |
| | An tImleach Mór Thiar | |
| | Imleach na Muc | |
| | Moing Uí Dhúda | |
| | An Rinn Rua | |
| | | |
| **Loch Luíoch** | An Chathair Bhearnach | An Coireán |
| | Clochbhuaile | An Bhinn Bháin |
| | Na Comáin | Saileachaigh |
| | An Gleann Beag | Cuar an Mhainchín |
| | | Drom Caor |
| | | Lios Lonáin |
| | | Cill an Ghoirtín |
| | | Na Tearmainn |
| | | Bréachmhaigh |
| | | |
| **An Trian Iarthach** | Formaoil | An Baile Ard Íochtarach |
| | Sosadh | An Baile Ard Uachtarach |
| | | Cill Ó Luaigh |
| | | Ard Costa |
| | | Imleach Péiste |
| | | An Cheapaigh Bhuí |
| | | Achadh Ghada |
| | | Athán Buí |

| | | |
|---|---|---|
| **Na Toghranna** | **BF sa Ghaeltacht** | **BF nach bhfuil sa Ghaeltacht** |
| **Cathair Dónall** | Com na hEorna Thoir | Cathair Dónall |
| | Com na hEorna Thiar | Baile Uí Chearnacháin |
| | An Gleann Beag | Páirc na Rátha |
| | Gort na Cille | Brá Chathrach |
| | An Ráth | An Comhad |
| | | Beitheachán |
| | | Garbhach |
| | | |
| **Doire Ianna** | Baile na Cille | Leitir Garbh |
| | Ceapaigh na gCrann | An Chluain Thiar |
| | An Caisleán | An Chluain Thoir |
| | An Cladrach | Ceann Cnóchoille |
| | Cluain Eachlainn | An Garrán |
| | Com an Spiara | Srón na hOirí Mhór |
| | Com an Bhóthair | Srón na hOirí Bheag |
| | Com Beatha | Cloichearach Beag |
| | Com Úra | Drom Darach |
| | An Chorrbhuaile | Cloch Fionn |
| | An Doirín | |
| | Doirín na Gaoithe | |
| | Doire Ianna | |
| | Drom na Coille | |
| | Duchoill agus Com an Bheannaithe | |
| | Gort an tSléibhe | |
| | An Chillín Liath | |
| | An Chnapóg | |
| | Lios an tSonnaigh | |
| | Meall na mBreac | |
| | Srón an Locháin | |
| | Tuar an Chladáin | |
| | Tuar Sáilín | |
| | Tulaigh Fhialáin | |
| | An Corrmhacha | |
| | Dúire | |
| | Drom an Longfoirt | |
| | | |
| **Baile an Sceilg** | Alachaí Mór | |
| | Bólas | |
| | Duichealla | |
| | Baile an Sceilg | |
| | Buaile Uí Chuill | |
| | Ceannúigh | |

| | | |
|---|---|---|
| | Clochán na nUagh | |
| | Na Cúla | |
| | An Com | |
| **Na Toghranna** | **BF sa Ghaeltacht** | **BF nach bhfuil sa Ghaeltacht** |
| | Currach na nDamh | |
| | Dún Géagáin | |
| | Cill Rialaigh | |
| | Cill Urlaí | |
| | Cinn Aird Thoir | |
| | Cinn Aird Thiar | |
| | Na Leadhba Liatha | |
| | Mill an Ghoilín | |
| | Ré na gCúl | |
| | | |
| **Máistir Gaoithe** | Cathair Samháin | |
| | Doire an Éadain | |
| | Dúire | |
| | An Dromaid | |
| | Na Gearreidhní | |
| | Inse na Toinne | |
| | Macha Ghrianáin | |
| | Máistir Gaoithe | |
| | Ochtaibh | |
| | | |
| **Toghroinn Fhíonáin** | Athghort | |
| | Alachaí Beag Thuaidh | |
| | Alachaí Beag Theas | |
| | Baile na bhFlann | |
| | Baile na hAbhann | |
| | Clochán Ceannúigh | |
| | Com an Cheoigh | |
| | An Gleann Iarthach | |
| | Cill Buaine | |
| | Cill Ón Chatha | |
| | An Leithead | |
| | Maoroisc | |
| | Oileán na gCánóg | |
| | Ráth Ciaráin | |
| | An Tuairín | |

# Aguisín 8

**Ceistneoir don phobal**

Tá Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Rathaigh ag déanamh roinnt taighde faoi láthair mar gheall ar an stádas reatha sa cheantar seo ó thaobh daonra agus cúrsaí eacnamaíochta agus shóisialta de. Beidh torthaí an taighde seo á úsáid againn mar úrlais chun iarrachtaí suantasacha breise a dhéanamh chun infheistiú stáit a mhealladh go dtí an ceantar, agus beidh sé lárnach freisin san obair ata ar siúl againn chun Plean don Ghaeilge a chur le chéile do thréimhse seacht mbliana. Ba mhór againn é dá dtógfá 10 nóiméad chun an suirbhé seo a líonadh, rud a bheidh ina chabhair iontach dúinn. Más é do thoil é, ná líon ach ceann amháin des na ceistneoirí seo in aghaidh an duine; ta fáilte roimh níos mó ná ceann amháin ó ghach tigh.

*Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh is undertaking some research at present in relation to the population and the current socio-economic status of this area. The results of this research will be used by us to make the best cases possible to attract further funding to this area, and it will also form an integral part of the seven year Irish Language Plan for the area which we are currently working on. We would be really grateful if you would take 10 minutes to complete this survey, which will assist us hugely in achieving these objectives. Only one survey per person please, but as many people as possible from each household completing the survey will be very helpful.*

Go raibh míle maith agat as an dtacaíocht seo!

**Mar gheall ortsa….About yourself**

1. An fear nó bean thú?
   - o Fear
   - o Bean

2. Cén aois thú?
   - o Faoi 18 bliana
   - o 19-29 bliana
   - o 20-44 bliana
   - o 45-64 bliana
   - o 65 bliana +

3. Cén toghroinn ina bhfuil tú id' chónaí?
   - o Baile an Sceilg
   - o An tImleach
   - o Tír Aniarach
   - o Naomh Fhionáin
   - o An Baile Breac
   - o Loch Coireán
   - o Doire Ianna
   - o Máistir Gaoithe
   - o Na Beitheacha
   - o Ceann Thuaidh
   - o Cathair Dónall
   - o Doire Fhionáin

4. An bhfuil cónaí ort
   - o Sa Ghaeltacht
   - o Lasmuigh den Ghaeltacht
   - o Nílim ró-chinnte!

5. Cén fhaid go bhfuil cónaí ort ag an seoladh seo?

6. An bhfuil cónaí ort
    - Id’ aonair
    - Le bean/fear céile nó páirtnéir
    - Le bean/fear céile nó páirtnéir agus leanaí
    - Le gaolta eile
    - Le daoine fásta eile nach bhfuil gaolta leat

7. Cén stádas fostaíochta atá agat faoi láthair? Cuir tic i ngach bosca a bhaineann leat

☐ Fostaithe go lán aimseartha
☐ Féin fhostaithe go lán aimseartha
☐ Fostaithe go páirt aimseartha
☐ Féin fhostaithe go páirt aimseartha
☐ Ní féidir liom obair a dhéanamh de bharr tinnis/míchumais
☐ Éirithe as, ar phinsean
☐ Eile (sonraigh led’ thoil)
☐ Cúramaí baile
☐ Mac léinn
☐ Ag lorg fostaíochta don chéad uair
☐ Dífhostaithe

8. Más fostaí thú, cén slí beatha atá agat?

9. Má tá tú féin fhostaithe go lán nó go páirt aimseartha, cén earnáil ina bhfuil an obair sin? Cuir tic i ngach bosca a bhaineann leat.

☐ Feirmeoireacht/talmhaíocht
☐ Iascaireacht
☐ Déantús táirgí
☐ Turasóireacht
☐ Oideachas/Oiliúint
☐ Eile (sonraigh led’ thoil)
☐ IT
☐ Tógáil/Innealtóireacht
☐ Siopa/tábhairne/bialann/eile
☐ Seirbhísí

**Mar gheall ar do chlann-About your extended family**

10. An bhfuil leanaí agat atá tar éis bhogadh ón gceantar?

- Tá
- Níl

Más rud é go bhfuil, abair linn cén bhliain a bhog siad agus cén áit ina bhfuil siad ina gcónaí anois

11. Más TÁ do fhreagra do Q10. Cén fath gur bhog na leanaí sin?

☐ Chun dul go dtí an coláiste

☐ Chun obair a fháil

☐ Chun a bheith in éineacht le páirtnéar/fear nó bean chéile/clann

☐ Chun dul ag taisteal agus taithí a fháil ar áiteanna éagsúla eile

☐ Eile (sonraigh led' thoil)

12. An bhfuil deartháireacha/deirfiúracha agat a bhog ón gceantar?
    - Tá
    - Níl

    Má TÁ, inis dúinn cén bhliain a d'imigh siad ón áit agus cá bhfuil siad ina gcónaí anois?

13. Más TÁ do fhreagra ar Q12, cén fath gur bhog na deartháireacha/deirfiúracha sin?

☐ Chun dul go dtí an coláiste

☐ Chun obair a fháil

☐ Chun a bheith in éineacht le páirtnéar/fear nó bean chéile/clann

☐ Chun dul ag taisteal agus taithí a fháil ar áiteanna éagsúla eile

☐ Eile (sonraigh led' thoil)

**Mar gheall ar an gceantar seo-About our area**

14. An bhfuil seirbhís maith a dhóthain iompar poiblí againn sa cheantar?

- Tá
- Níl

15. Más NÍL do fhreagra ar Q14, conas a chuirfeá feabhas ar an seirbhís seo?

16. Ag féachaint ar sheirbhísí poiblí agus pobail, abair linn na cinn atá ar fáil i do phobal agus abair linn freisin cé chomh tábhachtach is atá siad id'thuairim, agus an mbíonn siad in úsáid agat faoi láthair

| Seirbhís | Ar fáil go háitiúil | Tábhacht | In úsáid agam |
|---|---|---|---|
| Oifig an Phoist | | | |
| Siopa Áitiúil | | | |
| Tábhairne | | | |
| Bialann/Café | | | |
| Ionad Pobail | | | |
| Tithe shóisialta | | | |
| Seirbhísí Leighis | | | |
| Séipéal | | | |
| Scoil | | | |
| Ionad réamhscoile | | | |
| Seirbhís bus rialta go Cathair Saidhbhín | | | |
| Páirc Peile | | | |
| Gym Pobail | | | |
| Lóistín Turasóireachta | | | |
| Imeachtaí Turasóireachta | | | |
| Stáisiún na nGárdaí | | | |
| Seirbhís Béiltí ar Rothaí | | | |
| Béiltí & seirbhísí eile san ionad pobail áitiúil | | | |
| Seirbhís bailiúcháin brúscar déanta ag leoraí | | | |
| Banc na mBuidéal | | | |
| Seirbhís Brúscair Pobail (málaí réamhíoctha) | | | |

17. An ball thú d'aon ghrúpa pobail nó grúpa dheonach?

- Is ball mé
- Ní ball mé

18. Más rud é go bhfuil tú i do bhall de ghrúpa mar sin, cé méid uair a chloig a bhíonn tú gníomhach gach seachtain?

19. Cad hiad na grúpaí ina bhfuil tú gníomhach, más ball de ghrúpa pobail nó dheonach thú?

| |
|---|
| |

20. Ar chaith tú vóta ins na toghcháin seo a leanas?

| Toghchán | Chaith mé vóta | Níor chaith mé vóta | Ní chuimhin liom |
|---|---|---|---|
| 2011 Toghchán Uachtaránachta | | | |
| 2014 Toghcháin Áitiúla | | | |
| 2014 Toghcháin Eorpacha | | | |
| 2016 Oll Toghchán | | | |

21. Sa tábla thíos, abair linn cad a cheapann tú mar gheall ar do phobal trí tic a chur sa bhosca is cóngaraí dod' thuairim pearsanta

| | Aontaím go láidir | Aontaím | Nílim cinnte | Ní aontaím | Easaontaím go láidir | Níl a fhios agam |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tá caighdeán maith maireachtála ag daoine sa phobal seo | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá postanna maithe ag formhór na ndaoine sa phobal seo | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá an t-eacnamaíocht sa phobal seo comh láidir le pobail tuaithe eile | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tacaíonn daoine áitiúla go maith le gnónna áitiúla | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá gnónna áitiúla buíoch don tacaíocht áitiúil a fhaigheann siad | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá infheistiú ag teacht chun na háite seo | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá fiontraithe agus daoine féin spreagtha á ghiniúint ag an bpobal seo | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Is féidir le daoine le smaointí gnó tacaíocht agus | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| comhairle a fháil go háitiúil | | | | | | |
| Tá sé de chumas ag daoine ar mheán ioncam tigh a cheannach sa phobal seo | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá seirbhísí maithe poiblí ar fáil sa phobal seo | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá seirbhísí iompair pobail maith a dhóthain chun riachtanais áitiúla a chomhlíonadh | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá an seirbhís póilíneachta áitiúil maith a dhóthain | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá seirbhísí rialtais áitiúil anseo go maith | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tugann an rialtas áitiúil luach mhaith ar airgid | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá meas sa phobal ar nualaíocht | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá ar a laghad féile pobail amháin a chruthaíonn iontas agus sceitimíní sa phobal gach bliain | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá áiseanna spóirt agus caitheamh aimsire maithe sa phobal seo | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá áiseanna cruinnithe maithe sa phobal | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá muintir an cheantair spreagtha chun scileanna nua a fhoghlaim agus féin fhorbairt a dhéanamh | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá áiseanna maithe sa cheantar do dhaoine óga | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Feiceann tú go leor daoine sinsireacha atá aclaí agus sláintiúil sa cheantar | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá scoileanna agus seirbhísí den scoth sa cheantar | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tá féin chreidiúint ag an bpobal seo. | | | | | | |
| Táimíd den dtuairim gur féidir linn aon rud a bhaint amach má tá an tacaíocht ceart againn | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Níl aon fhadhb coiriúlachta ag an bpobal seo | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Níl aon fhadhb frith-shóisialta sa phobal seo | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Do dhaoine nua ag teacht go dtí an cheantar, tá deiseanna maithe ann chun páirt a ghlacadh sa phobal agus chun difríocht a dhéanamh sa phobal | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá daoine óga (aois 25-34) den dtuairim gur áit mhaith í seo chun cur futhu | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Beanaíonn daoine ar a chéile, fiú amháin muna bhfuil aithne acu ar a chéile | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá spásanna poiblí sa cheantar atá fáiltiúil do dhaoine | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá suim ag daoine sa nuacht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus cúrsaí reatha | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá deiseanna do dhaoine le riachtanais speisialta nó le míchumas intleachta a bheith páirteach sa phobal | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá deiseanna do dhaoine le míchumas fisiciúil a bheith páirteach sa phobal | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tagann grúpaí le chéile chun oibriú i dtreo spriocanna comónta a bhaint amach | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tá daoine tiomanta don bpobal seo- mothaíonn siad go láidir gurb í seo a n-áit féin | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá cultúr agus oidhreacht ar leith ag an bpobal seo agus tuigeann muintir na háite é sin | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá áiseanna maithe cultúrtha agus ealaíon sa cheantar | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Do mhuintir na dúthaí, tá an timpeallacht agus caomhnú na timpeallachta fíor thábhachtach | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá an t-uisce glan agus tá blas maith uaithi | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá seirbhísí maithe athchúrsála ar fáil go háitiúil | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá pleanáil agus forbairt déanta i slí inmharthanach | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Tá foirgintí in oiriúint don timpeallacht | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Caomhnóirí na timpeallachta iad na feirmeoirí áitiúla agus téann siad i mbun gnótha i slí atá báigiúil don timpeallacht | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |

**An Ghaeilge**

22. An bhfuil a fhios agat go bhfuil Plean Teanga á chur le chéile don cheantar seo faoi láthair?
    - Tá fhios agam
    - Níl fhios agam

23. Más rud é go raibh fhios agat faoin bPlean Teanga a bheith á ullmhú, ar ghlac tú aon cheann des na deiseanna seo a leanas chun do mholtaí a roinnt linn? Cur tic i ngach bhosca atá ábharach.
    - Chuaigh mé go cruinniú / seisiún eolais áitiúil
    - Líon mé isteach ceistneoir
    - Tá Gaeilge Uíbh Ráthaigh á leanúint agam ar Facebook
    - Bhíos i dteagmháil go díreach le hOifig an Chomhchoiste le mo smaointí agus moltaí

24. An labharann tú Gaeilge go minic?

- [ ] Gach lá laistigh den gcóras oideachais
- [ ] Gach lá lasmuigh den gcóras oideachais
- [ ] Go seachtainiúil
- [ ] Níos lú ná uair sa tseachtain
- [ ] Níl aon Ghaeilge agam

25. An bhfuil sé tábhachtach i do thuairim go mbeidh ár stádas Gaeltachta again don todhchaí?

    - Tá sé tábhachtach
    - Níl sé tábhachtach

**Conclúid – Conclusion**

# Aguisín 9

**Ceistneoir do ranganna a cúig agus a sé sna bunscoileanna mar gheall ar an nGaeilge**

**Tá daoine ag scríobh plean teanga don Ghaeltacht seo anois chun cabhrú le daoine níos mó Gaeilge a úsáid. Mar chuid de seo, ba mhaith linn a fháil amach fút féin agus faoi do chuid Gaeilge.**

**Ar mhaith leat cabhrú linn?**

**Go raibh mile maith agat as na ceisteanna seo a fhreagairt dúinn.**

**We are writing a language plan for this Gaeltacht to help more people to use Irish. As part of this work, we would like to find out a little about yourself and about your Irish.**
**Would you like to help us?**
**Thank you for answering these questions for us.**

1. Cá bhfuil cónaí ort?/Where do you live?

| |
|---|
| |

2. An cailín nó buachaill tú?/Are you male or female?
    - Cailín/Female
    - Buachaill/Male

3. Cén rang ina bhfuil tú?/What class are you in?
    - Rang a cúig/Fifth class
    - Rang a sé/Sixth class

4. Cén cumas Gaeilge atá agat?/What is your current level of Irish?
    - Cainteoir dúchais/Native speaker
    - Lán-líofa/Very fluent
    - Réasúnta maith/Reasonably good
    - Níl ach beagán Gaeilge agam/I have very little Irish
    - Níl Gaeilge ar bith agam/I have no Irish

5. An úsáideann tú Gaeilge sa bhaile?/Do you use Irish at home?
    - Úsáidim/Yes
    - Ní úsáidim/No

6. Má úsáideann tú Gaeilge sa bhaile cé chomh minic is a úsáideann tú í?
    - Gach lá/every day
    - Go minic/often
    - Go hannamh/seldom

7. Cé leis a labhraíonn tú Gaeilge an chuid is mó den am?/With whom do you speak Irish most of the time?
    - Leis an múinteoir/to the teacher
    - Le mo thuismitheoir(í)/caomhnóir(í)/to my parent(s)/guardian(s)
    - Le mo dheartháir(eacha)/dheirfiúr(acha)/to my brother(s)/sister(s)
    - Le mo chairde

8. Cad iad na teangacha a labhraíonn tú ag baile? What language(s) do you speak at home?
    - Béarla amháin/English only
    - Gaeilge amháin/Irish only
    - Gaeilge agus Béarla/Irish and English
    - Teanga(cha) eile/(An) Other language (s) Cén teanga?/What language? ___________________

9. Ar mhaith leat freastal ar an Aonad Lán-Ghaeilge i gColáiste na Sceilge? Would you like to attend the All-Irish Unit in Coláiste na Sceilge?
    - Ba mhaith/I would
    - Níor mhaith/I would not
    - Why?/Why not?

10. An raibh tú riamh ar chúrsa Gaeilge samhraidh/ciorcal comhrá/bunchlub/gliondar/Ranganna Gaeilge?/Did you ever attend a summer Irish course/bunchlub/gliondar/Irish Classes?
    - D'fhreastail mé/Yes
    - Níor fhreastail mé/No

11. Ar mhaith leat freastal ar chúrsa samhraidh Gaeilge?/Would you like to attend an Irish language summer course?
    - Ba mhaith/I would
    - Níor mhaith/I would not

12. Cé mhéad Gaeilge a labhair tú le seachtain anuas lasmuigh den scoil?/How much Irish have you used outside the school during the past week?
    - Labhair mé Gaeilge gach lá/I spoke Irish every day
    - Labhair mé Gaeilge anois is arís/I spoke Irish now and again
    - Is beag an méid Gaeilge a labhair mé/I spoke very little Irish
    - Níor labhair mé Gaeilge ar bith/I didn't speak any Irish

13. An labhraíonn tú le do chairde as Gaeilge lasmuigh den scoil?/Do you ever speak to your friends in Irish outside school?
    - Labhraím/Yes
    - Ní labhraím/No

14. An maith leat an Ghaeilge?/Do you like Irish?
    - Is maith/Yes
    - Ní maith liom/No

15. Cén chabhair is gá do leanaí chun cabhrú leo lena gcuid Gaeilge? What help if any is wanted for the children to improve their Irish?

# Aguisín 10

**An Ghaeilge san Eaglais/Irish in Church**
**Suirbhé mar chuid den Phlean Teanga**

**Mar chuid d'ullmhú an phlean teanga, bheimis an-bhuíoch dá líonfá an ceistneoir beag seo faoin nGaeilge san eaglais/As part of preparing a language plan, we would be most grateful if you complete this short questionnaire**

1. Paróiste/Parish
   - Dromod
   - Prior
   - Caherdaniel
   - 
2. Séipéal/Church
   - Our Lady of the Valley Cillín Liath
   - St.Finian's Spunkane
   - Ballinskelligs
   - The Glen
   - Caherdaniel
   - Castlecove
   - Lohar

3. Ar mhaith leat aifreann as Gaeilge a bheith sa pharóiste?/Would you like a mass in Irish in the parish?
   - Ba mhaith/Yes
   - Níor mhaith/No

4. Cé chomh minic is ar mhaith leat aifreann as Gaeilge/How often would you like a mass in Irish?
   - Gach seachtain/Every week
   - Gach coicís/Every two weeks
   - Uair sa mhí/Every month

5. Ar mhaith leat paidreacha ag gach aifreann/searmanas bheith as Gaeilge?/Would you like prayers in Irish at each mass/ceremony?
   - Ba mhaith/I would
   - Níor mhaith/I would not

6. Ar mhaith leat go dtabharfaí do rogha teanga duit agus tú ag iarraidh searmanas nó liotúirge ar an eaglais, m.sh aifreann príobháideach/tí, aifreann comórtha, baisteadh, adhlacadh?/Would you like to be given a language choice when requesting a ceremony or liturgy, e.g. private house mass/anniversary mass/baptism/funeral?
   - Ba mhaith/I would
   - Níor mhaith/I would not


7. Aon tuairim eile?/Any other comment?

# Aguisín 11



*'ar scáth a chéile a mhairimid in Uíbh Ráthach'*

# Pleanáil don Ghaeilge in Uíbh Ráthach
# Planning for the future of the Irish language



Pleanáil don Ghaeilge in Uíbh Ráthach – Planning for the future of the Irish language in Iveragh Cén fáth go bhfuil gá le plean teanga i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh?

Tá cloiste ag gach duine ag an bpointe seo fén bplean teanga don Ghaeilge sa Ghaeltacht seo. Eiseofar dréacht den phlean teanga ag deireadh na bliana seo, mar sin, tá sé tábhachtach tuiscint chruinn bheith againn ar cad is plean teanga ann. Mar sin is fiú an dá cheist seo a chur: cad is plean teanga ann agus cén fáth go bhfuil gá leis?

Bíonn orainn go léir pleanáil a dhéanamh gach lá, ó phleanáil do bhéilí, do laetha saoire go pleanáil do oideachas ár gcuid leanaí. Ní mór pleanáil a dhéanamh do theangacha chomh maith céanna ach ní chuimhnímid air sin mórán.

Fiú i gcás na mórtheangacha domhanda ar nós an Bhéarla agus na Spáinnise, bíonn pleanáil leanúnach ar siúl maidir le téarmaí nua a chumadh do réimsí mar theicneolaíocht, ríomhaireacht agus leigheas nuair a chruthaítear rud nua. I gcás teangacha atá timpeallaithe ag mórtheangacha domhanda agus i gcás teangacha atá faoi bhagairt a mbáis, bíonn gá le síorphleanáil chun úsáid na dteangacha sin a neartú, a leathnú agus a bhuanú.

Sin atá ag tarlú i gcás na Gaeilge anseo, áit a bhfuil an teanga faoi bhagairt. Tá gá le plean a chur le chéile chun go mairfidh an Ghaeilge mar theanga phobail agus i dtreo is go mbeidh líon na daoine a úsáideann go laethúil í ag fás de shíor. Sin an chúis gur leag Acht na Gaeltachta 2012 próiseas pleanála teanga amach don Ghaeltacht. Faoin Acht seo, tá na ceantair Ghaeltachta ag cur plean teanga le chéile.

Tá an próiseas seo ar siúl i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh le roinnt míonna anuas. Reachtáladh fócasghrúpaí le páirithe leasmhara agus sainíodh spriocanna atá le baint amach tríd an bplean. Beidh tréimhse cuíosach fada chun na spriocanna sin a chur i bhfeidhm agus muna bhfuil ag éirí linn an sprioc a bhaint amach, beidh deis againn an sprioc a athrú nó sprioc eile a chur ina háit. Murab ionann agus pleananna eile a scríobhadh go dtí seo, is é an pobal féin atá ag cur an plean seo le chéile. Níl ann do theanga ná do phlean gan phobal. Déan deimhin de breis eolais a fháil fén bplean ar ár shuíomh Facebook "Gaeilge Uíbh Ráthaigh" agus bíodh ionchur agat ann más suim todhchaí na teanga.


Eolas breise :- Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh, Ceann Eich, Cathair Saidhbhín, Co Chiarraí
Fón (066) 9474888 ~ Ephost ccnfteo@indigo.ie



Táimid buíoch dos na pobail Gaeltachta agus do Údarás na Gaeltachta atá ag tacú linn leis an dtionscnamh tábhachtach seo.


**Why do we need a language plan in the Uíbh Ráthach Gaeltacht?**

Everyone has heard at this point about the plan for the Irish language that is being put together for this Gaeltacht. A draft of the language plan will be issued by the end of this year, so it is important we have a clear understanding of what a language is. What is a language plan and why do we need such a plan?

We all need to plan every day, from planning for what we are going to have for dinner to planning our holidays to planning for our children's education. We also need to plan for language, but we don't think too much about this.

Even in case of major world languages such as English and Spanish, planning is ongoing daily. New terms for new things in technology, computing and medicine need to be coined and introduced.

For languages that are surrounded by major world languages and for languages under threat of extinction consistent planning is required to strengthen, expand and maintain these languages; otherwise, they will die.

That is happening in the case of the Irish here where the language is under threat. There is a need to put a plan together for the survival of Irish as a community language and so that the number of people using it daily begins to grow. That's why the Gaeltacht Act 2012 set out the language planning process in the Gaeltacht. Under this Act, all Gaeltacht areas are putting a language plan together.

This process is taking place in Uíbh Ráthach for some months now. Focus groups were held with interested parties and goals to be achieved through the plan were defined. We will have a relatively long period for these targets to be implemented. Unlike other plans written so far, the people themselves are putting the plan together. There is no language without the public. Make sure you get more information about the plan by keeping up to date with our Facebook Page "Gaeilge Uíbh Ráthaigh" and make sure your voice is included.



*'ar scáth a chéile a mhairimid in Uíbh Ráthach'*

# Pleanáil don Ghaeilge in Uíbh Ráthach
# Planning for the future of the Irish language

Make sure you get more information about the plan by keeping up to date with our Facebook Page "Gaeilge Uíbh Ráthaigh" and make sure your voice is included.



Tá ranganna teanga go maith ach ní leor ranganna chun an teanga a athneartú Go minic, má chuirtear ceist faoin méid gur féidir le daoine a dhéanamh chun an Ghaeilge a athneartú sa Ghaeltacht, luann daoine ranganna nó ciorcal Gaeilge. Gan amhras ar bith tá ranganna agus ciorcail cabhrach ach ní leor iad chun an teanga a chur á labhairt arís- ní leor iad chun an teanga a neartú Gan dabht ar bith, is í teanga an teaghlaigh nó an teanga a labhraítear cois teallaigh an teanga is mó a théann i bhfeidhm orainn go léir. Tar éis an tsaoil, tá Gaeilge nó Béarla nó Béarla agus Gaeilge againn ar fad toisc gur chualamar é, nó í, nó an dá theanga á labhairt agus á n-úsáid go nádúrtha sa bhaile agus sinn ag éirí aníos. Nuair a bhíonn an leanbh óg, piocann sé nó sí an teanga an teallaigh seo suas gan aon dua. Déanann sé nó sí amhlaidh gan cabhair ar bith ó leabhar gramadaí, ó fhoclóir agus gan dul i dtuilleamaí ceachtanna! Seo é an feiniméan a nglaotar an "sealbhú teanga" air! Is rud nádúrtha amach is amach é. As sin amach, beidh an teanga sin nó na teangacha sin ina sheilbh ag an leanbh. Ar chuimhnigh tú riamh air? Nach mór an t-éacht é! Nuair a rachaidh an leanbh ar scoil, beidh air nó uirthi ar ndóigh, foghlaim conas léamh, conas scríobh i gceart. Dúirt an sochtheangeolaí mór le rá Joshua Fishman tráth nach leor an scoil inti féin le teanga a thabhairt do leanbh- ní mór teanga na scoile agus teanga an teallaigh bheith mar an gcéanna agus ag obair le chéile chun go bhfásfaidh an leanbh aníos go nádúrtha leis an teanga. Mar sin, ná ligimis i ndearmad nach mbeadh teanga ar bith ag an leanbh murach teanga an teallaigh. Tá tábhacht mór lenár gcainte cois teallaigh mar sin. Is féidir an dá thine a adhaint sa tinteán mar sin, an tine féin (bíodh sí ina tine bhreosla nó aibhléise!) agus tine na teanga. Tá teanga an teallaigh ag teastáil in Uíbh Ráthach.

Eolas breise :- Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh, Ceann Eich, Cathair Saidhbhín, Co Chiarraí Fón (066) 9474888 - Ephost ccnfteo@indigo.ie Táimid buíoch dos na pobail Gaeltachta agus do Údarás na Gaeltachta atá ag tacú linn leis an dtionscnamh tábhachtach seo.

Language classes are good but they are not enough to restore the language. Often, we hear people talking about the need for language classes to revive or restore Irish in the Gaeltacht. Language classes are good but they are not sufficient in themselves to save the language. The language must be spoken in the home. Without a doubt, is it the family language or the language or languages spoken by the family fireside that affect us most. After all, we speak Irish or English or Irish and English because we heard them and saw them used naturally at home as we were growing up. A young child picks up the language of the fireside without any difficulty. He or she does so without any help from grammer, from a dictionary and without having to rely on lessons! This is called language acquisition! It is a completely natural! From then on, the child will always possess that language or these languages. Have you ever thought about it? That is some achievement! The famous sociolinguist, Joshua Fishman once said that the school alone cannot give language for life to the child. Do not leave it to the school! The school language and language of the hearth must be the same for the child to grow up naturally using and loving that language. So, let's not lose sight of the importance of any language used by the fireside with our children. This is and can be the language of life for any child. We can light more than a fuel fire in the hearth therefore; let us not forget the fire of language which will stay alight for life. This is what we need in Uíbh Ráthach.







# Pleanáil don Ghaeilge in Uíbh Ráthach
# Planning for the future of the Irish language

*'ar scáth a chéile a mhairimid in Uíbh Ráthach'*

**Make sure you get more information about the plan by keeping up to date with our Facebook Page "Gaeilge Uíbh Ráthaigh" and make sure your voice is included.**



Plean teanga i nGaeltacht Uíbh RáthaighTá géarghá le plean teanga éifeachtach do Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh. Cosúil le mionteangacha ar fud na cruinne, tá an Ghaeilge faoi bhagairt, cé gur teanga stáit í. Tá gá, mar sin, le plean maith réadúil córasach a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm chun go mairfidh an Ghaeilge mar theanga phobail agus i dtreo is go dtiocfaidh fás ar líon na daoine a úsáideann go laethúil í. Tá muintir gach Gaeltachta ag cur plean teanga le chéile anois. Tá an próiseas seo ar siúl i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh le roinnt míonna anuas. Reachtáladh fócasghrúpaí le páirithe leasmhara agus sainíodh spriocanna atá le baint amach trid an bplean. B'fhéidir gur fhreastail tú ar cheann de na cruinnithe a bhí ar fud na dúiche le tamall anuas chun do smaointe féin fén bplean seo a chur chun cinn. Murab ionann agus pleananna eile a scríobhadh go dtí seo, is é an pobal féin atá ag cur an plean seo le chéile. Níl ann do theanga ná do phlean gan phobal. Déan deimhin de breis eolais a fháil fén bplean ar ár shuíomh Facebook "Gaeilge Uíbh Ráthaigh" agus bíodh ionchur agat ann más suim todhchaí na teanga sa Ghaeltacht seo.

Eolas breise :- Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh, Ceann Eich, Cathair Saidhbhín, Co Chiarraí Fón (066) 9474888 ~ Ephost ccnfteo@indigo.ie Táimid buíoch dos na pobail Gaeltachta agus do Ú darás na Gaeltachta atá ag tacú linn leis an dtionscnamh tábhachtach seo.

A language plan in the Uíbh Ráthach Gaeltacht A good, effective language plan is badly needed for the Úibh Ráthach Gaeltacht. Irish at the moment, even though it is one of the languages of this state, is in a similar position to minority languages elsewhere in the world: under threat of extinction. Consistent, realistic and systematic planning is required to strengthen and maintain the language and to extent its use as a daily language. People in all Gaeltachtaí are now preparing a plan. This process has been taking place in Uíbh Ráthach for some months now. Focus groups were held with interested parties and goals to be achieved through the plan were defined. Perhaps you have already attended one of the community meetings and put your ideas forward. Unlike other plans written so far, the people themselves are putting this plan together. There is no language without the public.


LE GRAND TOUR IS COMING TO KERRY

NEW CITROËN C3
VIP PREVIEW EVENT
10 NOVEMBER



CITROËN

€500 DUNNES STORES VOUCHER
PRE-ORDER YOUR 171 CITROËN AND RECEIVE YOUR DEPOSIT BACK IN CHRISTMAS SHOPPING VOUCHERS♦

LE GRAND TOUR
BILLY NAUGHTON INVITES YOU TO LE GRAND TOUR
4 NEW MODELS | FREE WINTER CHECK | WIN A VIP WRC RALLY EXPERIENCE
An exclusive VIP preview of the unique new Citroën C3, PLUS three of our other very latest models. Our showroom will be filled with rally themed fun like driving simulators, our new C3 Rally Photobooth, a chance to win a VIP rally experience and other prizes. You can also bag yourself a FREE 24 point winter check voucher and find out about our amazing 171 offers across the range.

5 YEAR CITROËN EXTENDED WARRANTY

CRÉATIVE TECHNOLOGIE

citroen.ie

CONTACT US TODAY TO RESERVE YOUR VIP TICKET OR VISIT WWW.LEGRANDTOUR.IE
BILLY NAUGHTON LTD | CALL US NOW ON (066) 712 1863
MILE HEIGHT, KILLARNEY ROAD, TRALEE citroen.billynaughton.ie

CITROËN prefers TOTAL. Official Government Fuel Consumption Figures (range shown): combined cycle (litres per 100km/mpg) and CO2 Emissions (g/km). Highest: New Citroën C3 Puretech 68 manual: 4.7/60.1, 109 CO2. Lowest: New Citroën C3 BlueHDi 75 S&S manual: 3.5/80.7, 92 CO2. MPG figures are achieved under official EU test conditions, intended as a guide for comparative purposes only, and may not reflect actual on-the-road driving conditions. Model shown for illustrative purposes only. ♦€500 Dunnes Stores voucher available on all orders of 171 Citroën passenger vehicles ordered between 16/09/16 and 31/12/2016 from an authorised participating Citroën dealer in the Republic of Ireland. Terms and conditions apply, see citroen.ie for full details. 5 year or 100,000km (whichever comes first) Citroën warranty is made up of 3 years' manufacturer's warranty and 2 years' extended warranty.